

Gníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin

CARO
Eastern & Midlands
Climate Action Regional Office

Comhairle Contae Mhuineacháin

# PLEAN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE (2024-2029)

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| **Brollach** | **6** |
| **Achoimre Feidhmiúcháin** | **8** |
| **1 Réamhrá** | **10** |
| 1.1 Athrú Aeráide | 12 |
| 1.2 Cuspóir an phlean seo | 12 |
| 1.3 Comhthéacs an Bheartais Aeráide | 14 |
| 1.3.1 Beartas Idirnáisiúnta ar Athrú Aeráide | 14 |
| 1.3.2 Beartas ar Athrú Aeráide in Éirinn | 15 |
| 1.3.3 Pleanáil Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide | 16 |
| 1.3.4 Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide | 17 |
| 1.4 Díriú an phlean seo | 18 |
| 1.5 Comhthairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide | 20 |
| 1.6 Breithnithe Trasghearrthacha | 21 |
| 1.7 Ailíniú le beartas/tiomantais | 22 |
| 1.8 Faisnéis a Ghabhann leis | 24 |
| 1.9 Struchtúr an phlean seo | 25 |
| **2 Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe** | **26** |
| 2.1 Comhthéacs Mhuineacháin do ghníomhú ar son na haeráide | 27 |
| 2.2 Measúnú Riosca Athraithe Aeráide | 29 |
| 2.2.1 Príomhthorthaí an CCRA (Breathnaithe) | 29 |
| 2.2.2 Príomhthorthaí an CCRA (Tuartha) | 33 |
| 2.2.3 Rioscaí Aeráide Amach Anseo | 34 |
| 2.2.4 Teacht Aniar a Fhorbairt trí Oiriúnú | 35 |
| 2.3 Próifíl Astaíochtaí Chontae Mhuineacháin | 36 |
| 2.3.1 BEI Chontae Mhuineacháin – Príomhthorthaí | 36 |
| 2.3.2 Foinsí Astaíochtaí de réir Earnála | 37 |
| 2.4 Próifíl Astaíochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin | 41 |
| 2.4.1 An Dul Chun Cinn go dtí seo ar Astaíochtaí Comhairle | 42 |
| 2.5 Deiseanna Laghdaithe Astaíochtaí | 43 |
| 2.6 Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara | 45 |
| 2.6.1 Réamh-dhréacht-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara | 45 |
| 2.6.2 An Preas agus na Meáin | 47 |
| 2.6.3 Céim chomhairliúcháin phoiblí den Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (2024-2029) | 49 |
| **3 Creat Gníomhartha ar son na hAeráide** | **51** |
| 3.1 Léargas Ginearálta | 52 |
| 3.2 Fís agus Misean an Phlean | 52 |
| 3.3 Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha | 53 |
| 3.4 Rialachas agus Ceannaireacht | 56 |
| 3.5 Timpeallacht Thógtha agus Iompar | 61 |
| 3.6 An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | 74 |
| 3.7 Pobail: Teacht Aniar agus Aistriú | 82 |
| 3.8 Bainistíochta Inbhuanaitheachta agus Acmhainní | 88 |
| **4 Crios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin** | **95** |
| 4.1 DZ Bhaile Mhuineacháin: Léargas ginearálta ar shócmhainní agus ar sheirbhísí | 97 |
| 4.2 Príomhthorthaí ó Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI) an Chreasa Dícharbónaithe | 99 |

| | |
|---|---|
| 4.3 Astaíochtaí de réir Earnála | 100 |
| 4.4 Clár Deiseanna | 102 |
| 4.5 Maitrís Chlár Deiseanna an DZ | 103 |
| 4.6 Deiseanna Cumasaithe | 104 |
| 4.7 Limistéir Thosaíochta an Chreasa Dícharbónaithe, Cuspóirí agus Gníomhartha | 106 |
| 4.8 Gníomhartha an DZ - Rialachas agus Ceannaireacht | 107 |
| 4.9 Gníomhartha an DZ - Timpeallacht Thógtha agus Iompar | 109 |
| 4.10 Gníomhartha an DZ - an Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | 116 |
| 4.11 Gníomhartha an DZ - Pobail: Teacht Aniar/Aistriú | 119 |
| 4.12 Gníomhartha an DZ - Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní | 122 |
| **5 Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú** | **124** |
| 5.1 Pleanáil le haghaidh Cur i bhFeidhm | 125 |
| 5.2 Cistiú agus Comhpháirtíochtaí | 126 |
| 5.3 Rianú ar Dhul chun Cinn Gníomhartha ar son na hAeráide | 128 |
| 5.4 Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe | 129 |
| 5.4.1 Tuairisciú Inmheánach | 129 |
| 5.4.2 Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M agus T) | 129 |
| 5.4.3 Feidhmíocht na hEarnála | 129 |
| 5.4.4 An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide | 129 |
| 5.4.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | 129 |
| 5.4.6. Maoirseacht | 129 |
| 5.4.7 Comhoibriú | 129 |
| **Aguisín A: Gluais** | **130** |
| **Aguisín B: Giorrúcháin** | **133** |

# Liosta na bhFíoracha


| | |
|---|---|
| Fíor 1 - Fíor 1 - Maolú agus Oiriúnú don Aeráid. | 13 |
| Fíor 2 -Reachtaíocht agus comhthéacs beartais don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. | 14 |
| Fíor 3 - Scóip Údaráis Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (Foinse: na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023) | 18 |
| Fíor 4 - Comhthairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide | 20 |
| Fíor 5 - Clár 2030: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. | 23 |
| Fíor 6 - Struchtúr an Phlean. | 25 |
| Fíor 7 - Athrú Tuartha ar Dhaonra Chontae Mhuineacháin. | 28 |
| Fíor 8 - Amlíne na dteagmhas aimsire a thit amach i gContae Mhuineacháin idir 1985 agus 2022 | 30 |
| Fíor 9 - Minicíocht na dteagmhas a sainaithníodh de réir catagóire. | 31 |
| Fíor 10 Teagmhais aimsire agus tionchair a imríodh ar Mhuineachán a breathnaíodh. | 31 |
| Fíor 11 - Samplaí de thionchair a imríonn teagmhais drochaimsire i gContae Muineachán | 32 |
| Fíor 12 - An Céatadán de na hAstaíochtaí Carbóin Iomlána de réir Earnála | 36 |
| Fíor 13- Astaíochtaí Tráchtála agus Tionsclaíocha | 37 |
| Fíor 14 - Astaíochtaí Beostoic sa Chontae. | 37 |
| Fíor 15. Astaíochtaí Iompair de réir Saghas Feithicle (%) | 38 |
| Fíor 16 - An Beartas Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh | 38 |
| Fíor 17 - Astaíochtaí de réir saghas áit chónaithe. | 39 |
| Fíor 18- Saghas úsáide talún i gContae Mhuineacháin (km2) | 40 |
| Fíor 19 - Ídiú Fuinnimh CCM 2018 | 41 |
| Fíor 20 - Astaíochtaí Fuinnimh CCM 2018 | 41 |
| Fíor 21 - Astaíochtaí Foriomlána CCM 2018 vs 2022 | 42 |
| Fíor 22 - Suirbhé CCM | 45 |
| Fíor 23 - Íomhá den Cheardlann Phoiblí agus Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide | 46 |
| Fíor 24 - Íomhá den Cheardlann Foirne Inmheánaí um Ghníomhú ar son na hAeráide | 46 |
| Fíor 25 - Íomhá den Fhógra a cuireadh sa Northern Standard. | 47 |
| Fíor 26 - Torthaí Ardleibhéil ar Rannpháirtíocht an Phobail. | 48 |
| Fíor 27 - Clinicí um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Leabharlann Mhuineacháin | 49 |
| Fíor 28 - Bileoigín le clinicí comhairliúcháin a fhógairt. | 50 |
| Fíor 29 - Postáil Meán Sóisialta le cuireadh a thabhairt don phobal a dtuairim a nochtadh. | 50 |
| Fíor 30 - Creat gníomhartha ar son na haeráide i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin. | 52 |
| Fíor 31 - Limistéir Théamacha leis an CAP a Chur i bhFeidhm. | 53 |
| Fíor 32 - Gnéithe Limistéar DZ Bhaile Mhuineacháin | 96 |
| Fíor 33 - Limistéar DZ Bhaile Mhuineacháin | 97 |
| Fíor 34 - Miondealú ar Astaíochtaí sa DZ | 99 |
| Fíor 35. Astaíochtaí na hEarnála Tráchtála agus Poiblí. | 100 |
| Fíor 36. Astaíochtaí na hEarnála Iompair. | 100 |
| Fíor 37. Astaíochtaí na hEarnála Cónaithe. | 101 |
| Fíor 38. Astaíochtaí Beostoic. | 101 |
| Fíor 39 - Ceardlann Foirne an DZ. | 102 |
| Fíor 40 - Laghduithe tuartha ar astaíochtaí ar fud DZ Bhaile . | 105 |
| Fíor 41 - An Próiseas um Chur i bhFeidhm agus Tuairisciú. | 125 |
| Fíor 42 - Tionscadal Shliabh Beatha. | 126 |
| Fíor 43 - Soilsiú Poiblí CCM a Iarfheistíodh le LEDanna. | 127 |
| Fíor 44 - Tionscadal LEBM agus RAP. | 127 |

# Liosta na dTáblaí


| | |
|---|---|
| Tábla 1 - Breithnithe trasghearrthacha an chreata gníomhartha | 21 |
| Tábla 2 - Spriocanna DECA 2030 | 22 |
| Tábla 3 - Athrú tuartha ar mhinicíocht ghuaiseacha aeráide do Chontae Mhuineacháin faoin mbliain 2050 | 33 |
| Tábla 4 - Rioscaí Aeráide Tuartha amach anseo i gContae Mhuineacháin | 34 |
| Tábla 5 Astaíochtaí de réir Earnála | 36 |
| Tábla 6 - Deiseanna Laghdaithe Astaíochtaí do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus an contae iomlán | 43 |
| Tábla 7 - Prionsabail Rialachais Comhshaoil | 55 |
| Tábla 8 - Astaíochtaí sa DZ de réir Earnála | 99 |
| Tábla 9 - Maitrís Chlár Deiseanna an DZ | 103 |

# BROLLACH



Tugtar cuntas i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin ar ár n-uaillmhianta le Contae athléimneach agus faoi rath a chruthú do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn i gContae Mhuineacháin agus a thugann cuairt air. Leagtar amach sa phlean conas a oibreoidh an Chomhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú níos mó agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú inár bhfoirgnimh agus ár n-oibríochtaí, agus réigiún á dhéanamh de Mhuineachán atá níos athléimní don aeráid sna chéad 5 bliana eile amach romhainn.

Tá rannpháirtíocht an phobail i gceartlár an phlean. Tá ról ceannaireachta tábhachtach le glacadh ag Comhairle Contae Mhuineacháin i dtaobh dul i ngleic le hathrú aeráide, agus déanfaidh siad idirchaidreamh dearfach le cónaitheoirí agus le heagraíochtaí pobail agus amhlaidh á dhéanamh. Sheol an Chomhairle an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Nollag 2023 a cheadaíonn dúinn oibriú le grúpaí áitiúla chun cabhrú le pobail ísealcharbóin a chruthú, a dhíríonn ar théamaí cosúil le fuinneamh, taisteal, bia agus dramhaíl, athchúrsáil, agus gníomhú áitiúil ar son na haeráide.

Cuireann an Plean seo le cur i bhfeidhm rathúil na Straitéise Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide 2019 go 2024. Leanfaidh an Chomhairle freisin le ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, agus tabharfaidh siad bearta uaillmhianacha laghdaithe astaíochtaí isteach inár n-oibríochtaí féin, ar nós ár bhflít feithiclí a dhícharbónú agus ár stoc tithíochta sóisialta a iarfheistiú.



*Cathaoirleach*
*Co. Mhuineacháin*
*An Comh. David Maxwell*



*Príomhfheidhmeannach*
*Robert Burns*

Tá mar chuspóir ag na gníomhartha sa Phlean seo tionchar a imirt ar conas is féidir linn bogadh i dtreo todhchaí níos glaise agus atá neodrach ó thaobh fuinnimh de ar fud an chontae níos fairsinge. Mar Chomhairle déanfaimid éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i measc ár bhfoirgneamh poiblí, ár bhflít agus i measc sócmhainní eile agus laghdóimid astaíochtaí gás ceaptha teasa go comhuaineach trínár limistéir feidhme chun na spriocanna a leagadh amach a bhaint.

Bainfear triail phíolótach as bearta agus tionscnaimh spriocdhírithe laghdaithe astaíochtaí inár gCrios Dícharbónaithe i mBaile Mhuineacháin agus cuirfear na ceachtanna a fhoghlaimeofar ann i bhfeidhm ar fud ár gcontae.

Déanfaidh foireann thiomnaithe um ghníomhú ar son na haeráide monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn ar an bPlean seo agus oibreofar le gach roinn den Chomhairle, agus tacóidh grúpa stiúrtha ar leibhéal bainistíochta sinsearaí leo; agus oibreofar leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus le baill thofa.

Brollach

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN



Ullmhaíodh an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo chun an dúshlán méadaitheach a shárú a bhaineann le hathrú aeráide dár gcontae agus chun tacú leis an oibleagáid náisiúnta a bhaint a bhaineann le laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50%. Tá mar chuspóir ag an bplean todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach do mhuintir Mhuineacháin agus contae níos ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide a dhéanamh. Chuir comhairliúchán agus comhoibriú forleathan le Baill Thofa, le gach roinn laistigh den Chomhairle, le hÚdaráis Áitiúla máguaird, le hionadaithe gnó, agus leis an bpobal, eolas ar fáil d'fhorbairt an Phlean.

Leagtar amach sa Phlean conas a bheidh an Chomhairle freagrach as barr feabhais a chur ar athléimneacht aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i measc a sócmhainní, a seirbhísí, agus a bonneagair féin, dá bhfuil sí go hiomlán cuntasach, agus ról níos fairsinge ceannaireachta á léiriú i gcomhthráth i dtaobh tionchar a imirt ar earnálacha eile agus tacú leo agus iad a éascú lena spriocanna agus uaillmhianta féin aeráide a bhaint amach agus le litearthacht aeráide a mhéadú.

Cuirtear an comhthéacs beartais aeráide i láthair i Mír 1 den phlean do ghníomhartha ar son na haeráide ar fud an chontae. Tugtar Achoimre ar an mbonn fianaise i Mír 3 don phleanáil um ghníomhú ar son na haeráide sa chontae. Déantar scagadh anseo ar na príomhfhoinsí astaíochtaí chomh maith leis an mbaol a bhaineann le haeráid atá ag athrú. Sainítear sa Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide (Mír 3) an áit ba mhaith leis an Údarás Áitiúil a bhaint amach don chontae i dtaobh gníomhú ar son na haeráide trí Fhís agus Misean, Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí, agus Gníomhartha an Phlean. Sonraítear i Mír 4 den phlean Crios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin. Roghnaíodh an limistéar sainithe seo chun gníomhú mar bhinse tástála do réimse beart uaillmhianach um ghníomhú ar son na haeráide ar féidir iad a shíneadh chuig limistéir eile sa chontae, má éireoidh leo. Tugtar cuntas i Mír 5 ar conas a thuairisceoidh an Chomhairle ar bhonn bliantúil ar chur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus conas a chomhoibreoidh sí le pobail agus le hearnálacha eile chun tacú le gach saoránach chun geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus atá neodrach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Mhuineachán. Cuirfidh an Chomhairle an Plean seo i bhfeidhm agus teastóidh cur chuige uile-Chomhairle uaidh. Oibreoidh an Chomhairle go comhoibritheach agus i gcomhpháirtíocht freisin le réimse príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le soláthar an Phlean seo.



# 1 RÉAMHRÁ



**Tá ár n-aeráid ag athrú. Tá orainn obair go práinneach ar bhearta le foinsí agus cúiseanna an athraithe aeráide a chomhrac agus chun athléimneacht i dtaobh na dtionchar dosheachanta a imríonn ár n-aeráid athraitheach a oiriúnú agus athléimneacht a fhorbairt ina leith.**

Ceanglaítear go sonrach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 ar na hÚdaráis Áitiúla go léir in Éirinn Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh. Leagtar amach i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin conas a oibreoidh an Chomhairle i measc a seirbhísí agus a feidhmeanna agus i gcomhar le gníomhaireachtaí rialtais, gnólachtaí, pobail, an earnáil phoiblí, agus le páirtithe leasmhara eile, chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar oibleagáidí náisiúnta aeráide ar an leibhéal áitiúil.

Trí athrú aeráide a chomhrac, beidh orainn an bealach a chlaochlú a ghinimid fuinneamh agus athmhachnamh radacach a dhéanamh ar an mbealach a mhairimid, a thaistealaímid, a dhéanaimid gnó, a tháirgimid earraí, agus a dhéileálaimid lenár ndramhaíl.

Agus amhlaidh á dhéanamh, is féidir réimse fairsing sochar a bhaint amach don ghlúin reatha agus amach anseo, tithe níos teo, pobail bheoga agus athléimneacha, tírdhreacha atá saibhir ó thaobh bithéagsúlachta, sláinte agus folláine níos fearr, scileanna nua agus poist nua agus geilleagar áitiúil glas san áireamh.

#Gníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin

## FIS AN PHLEAN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

**Go mbeidh Comhairle Contae Mhuineacháin ina heagraíocht eiseamláireach a dhéanann gníomhaíocht a stiúradh, a spreagadh agus tacú léi chun Contae atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide, atá Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta, atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil agus ag a bhfuil Geilleagar Áitiúil atá Neodrach ó thaobh na hAeráide a bhaint amach.**



**Cumhdaítear sa phlean gníomhaíochta seo soláthar cúig bliana ó 2024-2029**

## 1.1 Athrú Aeráide

Tagraíonn athrú aeráide d'aistriú mórscála fadtéarmach ar phatrúin aimsire an domhain agus do mheánteocht, de bharr dé-ocsaíd charbóin (CO2) agus gáis cheaptha teasa eile a scaoileadh, cosúil le meatán (CH4) agus ocsaíd nítriúil (N20), le hatmaisféar an domhain.

**Gabhann gáis cheaptha teasa teas a fhágann dromchla an domhain agus cruthaíonn seo téamh san atmaisféar, a ardaíonn teochtaí domhanda.**

Léirigh fianaise an-láidir go bhfuil athrú tagtha ar an aeráid ón ré réamhthtionsclaíoch ar aghaidh. Deirtear go bhfuil gníomhaíochtaí an duine trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghintear ó bhreoslaí iontaise a dhó d'fhuinneamh agus athruithe ar úsáid talún mar chúis le téamh níos mó. Bhain teochtaí dhromchla an domhain sa tréimhse 2011-2020 1.1°C amach os cionn na dteochtaí sa tréimhse 1850-1900.

Cruthóidh an méadú domhanda ar theochtaí is cúis le hathrú aeráide níos mó tonnta teasa, triomaigh, báisteach throm, agus adhaimsir eile ar fud an domhain. Méadóidh na tionchair seo dóchúlacht agus tromchúis bhaoil éagsúil, tuile, imirce daoine, díobháil do bhonneagar, neamhdheimhneacht bhia agus caillteanas bithéagsúlachta san áireamh. Tá aeráid na hÉireann ag athrú ar aon dul le patrúin dhomhanda agus is léir an tionchar a imríonn seo tríd an méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine teagmhais adhaimsire agus na dtionchar a imrítear ar ár gcórais ríthábhachtacha thógtha agus nádúrtha.


## 1.2 Cuspóir an phlean seo

Daingnítear uaillmhian aeráide na hÉireann atá ina ceangal dlí chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Díreoidh seo an tír ar threocht i leith aeráid atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi dheireadh 2050, a sholáthrófar trí shraith Pleananna náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide.

D'ullmhaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an plean um ghníomhú ar son na haeráide 2024-2029 seo, lena leagan amach conas is féidir leis an Údarás Áitiúil aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus réimse bearta maolaithe, oiriúnaithe agus um ghníomhú ar son na haeráide eile a sholáthar i leith na n-oibleagáidí náisiúnta aeráide agus Chuspóir Aeráide Náisiúnta foriomlán an Rialtais, a lorgaíonn: ***tabhairt faoin aistriú chuig geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ag a bhfuil saibhreas bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide agus é a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050.***

**Baineann Athrú Aeráide a Mhaolú leis an mbealach a mhairimid, a ghluaisimid, a ídímid agus a dhéanaimid déantúsú, chun táirgeadh gáis cheaptha teasa dhíobhálacha a laghdú agus/nó a dhíothú agus áirítear leo freisin conas is fearr a bhainimid úsáid as ár dtalamh; agus**

**Baineann Oiriúnú d'Athrú Aeráide le déileáil le tionchair a imríonn athrú aeráide agus tá dul i mbun gníomhartha praiticiúla le rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (e.g., ó thuile, ardú leibhéal na farraige etc.) i gceist leo.**




*Fíor 1 - Maolú agus Oiriúnú don Aeráid*
*Foinse: Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Láir Tíre*

Maidir le cabhrú le haghaidh a thabhairt ar oibleagáidí náisiúnta aeráide, tríd is tríd, cabhraíonn an plean leis an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:


### Cuspóir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo:

- Tiomantas Chomhairle Contae Mhuineacháin a léiriú chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus leis na dúshláin chomhshaoil, shóisialta agus gheilleagracha.
- Cabhrú le pobail a chónaíonn i Muineachán tionchair an athraithe aeráide a thuiscint agus freagairt go héifeachtach dóibh.
- Tacú le Contae Mhuineacháin aistriú chuig geilleagar áitiúil atá neodrach ó thaobh na haeráide nach n-imríonn gníomhaíochtaí tionchar diúltach ar an aeráid. A chinntiú go gcuireann Muineachán rannchuidiú bríoch ar fáil i dtreo spriocanna náisiúnta agus domhanda um ghníomhú ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.
- An contae a shuíomh go leanfaidh sé de bheith iomaíoch agus mealltach le cónaí agus oibriú ann agus le cuairt a thabhairt air san aistriú chuig aeráidneodracht.
- Ceannaireacht a léiriú trí thionchar, éascú, comhordú, feasacht a mhúscailt, abhcóideacht agus comhpháirtíochtaí riachtanacha a shaothrú.
- Tacú le Crios Dícharbónaithe (DZ) Bhaile Mhuineacháin mar bhinse tástála do réimse bearta maolaithe agus oiriúnaithe aeráide, agus bearta bithéagsúlachta.
- Ullmhaíodh an plean seo i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023, agus cuireadh reachtaíocht agus beartas ábhartha náisiúnta aeráide san áireamh ann.

Réamhrá

## 1.3 Comhthéacs an Bheartais Aeráide

Spreagtar gníomhú ar son na haeráide tríd an bhfianaise eolaíochta a thacaíonn leis na torthaí atá ar thionchar daonna ar athrú aeráide agus leis an gconradh idirnáisiúnta is déanaí atá ina cheangal dlí maidir le hathrú aeráide, ina leagtar an creat amach d'fhreagairtí uaillmhianacha agus treisithe beartais, Comhaontú Pháras 2015. Tá an Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo suite laistigh de chomhthéacs níos fairsinge beartais, AE, náisiúnta agus aeráide earnála, dá réir sin.




*Fíor 2 - Reachtaíocht agus comhthéacs beartais don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide*

### 1.3.1 Beartas Idirnáisiúnta ar Athrú Aeráide

Aithníodh go dteastaíonn ó dhul i ngleic go rathúil le hathrú aeráide comhoibriú agus uaillmhian ar leibhéal idirnáisiúnta. Ó bunaíodh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC) in 1994, lorg tíortha comhoibriú idirnáisiúnta a fhorbairt chun an méadú a theorannú ar an meánteocht dhomhanda agus chun déileáil leis an tionchar a imríonn athrú aeráide a eascraíonn as na méaduithe seo ar theocht.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo, síníodh Comhaontú Pháras 2015 ag Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21).Conradh idirnáisiúnta atá ina cheangal dlí maidir le hathrú aeráide é Comhaontú Pháras 2015 a shínigh gach ceann de na 196 balltír, Éire ina measc, agus a cuireadh i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. Trí dhá sprioc a shainítear go soiléir, tugtar aghaidh i gComhaontú Pháras ar ghníomhú ar son na haeráide atá céimnitheach agus uaillmhianach le himeacht ama le hathrú aeráide baolach a sheachaint trí:

i. Meánmhéaduithe domhanda ar theocht a choimeád go mór faoi bhun 2°C agus tabhairt faoi iarrachtaí le teorainn a chur ar an méadú teochta i leith 1.5°C os cionn leibhéil réamhthtionsclaíocha; agus

ii. An cumas a mhéadú oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht aeráide a chothú.

Comhaontú Idirnáisiúnta eile ag a bhfuil dlúthcheangal le Comhaontú Pháras is ea Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe (an NA) i Meán Fómhair 2015. Tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) i gcroílár an Chláir. Tá mar aidhm ag na spriocanna seo "deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus saol agus ionchais gach duine, gach áit, a fheabhsú". Tá 169 sprioc sna 17 SDG atá le baint amach faoin mbliain 2030. D'iarr ceannairí an domhain in 2019 ar 'deich mbliana de ghníomhaíochta' chun na spriocanna a bhaint amach laistigh den amfhráma seo.

I mí na Nollag 2019, mar chuid de ghealltanais Chomhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip atá dírithe ar an gcéad ilchríoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh den Eoraip. Lorgaíonn an Comhaontú náid glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2050, le borradh geilleagrach a scaradh ó úsáid acmhainní agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Thug an AE sraith tograí isteach le beartais aeráide, chánachais, fuinnimh agus iompair an AE a ailíniú chun tacú leis an aidhm seo. Baineann laghdú ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar a laghad 55% a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus aeráidneodracht faoin mbliain 2050 a bhaint amach freisin le Dlí Aeráide na hEorpa, a rinne spriocanna atá ina gceangal dlí de na spriocanna seo.

## 1.3.2 Beartas ar Athrú Aeráide in Éirinn

Léirítear anois i mbeartas ar athrú aeráide in Éirinn uaillmhian an AE agus an uaillmhian sin a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. Ag oibriú i dtreo an Chuspóra Náisiúnta Aeráide, déantar geilleagar agus sochaí inbhuanaithe a chur chun cinn san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a achtaíodh an 23 Iúil 2023 ina mbaintear cothromaíocht amach d'astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ina sáraítear iad trí gáis cheaptha teasa a bhaint. Trí bhuiséid chéimnitheacha charbóin ar fud an gheilleagair, teorainneacha earnála, sraith straitéisí a ceapadh le meascán de bhearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur chun cinn, chomh maith le socruithe daingne maoirseachta agus tuairiscithe, tá beartas aeráide ag oibriú le hiarrachtaí a scálú aníos ar fud na sochaí uile ag oibriú le mórathrú a sholáthar ar ghníomhú uaillmhianach agus claochlaitheach ar son na haeráide go dtí 2030 agus tar éis sin go dtí 2050.

Is é an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, a seoladh an 21 Nollaig 2022, an dara nuashonrú bliantúil ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 de chuid an Stáit agus is é an chéad cheann a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus tar éis gur tugadh buiséid charbóin agus teorainneacha astaíochtaí earnála isteach ar fud an gheilleagair in 2022. Leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 treochlár go dtí 2025 i dtreo dul i mbun gníomh cinniúnach chun astaíochtaí a laghdú faoi dhó faoin mbliain 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh carbóin tráth nach déanaí ná deireadh 2050, faoi mar a ghealltar i gClár an Rialtais.

D'fhoilsigh Éire a céad Chreat um Oiriúnú Náisiúnta (NAF) in 2018, ina leagtar amach an comhthéacs lena chinntiú gur féidir le príomhearnálacha agus d'Údaráis Áitiúla measúnú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus an phríomhleochaileacht a bhaineann le hathrú aeráide, gníomhartha atá seasmhach ó thaobh na haeráide a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go ndéantar breithnithe um oiriúnú don aeráid a phríomhshruthú isteach i gceapadh beartais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leagtar amach i i láthair i Straitéis Fhadtéarmach na hÉireann maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú reatha na hÉireann bealaí táscacha, tar éis 2030, i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach d'Éirinn faoin mbliain 2050. Cuireann an Straitéis leis na bealaí dícharbónaithe a leagtar amach sna buiséid charbóin, teorainneacha astaíochtaí earnála, agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide náisiúnta, le beartas comhtháiteach agus éifeachtach aeráide a chinntiú. Buntacaíonn anailís ar roghanna aistrithe i measc gach príomh earnála den gheilleagar leis agus soláthraíonn sé nasc ríthábhachtach idir spriocanna aeráide 2030 na hÉireann agus an sprioc fhadtéarmach a leag Cuspóir Aeráide Náisiúnta na hÉireann agus Dlí Aeráide na hEorpa amach.

Foilsíodh Pleananna Earnála Oiriúnaithe don Aeráid i measc ranna Rialtais, mar fhreagairt don Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Sainaithnítear i ngach Plean na príomhrioscaí atá i gceist ar fud na hearnála agus an cur chuige a bhfuiltear ag tabhairt faoi chun dul i ngleic leis na rioscaí seo agus athléimneacht aeráide a fhorbairt amach anseo. Forbraíodh iad trí phróiseas pleanála oiriúnaithe sé chéim a chur i bhfeidhm a ndéantar cur síos air sna treoirlínte maidir le pleanáil earnála d'Oiriúnú d'Athrú Aeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Pléitear na hearnálacha seo a leanas sna pleananna: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Gréasáin Leictreachais agus Ghás, Gréasáin Chumarsáide, Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cáilíocht an Uisce, Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

Is ionann an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil, a shínigh Comhairle Contae Mhuineacháin i nDeireadh Fómhair 2019, agus gealltanas d'iarrachtaí a mhéadú agus glacadh le príomhról go háitiúil agus go náisiúnta i dtaobh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar. Leagtar dualgas ann ar gach Údarás Áitiúil ceannaireacht dhaingean a sholáthar i dtaobh gníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus cloí le SDGanna na Náisiún Aontaithe, ach go háirithe Sprioc 13 - Gníomhú ar son na hAeráide, anuas ar astaíochtaí a laghdú óna n-oibríochtaí féin agus comhoibriú agus dul i gcomhpháirt le fiontair áitiúla, grúpaí pobail, saoránaigh anuas ar earnálacha poiblí, príobháideacha, agus oideachais maidir le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.

Is é Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA 2030) an straitéis rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh in Aibreán 2021. Tiomantas uileghabhálach earnála atá sa straitéis i leith cur chuige comhtháiteach a chinntiú do ghníomhú ar son na haeráide i measc struchtúir riaracháin agus pholaitiúla na 31 údarás áitiúil go léir. Cuirtear in iúl sa straitéis ar leibhéal earnála intinn ghinearálta straitéiseach trí shuíomh ceannaireachta a bheartaítear, go dtabharfaidh an líonra Údarás Áitiúil faoi ghníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Is éard atá i gceist leis an straitéis ar an iomlán laistigh den earnáil ná comhdhearcadh ar an leibhéal is airde faoin gcur chuige i leith gníomhú ar son na haeráide agus tiomantas láidir don ról ceannaireachta forordaithe. Treochlár sainráite atá sa straitéis d'Údaráis Áitiúla i dtaobh na freagairtí riachtanacha dícharbónaithe agus oiriúnaithe d'athrú aeráide a sholáthar.

### 1.3.3 Pleanáil Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Neartaíonn Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil agus pobail, trí ghníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide. Is é an luach intreach atá ar an bplean um ghníomhú ar son na haeráide go nglacann sé le ról tábhachtach i dtaobh an tiomantas a neartú atá ag an earnáil rialtais áitiúil gníomhú ar son na haeráide a stiúradh ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, faoi mar a léirítear i straitéis rialtais áitiúil DECA 2030. Trína ullmhú agus a chur i bhfeidhm, cuirtear deis ar fáil i bplean um ghníomhú ar son na haeráide na Comhairle le páirtithe leasmhara criticiúla i measc pobal agus gnólachtaí a thabhairt le chéile le fís a chruthú do thodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin agus Údaráis Áitiúla eile ar fud na hÉireann san áit cheart cheana féin ar thús cadhnaíochta an ghníomhaithe ar son na haeráide sa tír seo. Glacann Comhairle Contae Mhuineacháin le ról tábhachtach i dtaobh bearta oiriúnaithe agus maolaithe a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail. Cuireadh de chúram orainn oibriú trínár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha leis na spriocanna aeráide uaillmhianacha náisiúnta agus an beartas ar leibhéal áitiúil a oibríochtú, chun cabhrú leis an gCuspóir Aeráide Náisiúnta a sholáthar.

Tá an plean seo mar chuid d'iarrachtaí níos fadtéarmaí óna dteastaíonn freagairt mharthanach agus phleanáilte chun tacú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail. Cuirtear meicníocht ar fáil ann le gníomhartha oiriúnaithe agus maolaithe a thabhairt le chéile chun cuidiú le torthaí agus le gníomhú dearfach son na haeráide a chur chun cinn ar fud an Údaráis Áitiúil agus Chontae Mhuineacháin. Cinntítear sa chreat gníomhartha aeráide a leagtar amach sa phlean go bhfuil ailíniú idir gníomhartha aeráide ar an talamh agus an fhís ardleibhéil atá mar sprioc ag an bplean a sholáthar.

Ullmhaíodh an plean seo i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Plean Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023.

## 1.3.4 Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Snáithe 1 den Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide - Pobail Ísealcharbóin a Thógáil, in 2023. Ciste €24 milliún é seo d'Údaráis Áitiúla fud fad na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus chun iad a thógáil.

Tá €3 mhilliún breise á sholáthar chun tacú le tionscnaimh pobail trasteorann agus uile-Oileáin um ghníomhú ar son na haeráide. Tá an cistiú seo mar chuid den Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, a bhfuil de chuspóir aige tacú le pobail chun tabhairt faoi thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide.

Pléifear i dtionscadail phobail atá incháilithe do chistiú féideartha na cúig théama seo a leanas:

- Fuinneamh
- Taisteal
- Bia agus dramhaíl
- Siopadóireacht agus athchúrsáil
- Gníomhú áitiúil ar son na haeráide agus an chomhshaoil

Theastaigh ón gciste seo Oifigeach Pobail tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAO) a cheapadh i ngach údarás áitiúil le pobail a threorú agus tacú leo ón gcéad lá. D'earcaigh an Chomhairle CCAO le riar an chiste seo a éascú.



## 1.4 Díriú an phlean seo

Glactar le díriú eagraíochta sa phlean seo, chomh maith le díriú ar fud an chontae ar ghníomhú ar son na haeráide.

Leagtar amach sa Phlean conas a bheidh Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as barr feabhais a chur ar athléimneacht aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú i measc a sócmhainní, a seirbhísí, agus a bonneagair féin, dá bhfuil sí go hiomlán cuntasach, agus ról níos fairsinge ceannaireachta á léiriú i gcomhthráth i dtaobh tionchar a imirt ar earnálacha eile agus tacú leo agus iad a éascú lena spriocanna agus uaillmhianta féin aeráide a bhaint amach agus le litearthacht aeráide a mhéadú. Tá seo riachtanach lena chinntiú gur féidir na tairbhí comhshaoil, sóisialta, agus geilleagracha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a bhaint go hiomlán.

Cruthaíonn seo deis do Chomhairle Contae Mhuineacháin breithniú a dhéanamh ar ár ról mar éascaitheoir agus mar chumasóir i dtaobh dhúshláin an athraithe aeráide a chomhrac. Tá príomhról le glacadh againn mar lucht tionchair laistigh de Chontae Mhuineacháin, ag oibriú leis an bpobal i gcoitinne agus le gnólachtaí áitiúla chun gníomhú dearfach ar son na haeráide a chur chun cinn.

| Cuntasacht Iomlán | Tionchair a Imirt | Comhordú agus Éascú | Tacaíocht a Thabhairt |
|---|---|---|---|
| Aghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide i limistéir laistigh dá shainchúram féin: foirgnimh, bonneagar, córais, oibríochtaí agus foireann féin an údaráis áitiúil ina measc. | Tionchar a imirt ar earnálacha agus ar phobail maidir le gníomhú ar son na haeráide.<br><br>**Díreach**: Soláthar/slabhraí soláthair agus prótacail foirne.<br><br>**Rialála**: Cinnteoireacht ar phleanáil agus forbairt, dramhaíl, fodhlíthe, caighdeáin a chur i bhfeidhm.<br><br>**Leathan**: Trí sheirbhísí ar fud an réimse feidhmeanna, beartú tosaíochta, infheistíocht a sheoladh etc | Iarrachtaí a chomhordú idir páirtithe leasmhara éagsúla e.g., Criosanna Dícharbónaithe agus a éascú trí chistiú a shainaithint, seifteanna rialála a úsáid. Comhoibriú le agus páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí maidir le gníomhú ar son na haeráide. | An fhís áitiúil a chruthú, cumarsáid a dhéanamh, feasacht a mhúscailt, cur chun cinn, acmhainní a fhorbairt. |

*Fíor 3 - Scóip Údaráis Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (Foinse: na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023)*

*Oibreoidh Comhairle Contae Mhuineacháin le tionchar a imirt ar, tacú le, agus daoine eile a chumasú a spriocanna agus a n-uaillmhianta féin aeráide a bhaint amach:*

**51%** Sprioc **Laghdaithe Astaíochtaí** ar fud na sochaí.

**Neodracht ó thaobh Fuinnimh** faoi thráth nach déanaí ná deireadh 2050.

*Laghdóidh Comhairle Contae Mhuineacháin a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa féin agus feabhsóidh siad a n-éifeachtúlacht fuinnimh ar aon dul le spriocanna náisiúnta d'Údaráis Áitiúla:*

**51%** **Laghduithe ar Astaíochtaí** *faoin mbliain 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2018.*

**50%** **Feabhas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh** *faoin mbliain 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2009.*




## 1.5 Comhthairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide

Tá i bhfad níos mó i gceist le tairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide ná astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus rioscaí aeráide a laghdú, faoi mar a léirítear i bhfíor 4.

Torthaí tairbhiúla iad comhthairbhí aeráide ó ghníomhú nach mbaineann go díreach le dul i ngleic le hathrú aeráide trí astaíochtaí a laghdú. I measc na gcomhthairbhí siúd tá aer níos glaine, cruthú post glas, tairbhí sláinte poiblí ó thaisteal gníomhach, agus feabhsú bithéagsúlachta trí spás glas a fhairsingiú etc.

Is féidir le gníomhú ar son na haeráide a sholáthraíonn comhthairbhí cabhrú le deiseanna a uasmhéadú dul i ngleic le dúshláin iolracha shóisialta, chomhshaoil, agus gheilleagracha, agus eascróidh éifeachtaí dearfacha as cuid den ról a bhaineann leis seo a sholáthar. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do chinntiú go n-oibríonn an plean um ghníomhú ar son na haeráide seo chun a mhéid comhthairbhí agus is féidir a bhaint amach.




*Fíor 4 - Comhthairbhí an ghníomhaithe ar son na haeráide*

## 1.6 Breithnithe Trasghearrthacha

Tá roinnt breithnithe trasghearrthach curtha san áireamh mar chuid den chreat gníomhartha ar son na haeráide de chuid an phlean seo.

| Díriú agus Beartú Tosaíochta an Ghnímh | Comhpháirtíocht agus Comhoibriú | Aistriú Cóir agus Cothroime | Comhthairbhí a Uasmhéadú |
|---|---|---|---|
| Sainaithníodh gníomhartha an phlean seo bunaithe ar a gcumas cabhrú le haghaidh a thabhairt ar oibleagáidí aeráide chun astaíochtaí a laghdú agus teacht aniar a fhorbairt.<br><br>Tabharfar tús áite do ghníomhartha agus tionscadail bunaithe ar an tionchar dearfach a imríonn siad ar an aeráid, na comhthairbhí iolracha a bhaineann siad agus an luach ar airgead a bhaineann siad amach sa chomhthéacs sin.<br><br>Glacfaidh an Chomhairle le cur chuige fianaisebhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar roghanna agus ar chinnteoireacht chun tacú le gníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm.<br><br>Úsáidfear foinsí iolracha cistithe/ deontais chun gníomhartha agus tionscadail a chur i bhfeidhm. | Oibreofar an plean seo i leith na samhla um ghníomhú comhoibritheach ar son na haeráide.<br><br>Teastóidh rannpháirtíocht, comhoibriú, agus comhpháirtíocht le réimse fairsing páirtithe leasmhara ón Rialtas ar leibhéal pobail, le haghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide chun gníomhartha an phlean seo a sholáthar.<br><br>Déanfaidh an plean seo smaointe, eolas, agus comhdhíograis pháirtithe leasmhara a chur chun cinn agus a shaothrú.<br><br>Tacaíonn an plean seo le comhpháirtíochtaí taighde le coláistí 3ú leibhéal agus le ollscoileanna agus le heagraíochtaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta níos fairsinge. | Seasann an plean seo le prionsabail an cheartais aeráide agus na cothroime.<br><br>Cinnteoidh an plean seo go dtacaítear leis na daoine i gContae Mhuineacháin is mó is leochailí agus a bhfuil an cumas is lú acu aghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide.<br><br>Tá an Chomhairle tiomanta do mhonatóireacht agus sainaithint a dhéanamh ar riachtanais agus ar easnaimh phobal agus glór agus tacaíocht a thabhairt lena chur ar chumas pobal dul i mbun gníomhú ar son na haeráide.<br><br>Déanfaidh an Chomhairle iarracht eolas a sholáthar atá éasca le tuiscint faoin aeráid, a thacaíonn leis na pobail is leochailí trí oideachas agus trí thacaíocht a thabhairt don ghá le haghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide. | Tá i gcur chuige na Comhairle i leith aeráidneodracht a chothú uaillmhian chun comhthairbhí iolracha a shainaithint agus a fhíorú, sa chás gur féidir.<br><br>Déanfaidh na comhthairbhí ar a ndírítear iarracht cosaint agus feabhsú na timpeallacht nádúrtha a bharrfheabhsú chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus folláine anuas ar thacaíocht do gheilleagar áitiúil glan agus glas. |

*Tábla 1 - Breithnithe trasghearrthacha an chreata gníomhartha*


## 1.7 Ailíniú le beartas/tiomantais

Tá an plean um ghníomhú ar son na haeráide seo comhsheasmhach leis **an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Creat um Oiriúnú Náisiúnta.** Cuireann **teorainneacha agus buiséid astaíochtaí earnála** eolas ar fáil don phlean a chabhraíonn le beartas rialtais a mhúnlú agus a chur ar an eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

Anuas air sin, tá an plean seo ailínithe le spriocanna straitéiseacha na straitéise Rialtais Áitiúil *Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA)*, a foilsíodh in Aibreán 2021. Leagtar amach sa straitéis earnála seo an tiomantas uileghabhálach i leith ceannaireacht ar ghníomhú ar son na haeráide le cur chuige comhtháiteach a chinntiú do ghníomhú ar son na haeráide i measc struchtúir riaracháin agus pholaitiúla na 31 Údarás Áitiúil go léir, i measc na 6 sprioc a dtugtar cuntas orthu thíos.

| | |
|---|---|
| **Sprioc 1:** | Rialachas, ceannaireacht, agus comhpháirtíochtaí a chothú do ghníomhú ar son na haeráide. |
| **Sprioc 2:** | Ár spriocanna astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 agus 2050 a bhaint amach. |
| **Sprioc 3:** | Aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don aeráid agus athléimneacht aeráide. |
| **Sprioc 4:** | Gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i bpobail áitiúla. |
| **Sprioc 5:** | Gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i bhfiontraíocht agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ionchuimsitheach atá neodrach ó thaobh fuinnimh. |
| **Sprioc 6:** | 'Aistriú cóir' a bhaint amach, go háirithe do phobail a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste geilleagrach trí thionscadail dícharbónaithe. |

*Tábla 2 - Spriocanna DECA 2030*



Aithnítear i **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)** 2022-2024 an Phlean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm go bhfuil ag an rialtas áitiúil *"ról ríthábhachtach le glacadh i dtaobh gníomhartha praiticiúla inbhraite a dhéanamh de bheartais náisiúnta ar féidir leo cabhrú le cuspóirí na SDGanna a dhaingniú isteach inár n-iompar agus ár spriocanna féin agus iad siúd de chuid ár bpobal."* Tugtar chun solais tábhacht an róil seo i gCuspóir Straitéiseach 2 sa dara Plean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm do SDGanna: *SDGanna a chomhtháthú isteach in obair Údaráis Áitiúil le tacaíocht níos mó a thabhairt do logánú na SDGanna.*

Léirítear na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe i bhFíor 5 thíos. Chuir na SDGanna seo go léir eolas ar fáil do na gníomhartha go léir a bheartaítear DZ Chontae agus Bhaile Mhuineacháin.




*Fíor 5 - Clár 2030: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.*

I gcaitheamh shaolré an phlean, tabharfaidh an Chomhairle aird ar an reachtaíocht, an beartas agus an dea-chleachtas reatha agus tá siad tiomanta i gcónaí do nuashonruithe ábhartha ar an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Creat Náisiúnta Pleanála, an Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil (an EPA) agus gach plean ábhartha eile Rialtais Áitiúil a bhreithniú agus a chomhtháthú.

## 1.8 Faisnéis a Ghabhann leis

Cuireann bonn fianaise daingean ag a bhfuil an fhaisnéis eolaíochta is cothroime le dáta, sonraí faoi astaíochtaí, measúnuithe riosca agus leochaileachta a bhfuil bunús leo, rannchuidiú páirtithe leasmhara agus measúnuithe timpeallachta, eolas ar fáil don phlean seo, chun cabhrú le gníomhartha a mhúnlú agus eolas a sholáthar dóibh. Gabhann trí iarscríbhinn leis an bplean seo ina soláthraítear gnéithe ar leith den bhonn fianaise agus de na measúnuithe timpeallachta a chuir eolas ar fáil don phlean. Ba cheart an plean um ghníomhú ar son na haeráide seo a léamh i gcomhar leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis:

Cuirtear bonn fianaise agus measúnú ar rioscaí athraithe aeráide agus tionchair ar sholáthar seirbhísí ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar fáil in **Iarscríbhinn A Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide (CCRA).**

Tugtar chun solais in **Iarscríbhinn B Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI) ar fud an Chontae** na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de limistéar riaracháin níos fairsinge Chomhairle Contae Mhuineacháin anuas ar astaíochtaí ó fhoinsí laistigh a bhfuil smacht iomlán ag Comhairle Contae Mhuineacháin orthu.

Sainaithnítear in **Iarscríbhinn C Crios Dícharbónaithe BEI** foinse na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) ó áiteanna laistigh de Bhaile Mhuineacháin mar an gCrios Dícharbónaithe laistigh den chontae.

Próiseas córasach é **Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA)** ina dtuartar agus ina measúnaítear na héifeachtaí dóchúla timpeallachta a bheidh ag plean a chur i bhfeidhm, lena chinntiú go dtéitear i ngleic leis na héifeachtaí seo go cuí ag an gcéim chuí is luaithe de chinnteoireacht. Gabhann Tuarascáil Chomhshaoil leis an bplean a ullmhaíodh i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. 435 de 2004, arna leasú ag I.R. 200 de 2011) le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

Leagtar oibleagáid i **dTuarascáil Tionchair Natura**, Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) ar údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar éifeachtaí gach plean agus tionscadail leis féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile ar láithreán amháin Eorpach nó níos mó (láithreáin Natura 2000) trí phróiseas ar a dtugtar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí. Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) iad láithreáin Natura do ghnáthóga agus do speicis. Tugadh faoi phróiseas foirmiúil Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí mar chuid d'ullmhú an phlean seo. I gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, gabhann Tuarascáil Tionchair Natura Chéim 2 leis an bplean seo.

## 1.9 Struchtúr an phlean seo

Cuireadh beartas agus reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta um athrú aeráide, an t-eolas is cothroime le dáta ar shaintréithe an athraithe aeráide agus ar a thionchair agus a thuartha don todhchaí san áireamh go hiomlán sa phlean um ghníomhú ar son na haeráide seo. Ag eascairt as an bpróiseas seo, leagtar an plean um ghníomhú ar son na haeráide seo amach i gcúig mhír:

**Mír 1 Réamhrá:**

tugtar tús eolais ar an bplean agus tugtar chun solais a chomhthéacs agus a chuspóir anuas ar na comhthairbhí a bhaineann leis an bplean seo a chur i bhfeidhm.

**Mír 2 Gníomhú ar son na hAeráide Fianaisebhunaithe:**

tugtar chun solais príomhthorthaí an bhoinn fianaise a forbraíodh chun eolas a chur ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide. Tá measúnú riosca ar athrú aeráide agus próifíl bhoinn astaíochtaí ar Chontae Mhuineacháin agus ar Chomhairle Contae Mhuineacháin chomh maith le rannchuidiú ag páirtithe leasmhara i gceist leis an mbonn fianaise.

**Mír 3 Creat Gníomhartha ar son na hAeráide:**

tugtar cuntas ann seo ar an gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar an bPlean, an Fhís agus an Misean, na Spriocanna Straitéiseacha, na Cuspóirí, agus na Gníomhartha san áireamh.

**Mír 4 Crios Dícharbónaithe Baile Mhuineacháin:**

dírítear ar Bhaile Mhuineacháin mar an gCrios Dícharbónaithe (DZ) a roghnaíodh, an Fhís don cheantar, na limistéir tosaíochta straitéisí agus na gníomhartha san áireamh.

**Mír 5 Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú:**

leagtar amach anseo cur chuige na Comhairle i leith gníomhartha a chur i bhfeidhm, dul chun cinn a thomhas, méadracht a úsáid chomh maith leis an mbealach a thuairisceoidh an Chomhairle ar ghníomhartha i gcaitheamh shaolré an phlean.

*Fíor 6 - Struchtúr an Phlean*

# 2

# GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE FIANAISEBHUNAITHE



**Cuirtear i láthair sa mhír seo an fhianaise oiriúnaithe agus maolaithe a leagann an bonn faoi phlean um ghníomhú ar son na haeráide Mhuineacháin: measúnú leochaileacht agus riosca an chontae, agus an fardal astaíochtaí gás ceaptha teasa. Áirítear leis, chomh maith, eolas ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a chabhraigh le heolas a sholáthar don phlean agus le hé a mhúnlú.**

## 2.1 Comhthéacs Mhuineacháin do ghníomhú ar son na haeráide

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin lonnaithe laistigh de Réigiún um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Láir Tíre (CARO). Tá achar thart ar 1,295km2 i gContae Mhuineacháin agus is é an 5ú contae is lú as tríocha a dó contae na hÉireann. Déanann an Cabhán, an Mhí, Lú, Ard Mhacha, Tír Eoghain agus Fear Manach teorainn leis agus, is é an contae intíre is faide ó thuaidh i bPoblacht na hÉireann, agus tá 90% de Mhuineacháin lonnaithe laistigh de 10 míle den teorainn le Tuaisceart Éireann.

Tá daonra 65,288 duine (an CSO, 2022) i gContae Mhuineacháin, arb ionann sin agus méadú 6% i gcomparáid le 2016. Contae tuaithe, den chuid is mó, atá i gContae Mhuineacháin, agus is í talmhaíocht an phríomhúsáid a bhaintear as talamh agus cuid ríthábhachtach í go fóill de gheilleagar an chontae.

**Rinne an oighearaois dheireanach Contae Mhuineacháin a mhúnlú go mór. Tá droimníní rollacha, lochanna agus bogaigh mar shaintréithe den chontae. I dtaobh úsáid talún, tá 69% d'achar an chontae tiomnaithe do thalmhaíocht, 4% d'fhoraoiseacht agus tá 1.7% de ina lochanna. Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) amháin sa chontae, Braisle Loch Choill Rúscaí, anuas ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) Shliabh Beatha.**

**Chun ullmhú dá bhorradh amach anseo, tá infheistiú á dhéanamh ag Contae Mhuineacháin in acmhainní fuinnimh in-athnuaite, tá a bhonneagar á uasghrádú aige agus tá triail phíolótach á baint as tionscadail tithíochta sóisialta níos inbhuanaithe.**

Tá formhór na gníomhaíochta geilleagraí don chontae dírithe ar bhailte Mhuineacháin, Charraig Mhachaire Rois, Bhaile na Lorgan, Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe. Is í an earnáil talmhaíochta agus bhia príomhthiománaithe geilleagracha Chontae Mhuineacháin agus tá níos mó ná 60% d'fhostaíocht Mhuineacháin sna hearnálacha seo. Déantar thart ar 90% den bhia a tháirgtear sa chontae a easpórtáil agus tá 14 de na 100 cuideachta táirgthe bia is mó in Éirinn bunaithe i Muineachán.

Lonnaíocht thraidisiúnta scaipthe i gceantair thuaithe atá ceangailte le chéile ag gréasán bailte agus sráidbhailte atá i gceist le patrún forbartha Mhuineacháin. Cónaíonn níos lú ná 30% de dhaonra an chontae inniu sna ceantair uirbeacha.

**Aithníonn Comhairle Contae Mhuineacháin an gá atá le straitéisí forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus pleanáil go gníomhach don agus infheistiú san aistriú chuig sochaí agus geilleagar ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide chun freastal ar dhaonra atá ag dul i méid.**

# Cén t-athrú a thuartar a thiocfaidh ar Chontae Mhuineacháin?



- Tuartar go méadóidh an daonra ó **61,000** in 2016 go dtí **69-71,000** in 2031 (NPF).
- Tuartar go dtiocfaidh fás thart ar **1,700** duine ar dhaonra Bhaile Mhuineacháin faoin mbliain 2025 (CDP).
- Teastóidh **3,056** aonad nua tithíochta faoin mbliain 2028 (cás NPF an ESRI)
- Aistriú i dtreo cónaí i gceantair uirbeacha ina bhfuil seirbhísí agus saoráidí suite den chuid is mó, ina bhfuil níos mó foirmeacha uirbeacha dlútha agus ina ndéantar ceantair uirbeacha reatha a athfhorbairt i gcomhréir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta.

*Fíor 7 - Athrú Tuartha ar Dhaonra Chontae Mhuineacháin.*

## 2.2 Measúnú Riosca Athraithe Aeráide

Toise amháin de ghníomhú ar son na haeráide is ea oibriú i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le tionchar teochtaí domhanda atá ag éirí níos teo a theorannú. Is é an dara toise nach mór dúinn díriú ar chabhrú le háiteanna, daoine, agus an dúlra a bheith réidh agus oiriúnú d'athrú aeráide nach féidir a sheachaint. Áirítear leis seo rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn athrú aeráide do ghnó, bonneagar, tithíocht, agus an timpeallacht nádúrtha a thuiscint. Is gá seirbhísí na Comhairle a ullmhú le soláthar a dhéanamh do riachtanais an phobail de réir mar a athraíonn patrúin aimsire.

**Is í aidhm na pleanála oiriúnaithe na rioscaí a laghdú a chruthaíonn athrú aeráide do Chontae Mhuineacháin agus athléimneacht a mhéadú. Sainaithnítear i Measúnuithe Riosca Athraithe Aeráide (CCRAanna) an dóchúlacht i leith guaiseacha aeráide amach anseo agus a dtionchair fhéideartha. Cuirfidh an CCRA eolas ar fáil don bheartú tosaíochta a dhéanfar do ghníomhú ar son na haeráide agus d'infheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide.**

Céim bhunriachtanach thosaigh do Chomhairle Contae Mhuineacháin iad na rioscaí a chruthaíonn an aeráid ar an leibhéal áitiúil a thuiscint chun go bhforbrófar gníomhartha éifeachtacha agus éifeachtúla oiriúnaithe mar fhreagairt d'athrú aeráide reatha agus tuartha.

Tugadh faoi CCRA cáilíochtúil mar chuid den phlean seo chun tacú le rioscaí aeráide féideartha amach anseo a shainaithint agus beartú tosaíochta a dhéanamh dóibh agus chun cabhrú lena shainaithint cén áit a bhféadfadh gníomhartha oiriúnaithe a bheith ag teastáil. Bhí an cur chuige bunaithe ar dhá chéim, agus rinneadh measúnú ar rioscaí agus ar thionchair reatha agus amach anseo. Gabhann CCRA Mhuineacháin leis an bplean seo mar Iarscríbhinn A[1].

### 2.2.1 Príomhthorthaí an CCRA (Breathnaithe)

Ar aon dul le treochtaí aeráide na hÉireann, tá teochtaí atá ag dul i méid agus patrúin athraitheacha bháistí á dtabhairt faoi deara i gContae Mhuineacháin. Tuartar go leanfaidh na hathruithe seo agus go n-éireoidh siad níos déine agus go n-imreoidh siad réimse fairsing tionchar ar Mhuineachán agus ar Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Ba iad stoirmeacha gaoithe diana sa tréimhse idir 1985 agus 2022 an teagmhas adhaimsire ba mhinice a thit amach i gContae Mhuineacháin. Tugadh faoi deara gur cuireadh isteach go forleathan ar iompar, fuinneamh, agus ar ghréasáin soláthair uisce ar fud an chontae de bharr teagmhais sneachta agus reoite nuair a tharla siad. Thit tuile, idir tuile abhann agus dhromchla/bháistiúil amach go minic (tarlaíonn sé uair amháin i dtréimhse idir 2 agus 10 mbliana), agus imríodh tionchair nuair a tharla sé. D'imir tonnta teasa agus triomach chomh maith tionchair ar an gcontae agus bhí éileamh ní ba mhó ann ar sholáthairtí uisce, imríodh tionchar ar shláine dhromchlaí bóthair agus thit dóiteáin gan smacht amach ní ba mhinice agus bhí éileamh méadaithe ar sheirbhísí dóiteáin.


Léirítear minicíocht teagmhais adhaimsire a sainaithníodh a thit amach i gContae Mhuineacháin san amlíne idir 1985 agus 2022 i bhFíor 8, agus i ngraf ina dtaispeántar minicíocht na dteagmhas a sainaithníodh de réir catagóire ón tréimhse a breathnaíodh i bhFíor 9.Tugtar chun solais i bhFíor 10 freisin buaicphointí na dteagmhas aimsire agus na dtionchar a imríodh ar Mhuineachán, mar a scrúdaíodh iad mar chuid den CCRA.

[1] Féach Iarscríbhinn A, **Measúnú Riosca Athraithe Aeráide Mhuineacháin**, le do thoil, a ghabhann leis an bplean seo chun teacht ar shonraí breise.

| | 1980 | 1990 | 2000 | 2010 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sneachta agus Oighear** | Sneachta Trom, Ean ‘87 | | | Sneachta Trom, Fea ‘18<br>Sneachta Trom, Ean ‘19 | Sneachta Trom, Fea ‘21<br>Titim Sneachta, Már 22 |
| **Teas agus Fuacht** | | Tonn Teasa, Samhradh ‘95 | Tonn Teasa, Samhradh ‘06<br>Tréimhse Fhuar, Geimhreadh ‘09 | Tréimhse Fhuar Nol/Ean 09<br>Tréimhse Fhuar, Sam/Nol 10<br>Tréimhse Fhuar, Fea ‘18<br>Tonn Teasa, Mei ‘18 | Tonn Teasa, Iui ‘21<br>Tonn Teasa, Lún ‘22 |
| **Fliche agus Tirime** | Tuile Abhann, ‘87 | Tuile Abhann Fea ‘90<br>Tuile Abhann, Sam ‘93<br>Triomach, Samhradh ‘95<br>Tuile Abhann, ‘99 | Tuile Abhann, Sam ‘00<br>Tuile Abhann, Sam ‘02<br>Tuile Bháistiúil, Lún ‘08<br>Tuile Abhann, Sam ‘09 | Tuile Abhann D.F ‘11<br>Tuile Bháistiúil, Nol ‘15<br>Triomach, Mei ‘18 | Tuile Abhann, Ean ‘21<br>Tuile Abhann, Nol ‘21<br>Tuile Bháistiúil, Fea ‘22 |
| **Gaoth** | Stoirmeacha Toirní, ‘85<br>Spéirling Charley, Lún ‘86<br>Gaoth Fórsa Stoirme, Aib ‘88 | Storim Ghaoithe, Nol ‘97<br>Stoirm Ghaoithe, ‘90<br>Tornádó, ‘94<br>Stoirm Ghaoithe, Dec ‘97<br>Gaoth Fórsa Spéirlinge, ‘98 | | **Stoirm Darwin, Fea '14**<br>**Stoirm Ophelia, D.F '17**<br>**Stoirm Eleanor, Ean '18**<br>**Stoirm Diana, Sam '18**<br>**Stoirm Gareth, Már '19** | **Stoirm Brendan, Ean 2’0**<br>**Stoirm Barra, Nol ‘21**<br>**Stoirm Eunice, Fea ‘22**<br>**Stoirm Franklin, Fea‘22**<br>**Stoirm Dudley, Fea ‘22** |

*Fíor 8 - Amlíne na dteagmhas aimsire a thit amach i gContae Mhuineacháin idir 1985 agus 2022*

## Minicíocht na dTeagmhas a Sainaithníodh de réir Catagóire (1985-2022)




*Fíor 9 - Minicíocht na dteagmhas a sainaithníodh de réir catagóire.*

## Buaicphointí an Athraithe Aeráide a tugadh faoi deara in Éirinn agus Muineachán

# Triomach


Ba é Triomach 2018 (24 lá ar fad) an triomach samhraidh ab fhaide i Muineachán

**31.1°C**

Cuireadh an teocht ab airde a bhfuil cuntas uirthi i dtaifead an 18 Iúil 2022 ag Carraig Mhachaire Rois, Dúnóg

# Báisteach

Tháinig méadú 1.3% sa tréimhse is déanaí de bhreathnú (1971-2000) ar an meánbháisteach bhliantúil i gcomparáid le bonnlíne 1961-1990




# 0.4°C

Méadú ar an meánteocht don tréimhse is déanaí de bhreathnú (1971-2000) i gcomparáid le bonnlíne 1961-1990

Thaifead 8 as na 10 ngeimhreadh seo caite leibhéil frasaíochta níos mó i gcomparáid le bonnlíne 1961-1990

D'eisigh Uisce Éireann fógra i Lúnasa 2022 d'ionad cóireála uisce Chluain Eois mar gheall ar dhálaí triomaigh

*Fíor 10 Teagmhais aimsire agus tionchair a imríodh ar Mhuineachán a breathnaíodh.*

**TEAS AN-ARD (Samhradh 2022):** Cuireadh teocht 31.10C i dtaifead ag Dúnóg, Carraig Mhachaire Rois in Iúil 2022. Rinneadh díobháil áitiúil do dhromchlaí bóthair (tarra agus sliseanna) ar fud an chontae mar gheall ar ardteochtaí. D'eascair brú tráchta as tonnta teasa freisin ag príomhlimistéir áineasa agus bhí saoráidí thíos le suaitheadh mór. D'fhreastail seirbhísí dóiteáin in 2021 ar 27 falscaí timpeall an chontae.

**TUILE UISCE DROMCHLA: (Feabhra 2022):** Tharla tuile i lár Bhaile Mhuineacháin de bharr stoirmeacha Dudley, Eunice agus Franklin, a chuir teorainn ar rochtain iompair, agus bhí gá le malairt slí shealadach agus cuireadh isteach ar thiománaithe. Thit sreabhadh truailleán thar thír agus sciorrthaí talún amach de bharr tuile dhromchla sa chontae.

**SNEACHTA AGUS OIGHEAR (Feabhra 2021):** Dúnadh bóithre agus cuireadh isteach ar iompar agus bhí dálaí baolacha tiomána ann timpeall an chontae de bharr sneachta trom a thit i mBéal Átha Beithe. Rinneadh díobháil d'fhoirgnimh de bharr sneachta a bhailigh ar dhíonta. Fágtar sócmhainní faoi uisce (e.g., bóithre agus bonneagar) de bharr na tuile tar éis go dtiteann sneachta trom.

**GAOTH:** Bhí breis agus 2,500 teach ar fud an chontae thíos le heaspa cumhachta i rith Stoirm Barra. Chuir stoirmeacha gaoithe isteach ar bhealaí iompair mar gheall ar chrainn a thit. Rinneadh 20 bóthar a bhlocáil nó chuir crainn a thit isteach orthu de bharr Stoirm Eleanor in 2018, bóithre náisiúnta san áireamh, cosúil leis an N12 ag Droim Ruatach.

**TUILE ABHANN:** Fágadh foirgnimh faoi uisce go sealadach in Eanáir 2021 de bharr tuile abhann agus bhí roinnt áiteanna cónaithe i mBaile na Lorgan faoi uisce. Imríonn tuile abhann tionchar chomh maith ar ghréasáin iompair, agus bhí an L-16202-0 thíos le tuile i mí na Nollag 2021 ónar eascair dálaí baolacha tiomána.

*Fíor 11 - samplaí de thionchair a imríonn teagmhais drochaimsire i gContae Muineachán.*

## 2.2.2 Príomhthorthaí an CCRA (Tuartha)

Ar aon dul le réamh-mheastacháin dhomhanda agus náisiúnta ar athrú aeráide, tuartar go n-athróidh aeráid Chontae Mhuineacháin. Tuartar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht tonnta teasa, triomaigh agus tuile agus tugann réamh-mheastacháin le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar mhinicíocht tréimhsí fuara agus sneachta throim.

Mar thoradh ar athrú aeráide, tuartar go n-athróidh minicíocht teagmhais adhaimsire. Ciallaíonn seo go bhféadfadh roinnt guaiseacha a bheith i gceist níos minice agus go bhféadfadh laghdú teacht ar chinn eile, i gcás Chontae Mhuineacháin. Seo thíos léargas ginearálta ar athruithe tuartha ar mhinicíocht ghuaiseacha aeráide do Chontae Mhuineacháin faoin mbliain 2050.

| GUAIS<br><br>ATHRÚ TUARTHA AR MHINICÍOCHT RÉAMH-MHEASTACHÁIN AERÁIDE | RÉAMH-MHEASTACHÁIN AERÁIDE |
|---|---|
| **Tonnta Teasa**<br>*Méadú* | Tugann réamh-mheastacháin méadú foriomlán idir 1.2 agus 1.6°C le fios ar mheánteocht do Chontae Mhuineacháin maidir leis an tréimhse 1981-2000. Tugann réamh-mheastacháin, faoi chás ardastaíochtaí, le fios go dtarlóidh tonnta teasa amach níos minice faoi lár na haoise. |
| **Triomach**<br>*Méadú* | Meastar go dtiocfaidh laghdú 5 agus 11% ar bháisteach sa samhradh amach anseo i gcomparáid le bonnlíne na tréimhse 1981 go 2000, a chuireann le dálaí féideartha triomaigh. |
| **Tréimhse Fhuar**<br>Laghdú | Mar thoradh ar na teochtaí méadaitheacha, tuartar go laghdófar an méid laethanta seaca agus oighir sa tréimhse 2041-2060 i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne 1981-2000. |
| **Sneachta Trom**<br>*Laghdú* | Tuartar go laghdófar an sneachta bliantúil sa réigiún go substainteach faoi lár an chéid. |
| Gaoth Throm Stoirme<br>*Athrú ar bith* | Tá tuartha i leith stoirmeacha faoi réir ardleibhéal éiginnteachta. Faoi lár na haoise, tugann réamh-mheastacháin le fios go leanfaidh an meánluas gaoithe de bheith cosúil leo siúd atá ann faoi láthair. Tugann roinnt réamh-mheastachán le fios, áfach, go dtiocfaidh méadú ar na stoirmeacha is déine, nach dtiteann amach ach go hannamh faoi láthair. |
| **Tuile**<br>*Méadú* | Tugann réamh-mheastacháin méadú ar laethanta trombháistí le fios (laethanta ina bhfuil >30mm) do Chontae Mhuineacháin agus tuartar go dtabharfar méadú a mhéid le 89% faoi deara. Is dóchúil go dtarlóidh tuile abhann agus uisce dromchla ghaolmhar níos minice dá bharr. |

*Tábla 3 - Athrú tuartha ar mhinicíocht ghuaiseacha aeráide do Chontae Mhuineacháin faoin mbliain 2050.*

## 2.2.3 Rioscaí Aeráide Amach Anseo

Agus rioscaí aeráide amach anseo á ndeimhniú do Chontae Mhuineacháin, measúnaítear athruithe tuartha ar mhinicíocht ghuaiseacha aeráide in éineacht le hathruithe tuartha ar fhorbairt shocheacnamaíoch agus athrú ar dhaonra.

Meastar go leanfaidh daonra Chontae Mhuineacháin ag fás amach anseo. Mar thoradh air sin, nochtfar daonra atá ag dul i méid do ghuaiseacha aeráide agus eascróidh leibhéal tionchair as seo a rachaidh in airde ar Chontae Mhuineacháin i dtaobh daoine a ndéantar difear dóibh agus luach geilleagrach na díobhála a dhéantar.

**Meastar go méadóidh daonra Chontae Mhuineacháin faoi 70,000 faoin mbliain 2031 agus tuartar go dtiocfaidh méadú 1,700 duine ar dhaonra Bhaile Mhuineacháin faoin mbliain 2025 i gcomparáid le 2016. Beidh 3,056 aonad tithíochta breise ag teastáil faoin mbliain 2028.**

Mar thoradh air sin, déantar breithniú ar thuartha i leith riosca aeráide amach anseo, athruithe tuartha ar mhinicíocht agus ar dhéine ghuaiseacha aeráide in éineacht le hathruithe tuartha ar an daonra agus ar fhorbairt shocheacnamaíoch.

| Rioscaí Aeráide | | | |
|---|---|---|---|
| **Tuile** | **Tonnta teasa/Triomach** | **Stoirmeacha Gaoithe** | **Fuacht/Sneachta** |
| Is dóchúil go rachaidh an baol i guaiseacha reatha i méid, cosúil le habhainn, uisce dromchla, de réir mar a thiteann teagmhais ghuaise amach níos minice agus mar a nochtar líon méadaithe sócmhainní do na teagmhais seo.<br><br>Ina theannta sin, níor tháinig athrú ar thionchar agus ar mhinicíocht tuile screamhuisce amach anseo, a chiallaíonn gurb íseal don riosca amach anseo. | Meastar go dtitfidh seo amach níos minice agus go bhféadfaí tionchar níos mó a imirt ar Chontae Mhuineacháin ná mar a thugtar faoi deara faoi láthair agus, mar gheall go mbeidh comhréir níos mó den daonra aosta, is lú a bheidh siad in ann dul i ngleic le dálaí tonnta teasa agus triomaigh. | Cé go gceaptar nár n-athrófar minicíocht agus tionchar stoirmeacha gaoithe troma amach anseo, leanfaidh na teagmhais seo de bhaol a chur roimh Chontae Mhuineacháin. | Imríonn titim throm sneachta agus tréimhsí fuara tionchar seasmhach ar Chontae Mhuineacháin, ach mar gheall ar an laghdú féideartha ar mhinicíocht na nguaiseacha, is dóchúil go laghdófar baol foriomlán na nguaiseacha seo amach anseo, agus go mbeidh baol níos lú ann dá bharr. |

*Tábla 4 - Rioscaí Aeráide Tuartha amach anseo i gContae Mhuineacháin*

## 2.2.4 Teacht Aniar a Fhorbairt trí Oiriúnú


Tá réimse tionchair aeráide á dtabhairt faoi deara cheana féin i gContae Mhuineacháin agus ag Comhairle Contae Mhuineacháin, tonnta teasa/ triomach agus tuile dhian san áireamh, ach meastar go dtarlóidh iad seo níos minice agus go mbeidh siad níos déine amach anseo, agus go mbeidh iarmhairtí dóchúla acu, ganntanais uisce agus tionchair ar cháilíocht an uisce, díobháil do réadmhaoin agus do bhonneagar agus tionchair dhíghrádaithe na timpeallachta nádúrtha, gnáthóg agus na bithéagsúlachta san áireamh.

Baineann an-tábhacht le teacht aniar a fhorbairt trí bhearta oiriúnaithe nuair a ghníomhaítear in aghaidh athrú aeráide amach anseo agus ní mór é a chur san áireamh nuair atá gníomhartha á mbreithniú le hastaíochtaí carbóin ar fud an chontae a laghdú.

Is í ár n-aidhm díriú ar bhonn tús áite ar bhearta cuí oiriúnaithe a chabhróidh lena chinntiú go leanann seirbhísí Chomhairle Contae Mhuineacháin de bheith athléimneach agus gur féidir pobail a chosaint ó thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide.

### Bearta Oiriúnaithe

- A chinntiú go leanann gach croífheidhm na Comhairle le seirbhísí a sholáthar go leanúnach trí bhreithnithe agus ullmhacht aeráide a chuimsiú isteach i bpleanáil éigeandála agus soláthair seirbhíse.
- A chinntiú go bhfuil gach seirbhís de chuid na Comhairle inoiriúnaithe d'aeráid atá ag athrú.
- A chinntiú go ndéantar oiriúnú d'athrú aeráide a phríomhshruthú agus go bhfuil bonn láidir aige i mbeartais ar leibhéal áitiúil de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin.
- Riosca tuile i leith réadmhaoine agus bonneagair timpeall an chontae a bhainistiú agus a laghdú.
- Na tionchair a imríonn teagmhais adhaimsire agus athrú aeráide faoi láthair agus a imreoidh siad amach anseo a thuiscint trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar shonraí agus ar eolas.
- Réitigh nádúrtha agus dhúlrabhunaithe a chur chun cinn chun cabhrú le teacht aniar a fhorbairt.
- Tacú le feasacht ar aeráid agus teacht aniar ón aeráid agus iad a chruthú i bpobail agus i ngnó.



## 2.3 Próifíl Astaíochtaí Chontae Mhuineacháin

Is tábhachtach go nglacann an plean um ghníomhú ar son na haeráide seo le ról i dtaobh laghduithe ar astaíochtaí a chur chun cinn ar fud cheantar tíreolaíochta níos fairsinge Chontae Mhuineacháin.D'fhonn maolú aeráide a chomhordú, a éascú agus tacú leis agus tionchar éifeachtach a imirt air agus d'fhonn tacú le laghduithe astaíochtaí a sholáthar i measc na n-earnálacha éagsúla, teastaíonn bonn fianaise éifeachtach.


Forbraíodh an Fardal Astaíochtaí Bonnlíne do Chontae Mhuineacháin trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a leagtar amach in *Iarscríbhinn Theicniúil C – Measúnú ar Mhaolú Aeráide: Fardal Fuinnimh Bonnlíne Threoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023*. Ceanglaítear sna treoirlínte ar gach údarás áitiúil fardal astaíochtaí a fhorbairt do bhliain bhonnlíne 2018 mar an gcaighdeán ar aon dul leis an mbliain bhonnlíne don chuspóir náisiúnta laghdaithe astaíochtaí.

Ullmhaíodh fardail astaíochtaí bhonnlíne do na hearnálacha cónaithe, tráchtála agus tionsclaíocha, talmhaíocht, iompair, dramhaíola agus fuíolluisce, agus úsáide talún, agus athraithe úsáide talún agus foraoiseachta (LULUCF).

Ba iad na hastaíochtaí iomlána a gineadh ó na h earnálacha go léir a anailísíodh 2,158,769 tCO2-eq maidir leis an mbliain bhonnlíne. Ba iad na trí earnáil ba mhó a chuir le astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2018 Tráchtáil agus Tionsclaíoch, Talmhaíocht agus Iompar, a ghin 35%, 31% agus 16% of tCO2-eq faoi seach. Ón anailís seo, ba cheart go ndíreodh tionscnaimh fuinnimh agus astaíochtaí go príomha ar na hearnálacha seo. Spriocdhíreofar ar na gníomhartha sa phlean seo le tús áite a thabhairt do na hearnálacha seo, faoi mar is cuí, lena chinntiú go mbainfear amach na leibhéil riachtanacha de dhícharbónú ar aon dul le buiséid náisiúnta agus le spriocanna earnála astaíochtaí agus le huaillmhian an phlean. Soláthraítear miondealú céatadáin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa earnála i gContae Mhuineacháin don bhliain bhonnlíne i bhFíor 12 agus i dTábla 5 thíos:

Chun teacht ar eolas breise ar an bhfardal astaíochtaí bonnlíne don chontae féach, le do thoil, an Fardal Astaíochtaí Bonnlíne Contae in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an bplean seo chun teacht ar bhreis sonraí.

### 2.3.1 BEI Chontae Mhuineacháin – Príomhthorthaí




*Fíor 12 - An Céatadán de na hAstaíochtaí Carbóin Iomlána de réir Earnála*


| Earnáil | Astaíochtaí Carbóin (tCO2e) |
|---|---|
| Tráchtáil agus Tionsclaíoch | 753,442 [35%] |
| Talmhaíocht | 666,254 [31%] |
| Iompar | 348,603 [16%] |
| Cónaithe | 192,361 [9%] |
| LULUCF | 158,266 [7%] |
| Uisce agus Fuíolluisce | 39,842 [2%] |
| **Astaíochtaí Carbóin Iomlána** | **2,158,769** |

*Tábla 5 Astaíochtaí de réir Earnála*

## 2.3.2 Foinsí Astaíochtaí de réir Earnála

**Tráchtáil agus Tionsclaíoch:** Gintear 35% de na hastaíochtaí carbóin laistigh de cheantar Chontae Mhuineacháin sna hearnálacha Tráchtála agus Tionsclaíocha. Tá Dóchán Déantúsaíochta agus téamh spáis, téamh uisce, cócaireacht agus níochán atá i gceist le Seirbhísí Tráchtála san áireamh san earnáil seo. Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid leictreachais agus ó fhoinsí dócháin i gceist leis go ginearálta. Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa ó Phróisis Thionsclaíocha san áireamh ann freisin. Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa i gceist leis an earnáil seo freisin ón earnáil Institiúide (i.e., astaíochtaí a bhaineann leis an rialtas áitiúil agus láir, scoileanna, ospidéil etc.), a shainítear mar fho-earnáil den earnáil tráchtála i bhFardal Astaíochtaí Náisiúnta an EPA 2021. Is é 'Úsáidí Tionsclaíocha' an chatagóir ina ngintear an méid is mó CO2 (544,928 tCO2 sa bhliain), agus is é 'Breosla/Iosta' an dara catagóir is mó, ina ngintear 180,668 tCO2 sa bhliain. Nuair a chuirtear na catagóirí seo i dteannta a chéile, cruthaíonn siad 96% de na hastaíochtaí Tráchtáil agus Tionsclaíocha uile sa chontae.

### Astaíochtaí Tráchtála agus Tionsclaíocha (tCO2e)





*Fíor 13 - Astaíochtaí Tráchtála agus Tionsclaíocha*

## Talmhaíocht:

Is é an dara hearnáil is mó a chruthaíonn astaíochtaí Talmhaíocht, a chruthaíonn 31% de na hastaíochtaí sa chontae. Is mó i bhfad a chuireann astaíochtaí ó eallach (ba mairteola agus déiríochta) i dteannta a chéile i dtaobh astaíochtaí a bhaineann le beostoc, agus cruthaíonn siad 78% de na hastaíochtaí CO2-eq ó thalmhaíocht sa chontae. Cruthaíonn eallach i bhfad níos mó astaíochtaí meatáin ná éanlaithe clóis, agus mar gheall go bhfuil acmhainn níos mó téimh dhomhanda ag meatán, imríonn siad tionchar i bhfad níos mó ar an timpeallacht.

### Astaíochtaí Beostoic sa Chontae (%)




*Fíor 14 - Astaíochtaí Beostoic sa Chontae.*


Tá astaíochtaí a bhaineann le feirmeoireacht chaorach agus mhuc sách íseal, ach tá siad suntasach go fóill. Tá astaíochtaí ó éanlaithe clóis sách suntasach, nuair a chuirtear an líon sách ard éanlaithe clóis sa chontae i gcomparáid le líonta náisiúnta éanlaithe clóis. Tá cáil ar an gcontae i ngeall ar earnáil mhór éanlaithe clóis a bheith ann i gcomhthéacs náisiúnta.

## Iompar:

Is é iompar an tríú hearnáil is airde astaíochtaí laistigh den chontae, ina gcruthaítear 16% de na hastaíochtaí. Cruthaíonn feithicil earraí breis agus leath na n-astaíochtaí seo – 52%. Cruthaíonn gluaisteáin phríobháideacha 44% de na hastaíochtaí. Ní bhaineann ach 0.75% de na hastaíochtaí carbóin le hiompar poiblí. Léirítear sna torthaí seo na modhanna iompair a úsáidtear laistigh den chontae agus an brath ar úsáid an ghluaisteáin phríobháidigh.


Cruthaíonn gluaisteáin phríobháideacha formhór an mhíleáiste a thaistealaítear sa chontae, agus cruthaíonn feithicil earraí agus tarracóirí agus innealra an dara líon ba mhó. Léiríonn seo cineál tuaithe an chontae, an easpa iompair phoiblí agus méid an tionscail tarlaithe sa chontae. Tá earnáil iompair phoiblí sách beag sa chontae. Is éard is cúis leis seo gur contae tuaithe é ó thaobh cineáil agus go bhfuil daonra gann scaipthe ann i gcomparáid le contaetha ina bhfuil dlús daonra níos airde agus níos mó lonnaíochtaí uirbeacha.

### Astaíochtaí Iompair de réir Saghas Feithicle (%)




*Fíor 15: Astaíochtaí Iompair de réir Saghas Feithicle (%)*

Luaitear sa Bheartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaitheachta an prionsabal Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh, faoi mar a léirítear i bhFíor 16 amhail a bheith lárnach chun astaíochtaí a laghdú trí aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe.




*Fíor 16 - An Beartas Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh*

## Cónaithe:


Cuireadh 21,282 áit chónaithe, ar an iomlán, i dtaifead i gContae Mhuineacháin, a chruthaíonn 9% d'astaíochtaí iomlána an chontae. Is iad na saghsanna áiteanna cónaithe scoite (13,858) leathscoite (4,213) sraithe (2,285) agus árasáin (926). Léirítear i leitheadúlacht na tithíochta scoite an leibhéal de thithíocht aonuaire i gcodanna tuaithe an chontae. Is gnách go mbíonn iad seo níos mó ná na meánáiteanna cónaithe agus bíonn leibhéal níos airde de riachtanais acu i dtaobh téamh spáis agus caillteanas téimh i gceist leo.

Léirítear sna torthaí gur chruthaigh úsáid ola agus gáis 72% agus 12% de na hastaíochtaí faoi seach laistigh de réadmhaoin chónaithe. Cruthaíonn téamh leictreach 11% de na hastaíochtaí. Eascraíonn 3% d'astaíochtaí, ar an iomlán, ó úsáid guail agus móna. Is é LPG (2%) an breosla is lú a úsáidtear do théamh spáis sa chontae.

*Is é sin, go hachomair:*

- Is í ola théimh an phríomhfhoinse de bhreoslaí téimh spáis sa chontae (72%) (gineann ola théimh leibhéal níos airde d'astaíochtaí in aghaidh an aonaid fuinnimh i gcomparáid le go leor breoslaí eile téimh a dhó, cosúil le gás).
- Úsáidtear gás nádúrtha in 12% d'áiteanna cónaithe mar an príomhbhreosla téimh, go príomha in áiteanna cónaithe leathscoite agus sraithe. Léirítear ann seo codanna an chontae a bhfuil teacht iontu ar an bpríomhlíonra gáis.
- Is é leictreachas (11%) an phríomhfhoinse de bhreoslaí téimh spáis sa chontae i measc árasán.

### Astaíochtaí Iomlána vs Saghas Áit Chónaithe





*Fíor 17 - Astaíochtaí de réir saghas áit chónaithe.*

## Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF):

Tá an earnáil seo freagrach as astaíochtaí agus as aistrithe, a bhaineann le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht.Cruthaíonn Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht 7% de na hastaíochtaí sa chontae. Is í talamh féaraigh an phríomhshaghas úsáide talún ag a bhfuil achar 1110.55 ciliméadar cearnach ar fud an chontae. Is í talamh bhairr an dara saghas is mó úsáide talún agus tá achar talún 108.74 ciliméadar cearnach aige, agus tá achar 30 ciliméadar cearnach ag talamh foraoise agus tá achar 24.76 ciliméadar cearnach ag bogach.

### Saghas úsáide talún i gContae Mhuineacháin (km²)




*Fíor 18- Saghas úsáide talún i gContae Mhuineacháin (km2)*

Is í talamh féaraigh sa chontae an saghas úsáide talún is mó a chuireann le hastaíochtaí (180,762 tCO2-e). Is é Bogach an dara saghas úsáide talún is mó (5,061 t CO2-e.)Tagraíonn bogaigh do bhogaigh neamhbhainistithe agus do thailte portaigh bainistithe, arb iad na limistéir bhogaigh siúd a dhraenáiltear ar mhaithe le saothrú tráchtála agus baint mhóna. Áirítear le bogaigh neamhbhainistithe bogaigh nach saothraítear iad ó thaobh tráchtála de, riasca intíre, riasc goirt, móinteáin agus fraochmhánna agus réileáin idirthaoideacha. Súnn foraois agus talamh bhairr CO2, nuair a chuirtear gnóthachain CO2 agus na caillteanais CO2, ar an iomlán, san áireamh. Is gnách go súnn na saghsanna úsáide talún seo níos mó carbóin (e.g., trí fhótaisintéis fhásúil) ná mar a scaoileann siad (e.g., trí dhífhoraoisiú nó baint).

## Uisce agus Fuíolluisce:

Tá an earnáil seo freagrach as astaíochtaí ó dhramhaíl a láimhseáil, dramhaíl a loscadh (gan fuinneamh a úsáid), múiríniú, agus fuíolluisce a láimhseáil. Cruthaíonn astaíochtaí Dramhaíola agus Fuíolluisce 2% de na hastaíochtaí sa chontae. Is ó na 6 shaoráid bhainistithe agus stairiúla diúscartha dramhaíola sa chontae a thagann formhór mór na n-astaíochtaí seo.


## 2.4 Próifíl Astaíochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as, agus tá smacht acu ar, na saghsanna úsáide fuinnimh sna foirgnimh a áitítear do sholáthar seirbhíse agus chun tabhairt faoi fheidhmeanna, flít an Údaráis Áitiúil, anuas ar an soilsiú poiblí laistigh den limistéar riaracháin.

Tugtar achoimre ar ídiú fuinnimh Chomhairle Contae Mhuineacháin don bhliain bhonnlíne 2018 i bhFíor 19, agus is é Leictreachas Foirgnimh agus Úsáid Téimh is mó a úsáideann fuinneamh (39%), Soilsiú Poiblí (30%) agus Iompar (31%).


Tugtar achoimre ar astaíochtaí carbóin a chruthaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin i bhFíor 20, agus is é úsáid leictreachais an fhoinse is mó astaíochtaí carbóin (61%), agus tá iompar agus téamh teirmeach agus téamh foirgneamh freagrach as 24% agus 15% faoi seach. Rachaidh an Chomhairle i mbun na ngníomhartha a theastaíonn le hastaíochtaí ó na foinsí seo a laghdú chun tacú leis an gcuspóir aeráide náisiúnta agus le ceannaireacht a léiriú laistigh den phobal ar ghníomhú ar son na haeráide.

### 2018 Ídiú Fuinnimh CCM




*Fíor 20 - Astaíochtaí Fuinnimh CCM 2018*

### Astaíochtaí a bhaineann le Fuinneamh 2018 (kg/CO2)




*Fíor 20 - Astaíochtaí Fuinnimh CCM 2018*


## 2.4.1 An Dul Chun Cinn go dtí seo ar Astaíochtaí Comhairle

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Contae Mhuineacháin cheana féin leis na hastaíochtaí a laghdú óna n-oibríochtaí féin ó bhonnlíne 2016-2018, agus cuireadh nuashonrú bliantúil ar fáil tríd an gcóras monatóireachta agus tuairiscithe. Caithfidh Comhairle Contae Mhuineacháin tuairisciú ar thrí shaghas astaíochtaí, Leictreachas, Teirmeach agus Iompar. Laghdaigh Comhairle Contae Mhuineacháin a n-astaíochtaí Leictreachais 55% ón mbliain 2009 ar aghaidh. Is éard is cúis leis seo roinnt tionscadail nuálacha, arbh é an príomhcheann an tionscadal iarfheistithe soilsithe phoiblí LED a críochnaíodh, a laghdaigh an úsáid fuinnimh ar shoilsiú poiblí níos mó ná 60%.

Chabhraigh tionscadail eile le hastaíochtaí leictreachasbhunaithe a laghdú, cosúil le painéil ghréine a fheistiú ar thrí cinn dár bhfoirgnimh chun cabhrú le lorg carbóin na bhfoirgneamh a laghdú. Rinneadh uasghrádú ar a soilse i roinnt foirgneamh go dtí LEDanna chomh maith le hídiú leictreachais a laghdú.

D'éirigh le Comhairle Contae Mhuineacháin a n-ídiú fuinnimh foriomlán a laghdú 52% amhail deireadh 2022 mar thoradh ar an obair uile seo. Tháinig laghdú 12% ar astaíochtaí a bhaineann le Teirmeach agus Iompar i dteannta a chéile. Ba éard ba chúis leis seo roinnt tionscadal, cosúil le veaineanna nua leictreacha a thabhairt isteach sa fhlít anuas ar innill ghlanta sráide atá go hiomlán leictreach a sholáthar. Tá astaíochtaí teirmeacha laghdaithe mar gheall ar an deireadh a leantar a chur de réir a chéile le córas téimh breosla iontaise. Ní mór gach áit chónaithe nuathógtha a bheith téite ag foinse fuinnimh in-athnuaite chun cabhrú le hastaíochtaí teirmeacha a laghdú. Léirítear i bhFíor 21 laghdú astaíochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin ón mbliain bhonnlíne.

**Spriocanna Iomlána GHG (kg/Co2) – Comhairle Contae Mhuineacháin**




*Fíor 21 - Astaíochtaí Foriomlána CCM 2018 vs 2022*

## 2.5 Deiseanna Laghdaithe Astaíochtaí

Cuirtear eolas luachmhar ar fáil sa mheasúnú ar mhaolú le heolas a chur ar fáil do ghníomhartha ábhartha agus spriocdhírithe ag ComhairleContae Mhuineacháin chun astaíochtaí a laghdú laistigh den Chomhairle agus ar fud an chontae. Sainaithnítear deiseanna chun tacú le laghduithe astaíochtaí i dTábla 6 thíos.

| | |
|---|---|
| **FOIRGNIMH** | • Tacú le foirgnimh phoiblí agus phríobháideacha a iarfheistiú.<br>• Aistriú chuig foinsí fuinnimh ghlais a spreagadh laistigh den stoc tithíochta sóisialta, as a bhfuil Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach.<br>• Ról ceannaireachta na Comhairle a ghiaráil laistigh den phobal le tionchar a imirt ar chónaitheoirí aistriú chuig foinsí fuinnimh a scaoileann le níos lú gás ceaptha teasa laistigh dá n-áiteanna cónaithe.<br>• Athnuaiteáin bheaga a chur chun cinn agus a chumasú, glacadh le Fótavoltach Gréine ar bharr díonta san áireamh.<br>• Feasacht a mhúscailt i measc an phobail ar fhoinsí fuinnimh níos glaise agus ar shruthanna cistithe atá ar fáil. |
| **IOMPAR AR BÓTHAR** | • Roghanna d'athrú córa iompair a fheabhsú agus an méid úsáid a bhaintear as an ngluaisteán príobháideach a laghdú trí fheabhas a chur ar an bhfáil agus ar an teacht ar roghanna iompair phoiblí, leis sin.<br>• An úsáid a bhaintear as taisteal gníomhach a mhéadú, cosúil le siúl agus rothaíocht, trí bhonneagar oiriúnach a sholáthar.<br>• An bonneagar feithiclí leictreacha (EVanna) a chumasú agus a éascú a theastaíonn chun tacú le leictriú feithiclí.<br>• Feasacht a mhúscailt ar mhodhanna iompair eile agus iad a dhreasú.<br>• Moil/ionaid chianoibre a éascú agus a fhorbairt chun patrúin chomaitéireachta a laghdú. |
| **BONNEAGAR GLAS** | • Bithéagsúlacht, éiceachórais agus gnáthóga a fheabhsú.<br>• Spásanna glasa ardchaighdeáin a phleanáil, a dhearadh, a fhorbairt agus a chomhtháthú.<br>• Crainn a chur agus a chothabháil i gceantair uirbeacha.<br>• Gnáthóga ina bhfuil saibhreas carbóin a chur chun cinn, a chosaint agus a athchóiriú.<br>• A chinntiú go ndírítear ar sholáthar glas i ngach roinn laistigh den Chomhairle. |

| | |
|---|---|
| **AISTRIÚ CÓIR** | • A chinntiú go gcuirtear gach cónaitheoir agus gnólacht go cothrom san áireamh i ngach gníomhaíocht dícharbónaithe.<br>• Na comhthairbhí a chruthaíonn gníomhaíochtaí dícharbónaithe a shaothrú do phobail.<br>• Díriú ar bhochtaineacht fuinnimh le tionscnaimh aistrithe breosla a chur chun cinn.<br>• Feasacht a mhúscailt ar dheontais atá ar fáil, ar mhéadrú cliste agus ar bhearta coigilte fuinnimh.<br>• Soláthar a dhéanamh don bhonneagar agus do chórais inrochtana do chách. |
| **GNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE** | • Sócmhainní agus gníomhaíochtaí féin Chomhairle Contae Mhuineacháin a dhícharbónú trí iarfheistiú, foinsí téimh breosla iontaise a aistriú go teaschaidéil.<br>• Flít féin Chomhairle Contae Mhuineacháin a dhícharbónú trí é a aistriú go flít breoslaí leictreacha agus breoslaí malartacha, faoi mar is cuí.<br>• Tabhairt faoi dhigitiú agus teicneolaíochtaí nua.<br>• Oibriú le húdaráis áitiúla máguaird le tionscadail maidir le cistiú agus soláthar a chur chun cinn.<br>• Pleananna agus straitéisí um chur i bhfeidhm d'airgeadas a fhorbairt. |

*Tábla 6 - Deiseanna Laghdaithe Astaíochtaí do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus an contae iomlán.*

## 2.6 Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara




*Fíor 22 - Suirbhé CCM*

Chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt an phlean seo, thug an Chomhairle faoi shraith fhorleathan comhoibrithe le gach páirtí leasmhar le dearcthaí a bhailiú ar rioscaí, bacainní, agus deiseanna le gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm i Muineachán. Liostaítear anseo thíos achoimre ar na grúpaí a thug faoin gcomhairliúchán seo:

- Réamh-dhréacht-chomhairliúchán poiblí, suirbhé agus cruinniú poiblí chun eolas a chur ar fáil don phlean;
- Idirchaidreamh forleathan le ranna éagsúla na Comhairle le croí-oibríochtaí a thuiscint agus le heolas a sholáthar d'fhorbairt an phlean seo;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na Baill Thofa lena chinntiú go dtacaítear leis na gníomhartha a bheartaítear;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na hÚdaráis Áitiúla máguaird trí idirchaidreamh díreach agus imeachtaí a d'eagraigh CARO le comhoibriú ar fhorbairt an phlean;

Cuireadh na dearcthaí a léiríodh sa chéim chomhairliúcháin san áireamh fad a bhí an plean seo á fhorbairt, a gcuirfear comhairliúchán poiblí ar bun dó ina dtabharfar deis bhreise do gach saoránach a dtuairim a nochtadh go foirmiúil sula gcuirfear an phlean i gcrích agus sula nglacfar leis.

### 2.6.1 Réamh-dhréacht-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Bhí an réamh-dhréacht-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis an LACAP a mhúnlú don chontae ar siúl ón 12 Meitheamh go dtí an 14 Iúil 2023. Tugadh cuireadh don phobal a dtuairim a nochtadh trí pháirt a ghlacadh i suirbhé ar líne nó trí aighneacht scríofa a sheoladh ar ríomhphost/sa phost. Ghlac 107 ball den phobal, ar an iomlán, páirt sa suirbhé ar líne agus fuarthas 10 n-aighneachtaí scríofa mhionsonraithe i rith na tréimhse comhairliúcháin. Chuir an t-aiseolas luachmhar seo eolas ar fáil don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Thit 4 imeacht amach mar chuid den réamh-dhréacht-tréimhse chomhairliúcháin seo agus cuireadh fógra sa Northern Standard agus postálacha in airde sna meáin shóisialta ar chainéil mheán sóisialta na Comhairle.

- Cuireadh cur i láthair túis eolais ar siúl an 29 Bealtaine don Choiste um Beartais Straitéiseacha Aeráide agus Chomhshaoil, achoimre ar an bhfianaise bhonnlíne san áireamh don phlean aeráide.
- Thug an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide léargas ginearálta ar an gcur i láthair ag cruinniú na Comhairle Iomláine an 12 Meitheamh.
- Cuireadh ceardlann phoiblí agus phobail ar bun an 20 Meitheamh in Óstán an Hillgrove. Tugadh an deis sa cheardlann don lucht freastail cabhrú leis na gníomhartha i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide nua an chontae a mhúnlú agus foghlaim faoi Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide Mhuineacháin chun cabhrú le pobail dul i mbun gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil.



*Fíor 23 - Íomhá den Cheardlann Phoiblí agus Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide*



*Fíor 24 - Íomhá den Cheardlann Foirne Inmheánaí um Ghníomhú ar son na hAeráide*

- Cuireadh ceardlann inmheánach le gníomhartha earnála a fhorbairt don phlean um ghníomhú ar son na haeráide ar siúl an 19 Iúil. D'éascaigh Breda Maher, Comhordaitheoir Réigiúnach le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Láir Tíre (ORGA). Bhí freastal maith ar an gceardlann agus d'éirigh go maith léi chun na príomhghníomhartha agus na tosaíochtaí straitéiseacha ó fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide agus ón mbainistíocht shinsearach níos fairsinge sa Chomhairle a spreagadh.

## 2.6.2 An Preas agus na Meáin

Cuireadh fógra sa Northern Standard a thug chun solais tábhacht an LACAP do Chontae Mhuineacháin. Tugadh chun solais san fhógra freisin na príomhchéimeanna d'fhorbairt an LACAP. Ar deireadh, tugadh cuntas san fhógra ar conas a bheadh baill den phobal in ann aighneachtaí a dhéanamh don LACAP, faoi mar a dtugtar cuntas air thuas.

Seoladh postálacha meán sóisialta i rith na tréimhse comhairliúcháin phoiblí ar chainéil mheán sóisialta éagsúla na Comhairle, ar Facebook agus ar LinkedIn san áireamh a d'iarr ar an bpobal a dtuairimí a nochtadh.


The Northern Standard


NORTHERN STANDARD — THURSDAY, 29th June, 2023

Monaghan County Council is preparing a Local Authority Climate Action Plan



*Fíor 25 - Íomhá den Fhógra a cuireadh sa Northern Standard.*

## Torthaí ardleibhéil ar Rannpháirtíocht an Phobail




*Fíor 26 - Torthaí Ardleibhéil ar Rannpháirtíocht an Phobail.*

## 2.6.3 Céim chomhairliúcháin phoiblí den Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (2024-2029)



*Fíor 27 - Clinicí um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Leabharlann Mhuineacháin*

Foilsíodh Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-29) an 19 Deireadh Fómhair do chomhairliúchán poiblí. Chuir réamh-dhréachtchéim chomhairliúcháin fhorleathan eolas ar fáil don phlean beartaithe a cuireadh ar bun i rith an tsamhraidh agus tugadh cuntas inti ar chuspóir na Comhairle todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach do mhuintir Mhuineacháin agus le contae ísealcharbóin agus atá níos seasmhaí ó thaobh na haeráide a chruthú.

Lorg an Chomhairle i rith na tréimhse comhairliúcháin reachtúla 6 seachtaine a chríochnaigh an 4 Nollaig dearcthaí an phobail go gníomhach chun cabhrú le gníomhú ar son na haeráide éifeachtach a mhúnlú agus a chumasú ar leibhéal áitiúil agus pobail. Forbraíodh leathanach gréasáin tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ar ar féidir leis an bpobal amharc ar an bplean agus aighneacht a dhéanamh. Forbraíodh suirbhé comhairliúcháin mar rogha níos cuíchóirithe do dhaoine lena dtuairim a nochtadh ar an bplean a bheartaítear.

Cuireadh an Plean ar fáil freisin i gcruachóip ag gach ceann de na leabharlanna sa chontae. Bhí an méid seo a leanas i gceist le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus le gníomhaíochtaí for-rochtana:


- Cuireadh Fógra Reachtúil, preaseisiúint agus fógra sa Northern Standard le daoine a spreagadh a dtuairim a nochtadh maidir le Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin.
- Tugadh fógra foirmiúil do gach ball tofa agus do bhaill an SPC Aeráide agus Comhshaoil maidir le foilsiú an Dréachtphlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, an áit a bhféadfaí an plean a fheiceáil agus conas aighneacht a dhéanamh.
- Cuireadh postálacha in airde ar chainéil mheán sóisialta na Comhairle le feasacht a mhúscailt agus le cuireadh a thabhairt do dhearcthaí an phobail.
- Cuireadh cur i láthair agus plé ar siúl ar an Dréachtphlean agus cuireadh próiseas comhairliúcháin ar siúl do SPC Aeráide agus Comhshaoil mhí na Samhna
- Tugadh cuireadh do Chomhairle na nÓg, Comhairle Náisiúnta na nÓg agus do gach meánscoil sa chontae le haighneacht a dhéanamh lena chinntiú go raibh an deis ag daoine óga cur le próiseas déanta an phlean.

Spreagadh baill den phobal freastal ar chlinicí buail isteach de chuid an chomhairliúcháin phoiblí a cuireadh ar bun i Leabharlanna Charraig Mhachaire Rois, Bhaile na Lorgan, Chluain Eois, Mhuineacháin agus Bhéal Átha Beithe. Chuir an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide na seisiúin dhá uair an chloig seo ar siúl le treoir a sholáthar ar an dréachtphlean agus ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Fuarthas 23 aighneacht, ar an iomlán, laistigh den tréimhse chomhairliúcháin. Rinneadh breithniú ar na haighneachtaí go léir a fuarthas fad a bhí an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide deiridh á ullmhú ar beartaíodh glacadh leis.




*Fíor 28 - Bileoigín le clinicí comhairliúcháin a fhógairt.*




*Fíor 29 - Postáil Meán Sóisialta le cuireadh a thabhairt don phobal a dtuairim a nochtadh.*

# 3 CREAT GNÍOMHARTHA AR SON NA HAERÁIDE




## 3.1 Léargas Ginearálta

Soláthrófar gníomhartha an phlean laistigh de agus mar chuid de chreat lena chinntiú go soláthraítear go héifeachtach agus go rathúil iad. Oibreoidh gníomhartha a dtugtar tús áite dóibh mar chuid den chreat le hastaíochtaí a laghdú ó shócmhainní agus oibríochtaí féin Chomhairle Contae Mhuineacháin, tionchar a imirt ar earnálacha i dtaobh a laghduithe féin ar astaíochtaí a sholáthar, feasacht a mhúscailt ar athrú aeráide agus gníomhú dearfach ar son na haeráide a chur chun cinn ar leibhéal pobail.

Déantar sa chreat gníomhartha aeráide a shocrú laistigh de struchtúr sainithe a chinntíonn ailíniú idir gníomhartha féideartha ar an talamh agus an fhís uileghabhálach atá mar sprioc ag an bplean a sholáthar.

Sainaithnítear i bhFíor 30 an creat ó fhís an phlean maidir le gníomhartha.




*Fíor 30 - Creat gníomhartha ar son na haeráide i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin.*

## 3.2 Fís agus Misean an Phlean

Léirítear i bhfís an phlean peirspictíocht chomhchoiteann todhchaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá neodrach ó thaobh na haeráide do Chontae Mhuineacháin.

### FÍS UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE DO MHUINEACHÁN

**Go mbeidh Comhairle Contae Mhuineacháin ina heagraíocht eiseamláireach a dhéanann gníomhaíocht a stiúradh, a spreagadh agus tacú léi chun Contae atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide, atá Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta, atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil agus ag a bhfuil Geilleagar Áitiúil atá Neodrach ó thaobh na hAeráide a bhaint amach.**

Cé go sainítear i ráiteas físe Chomhairle Contae Mhuineacháin an sprioc ba mhaith léi a bhaint amach don chontae, luaitear ina ráiteas misin a chuspóir atá bunaithe ar ghníomhú ar son na haeráide atá éifeachtach a sholáthar agus a phríomhshruthú i measc na seirbhísí agus na bhfeidhmeanna uile.

### MISEAN UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE DO MHUINEACHÁN

**Athrú claochlaitheach agus gníomhú ar son na haeráide intomhaiste a sholáthar ar fud ár gcontae agus laistigh dár n-eagraíocht féin, trí cheannaireacht, sampla, agus gníomhaíocht a chur i ngníomh ar leibhéal áitiúil.**

Cabhraíonn an ráiteas misin seo atá dírithe ar ghníomhartha le hionadaithe agus le páirtithe leasmhara Chomhairle Contae Mhuineacháin a threorú i dtaobh a n-obair a chomhordú i dtreo na físe sainithe.

## 3.3 Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha

### Léargas Ginearálta ar Spriocanna Straitéiseacha




*Fíor 31 - Limistéir Théamacha leis an CAP a Chur i bhFeidhm.*

- Leagtar amach an comhthéacs sna spriocanna straitéiseacha do ghníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe agus fís agus misean aeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin á soláthar. Bunaíonn sainaithint agus forbairt na spriocanna siúd cur chuige struchtúrach i leith socrú gníomhartha ar son na haeráide a bhfuiltear le dul i ngleic leo.

- Sholáthair an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide treoir maidir le díriú ar ghníomhú ar son na haeráide faoin bplean seo le cur chuige comhsheasmhach i measc na bpleananna uile Údaráis Áitiúil a cheadú. Sainaithníodh cúig phríomhthéama mar na spriocanna straitéiseacha a bhfuiltear le glacadh leo sa phlean seo agus léirítear i bhFíor 31 iad. Úsáideadh na spriocanna straitéiseacha seo leis an tsraith cuspóirí agus gníomhartha faoin bplean seo a cheapadh agus tagann formáid an eolais a chuirtear i láthair do gach sprioc straitéiseach leis na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023. Cuirtear na cuspóirí agus na gníomhartha i láthair i bhfoirm tábla do gach ceann de na Spriocanna Straitéiseacha mar seo a leanas:

- **SG 1: Gníomhartha do Rialachas agus Ceannaireacht**
- **SG 2: Gníomhartha don Timpeallacht Thógtha agus Iompar**
- **SG 3: Gníomhartha don Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**
- **SG 4: Gníomhartha do Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú**
- **SG 5: Gníomhartha d'Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainn**

## Rudaí a mBraitear orthu

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbraithfidh soláthar na ngníomhartha a chuimsítear sa phlean seo ar roinnt tosca, an méid seo a leanas ina measc:

- Ceannach isteach ag páirtithe leasmhara Is ionann páirtí leasmhar agus aon duine a imríonn tionchar ar ghníomh, nó a n-imríonn gníomh tionchar orthu. Beidh ceannach isteach ag páirtithe leasmhara bunriachtanach leis na gníomhartha a chuimsítear sa phlean seo a sholáthar. I measc na samplaí de pháirtithe leasmhara, tá cónaitheoirí, eagraíochtaí pobail, gnólachtaí, agus comhlachtaí earnála poiblí.
- Cistiú atá ar fáil: Is minic go dteastaíonn cistiú lasmuigh de bhuiséid shannta na nÚdarás Áitiúil ó ghníomhartha agus beidh cistiú a bheith ar fáil ó fhoinsí seachtracha rialtais agus neamhrialtasacha ina phríomhchinntitheach i dtaobh roinnt gníomhartha a chuimsítear sa phlean seo a sholáthar.
- Réamhghníomhartha/gníomhartha réamhriachtanacha: D'fhéadfadh go mbraitheann na gníomhartha a chuimsítear sa phlean seo ar ghníomhartha réamhriachtanacha a sholáthar, e.g., d'fhéadfadh staidéar indéantachta a bheith ag teastáil sula gcuirfear teicneolaíochtaí in-athnuaite isteach.



## Prionsabail Rialachais Comhshaoil:

Buntacóidh na prionsabail agus na breithnithe comhshaoil seo a leanas le Gníomhartha Aeráide a bheartaítear. Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil faoi gach gníomhaíocht agus forbairt lena dtacaíonn na gníomhartha aeráide sainithe nó imreoidh an tÚdarás Áitiúil tionchar orthu, faoi mar is cuí, i gcomhréir leis na Prionsabail Rialachais Comhshaoil seo. Baineadh maolú amach chomh maith trí bhreithnithe comhshaoil a chomhtháthú isteach i ngníomhartha aeráide sainithe an LACAP a gheallann an Chomhairle a chur san áireamh i rith chéim um chur i bhfeidhm an phlean.

| Tagairt | Beart |
|---|---|
| **EG1** | Tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn a thacaíonn le agus a uasmhéadaíonn comhthairbhí comhshaoil, cosúil le cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta; cáilíocht níos fearr aeir, uisce nó ithreach; nó luach níos fearr caitheamh aimsire, áineasa agus oidhreachta cultúrtha, lena chinntiú go mbaintear tairbhí amach do chách. |
| **EG2** | Tacú le tionscadail agus tionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide nó iad a éascú a lorgaíonn feabhas a chur ar struchtúr, bainistiú agus ar shláinte ithreach trí charbón orgánach ithreach a mhéadú - a chruthóidh comhthairbhí comhshaoil a fheabhsóidh teacht aniar ó thuile trí acmhainn coinneála uisce ithreacha agus tríd an leibhéal ceaptha GHG a mhéadú a bhaineann le feidhmeanna úsáide talún. |
| **EG3** | A chinntiú go ndéantar an fhorbairt go léir lena dtacaíonn nó lena mbuntacaíonn gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a chuireann san áireamh an fhéidearthacht i dtaobh comhthairbhí comhshaoil, tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol agus riachtanais chosanta an chomhshaoil. Ní thacófar le haon tionscadal forbartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide is dóchúil a imreoidh tionchair shuntasacha dhiúltacha ar an timpeallacht ghlactha. |
| **EG4** | Tabharfar faoi thionscadail tuile, oibreacha cothabhála gaolmhara, ar bhealach a dhéanann comhthairbhí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide-bithéagsúlacht a chur chun cinn, agus tabharfaidh siad an aird mar is cuí ar ghnáthóga agus ar speicis nach dtagtar go minic orthu, atá á gcosaint nó atá tábhachtach. |
| **EG5** | A chinntiú go dtugtar faoi thionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach a dhéanann comhthairbhí maidir le gníomhú ar son na haeráide-oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn, agus nach ndéantar díobháil neamhúdaraithe fhisiciúil do ghnéithe cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta, nó nach n-athraítear comhthéacs gnéithe íogaire oidhreachta cultúrtha go neamhúdaraithe nó go míchuí dá bharr. |
| **EG6** | A chinntiú go dtugtar faoi thionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach a dhéanann comhthairbhí maidir le gníomhú ar son na haeráide-cáilíocht an uisce a chur chun cinn, agus a thagann le forálacha na Creat-Treorach Uisce agus an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha. |
| **EG7** | Tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn a thacaíonn le crainn, fálta sceach agus gnáthóga eile cosanta, cosúil le bogaigh agus criosanna tuile a chuireann le bonneagar glas. |
| **EG8** | Tacú le deiseanna chun feabhas a chur ar nascacht éiceolaíochta gnáthóg agus suíomhanna neamhainmnithe chun feabhas a chur ar athléimneacht agus ar fheidhmiú foriomlán éiceachórais agus tacú i gcomhthráth le gníomhú ar son na haeráide laistigh den chontae. |
| **EG9** | A chinntiú go ndeachthas i mbun na réamhchúraimí uile i ngach tionscadal lena dtacaíonn an Chomhairle chun speicis ionracha a shainaithint agus a bhainistiú, go háirithe maidir le speicis Sceideal III. Ní thacófar le haon tionscadal forbartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar dóchúil go scaipfear speicis ionracha a liostaítear i Sceideal III dá bharr. |

*Tábla 7 - Prionsabail Rialachais Comhshaoil*

## 3.4 Rialachas agus Ceannaireacht

Teastaíonn rialachas láidir ó mhéid agus ó scála na gníomhaíochta um athrú aeráide atá solúbtha a dhóthain chun oibriú i leith na gcastachtaí agus na ndúshlán atá i gceist.

I ndeireadh na dála, tá go leor páirtithe leasmhara, seachas Comhairle Contae Mhuineacháin, comhfhreagrach as cur i bhfeidhm rathúil an phlean gníomhaíochta. Ach is toisc ríthábhachtach ratha é, mar sin féin, go bhfuil Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do rialachas agus ceannaireacht láidir a sholáthar leis an bplean seo a sholáthar.

Sa chomhthéacs seo, déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin maoirseacht ar fhreagracht as astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i measc a sócmhainní agus a mbonneagar féin, teacht aniar a fhorbairt le soláthar seirbhíse leanúnach a chinntiú agus, tríd is tríd, le daoine eile a chumasú agus dul i gcion orthu chun a n-oibleagáidí féin aeráide a shásamh.

Cinnteoidh gníomhartha a leagtar amach mar chuid den sprioc straitéiseach Rialachais agus Ceannaireachta go rachaidh Comhairle Contae Mhuineacháin i mbun gnímh le tabhairt faoi ghníomhú dearfach ar son na haeráide:

**Cumas um Ghníomhú ar son na hAeráide:** Tá acmhainní agus socruithe rialachais i bhfeidhm lena chur ar chumas cinnteoireacht éifeachtach a dhéanamh agus tacú leis an bplean um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm.

**Socruithe agus gníomh trasroinne:** Gníomhachtófar foireann um ghníomhú ar son na haeráide de chuid an údaráis áitiúil le comhoibriú agus comhordú ilroinne a chur chun cinn le héifeacht a thabhairt do chur i bhfeidhm gníomhartha i measc sheirbhísí uile na Comhairle.

**Ag oibriú le chéile:** Idirchaidreamh a dhéanamh le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus comhpháirtíochtaí a bhunú le réitigh a aimsiú le gníomhartha a chur i bhfeidhm.

**Príomhshruthú:** A chinntiú go bhfuil na straitéisí, na beartais, na pleananna, agus na tionscadail go léir a d'fhorbair an Chomhairle comhoiriúnach don phlean um ghníomhú ar son na haeráide agus go gcistítear gníomhartha a dtugtar tús áite dóibh.

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:** Feasacht phoiblí a mhúscailt chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean um ghníomhú ar son na haeráide.

**Monatóireacht agus tuairisciú:** Córas a bhunú chun dul chun cinn i dtreo baint amach gníomhartha a rianú agus tuairisciú trédhearcach a chinntiú.



**Rialachas agus Ceannaireacht**

| SG1. Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle. | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | |
| **Cuspóir G&L 1:** Gníomhú ar son na haeráide a leabú isteach inár gcinnteoireacht uile agus ár gcumas a mhéadú chun freagairt do dhúshláin an athraithe aeráide. | **Cuspóir G&L 2:** Obair agus comhoibriú le hearnálacha agus gníomhaireachtaí eile le cláir a sholáthar a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide. |

## Ailíniú Beartais

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[1]**




**Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar[2]**

DECA 1

DECA 2

## Comhthairbhí

- Rialachas Níos Fearr
- Rannpháirtíocht Chathartha
- Rannpháirtíocht Foirne
- Soláthar Seirbhíse Níos Fearr

1 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar Ailíniú le SDGanna.

2 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar léargas ginearálta ar Spriocanna Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA).

## Rialachas agus Ceannaireacht

**SG1: Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| GL 1 | **Gníomhú ar son na hAeráide a leabú isteach i bpleananna, beartais agus straitéisí uile na Comhairle, an Plean Forbartha Contae, an Plean Corparáideach, an Plean Soláthair Seirbhíse Bhliantúil, Pleananna Oibríochtúla Foirne, Pleananna Forbartha Pearsanta aonair, agus cláir rioscaí rannóige lena chinntiú go soláthraítear gníomhartha ar son na haeráide i measc na ranna uile.** | Le chéile | Líon KPIanna i mbeartais agus pleananna ina luaitear Gníomhú ar son na hAeráide. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, Seirbhísí Corparáideacha | Gach Rannóg den Chomhairle, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |
| GL 2 | **A chinntiú go liostaítear sin Gníomhú ar son na hAeráide mar bhuanearra gach ráithe ar chlár cruinnithe na Foirne Bainistíochta.** | Le chéile | Cuirtear Gníomhú ar son na hAeráide san áireamh i gcruinnithe mar mhír ar chlár cruinnithe. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, Seirbhísí Corparáideacha | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |
| GL 3 | **Tacú le gníomhaíochtaí na Foirne agus an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud na Comhairle, rannpháirtíocht i measc ionadaithe foirne i measc phríomhranna uile CCM lena chinntiú go gcuirfear gníomhartha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo i bhfeidhm go rathúil agus go dtuairiscítear ar dhul chun cinn.** | Le chéile | Líon na ngníomhartha a tosaíodh, atá ar siúl agus a críochnaíodh. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | | Gach Bliain |
| GL 4 | **Clár Comhpháirtíochta Comh-Dhícharbónaithe Earnála Poiblí an SEAI.** | Maolú | Athbhreithniú bliantúil ar thosca criticiúla ratha CCM a bhaineann le fuinneamh. | Tionscadail Chaipitil (Oifigeach Fuinnimh) | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 1 bhliain |
| GL 5 | **Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais a ullmhú do CCM lena chinntiú go gcuirtear Soláthar Poiblí Glas san áireamh i ngach tairiscint.** | Maolú | Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais a chríochnú. | An Rannóg Soláthair | Gach rannóg den Chomhairle, An Oifig um Sholáthar Rialtais | 2 bhliain |

| Rialachas agus Ceannaireacht | SG1: Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **GL 6** | **Feachtais shoiléire agus chomhordaithe chumarsáide a sholáthar chun cabhrú le feasacht agus rannpháirtíocht phoiblí a mhúscailt ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar sholáthar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide CCM.** | Le chéile | Líon preaseisiúintí/ imeachtaí ina gcuirtear Gníomhú ar son na hAeráide agus/nó dul chun cinn ar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide CCM san áireamh. | Foireann Cumarsáide/ Seirbhísí Corparáideacha, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | | Gach Bliain |
| **GL 7** | **A chinntiú go gcuireann CCM an buiséad riachtanach, agus acmhainní daonna do ghníomhú ar son na haeráide, leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.** | Le chéile | Leithdháileadh buiséad agus acmhainní chun gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm i ngach croífheidhm. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | Gach ceann rannóige | Gach Bliain |
| **GL 8** | **Saineolas agus acmhainn a fhorbairt laistigh de CCM le haghaidh a thabhairt ar spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide trí chláir spriocdhírithe agus oiliúna ar Ghníomhú ar son na hAeráide.** | Le chéile | Líon nó céatadán foirne a chríochnaigh oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide. | Airgeadas, Acmhainní Daonna, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach rannóg den Chomhairle, CARO | Gach Bliain |
| **GL 9** | **Ardán ar líne a thabhairt isteach sa Chomhairle a chabhróidh le CCM an sprioc 90% de sheirbhísí a bheith ar líne faoin mbliain 2030 a bhaint.** | Le chéile | Glacadh le straitéis dhigiteach agus í a chur i bhfeidhm. | Teicneolaíocht Faisnéise | Gach rannóg den Chomhairle | 4 bliana |
| **GL 10** | **Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean móréigeandála agus an plean tuile lena chinntiú go gcuirtear riosca aeráide amach anseo san áireamh.** | Oiriúnú | Athbhreithniú ar gach plean gach bliain. | Rialú dóiteáin agus tógála, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Bóithre, Ceantair Bhardasacha | Gach Bliain |

| Rialachas agus Ceannaireacht | SG1: Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **GL11** | **Ball foirne tiomnaithe a earcú le bheith freagrach as riosca i gcás tuilte agus oibreacha maolaithe tuilte a chomhordú.** | Le chéile | Ball foirne tiomnaithe earcaithe go rathúil. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | Acmhainní Daonna | 3 bliana |
| **GL12** | **Aonad tiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur san áireamh mar chroífheidhm bhuan maidir le plean an lucht saothair chun stiúradh, tacú le agus tuairisciú ar bhearta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus feachtais feasachta, agus cistiú a bhainistiú do thionscadail áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide.** | Le chéile | Cuireadh Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i bplean an lucht saothair. | Acmhainní Daonna, Airgeadas | An Rannóg Comhshaoil agus um Ghníomhú ar son na hAeráide | 3 bliana |
| **GL 13** | **Cistiú a shainaithint agus a tharraingt anuas ó gach foinse atá ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide.** | Le chéile | An méid cistiú a fuarthas. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach rannóg den Chomhairle | Gach Bliain |
| **GL 14** | **Clár eolais digiteach a fhorbairt le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar ghníomhú ar son na haeráide.** | Le chéile | Tá clár eolais i bhfeidhm le líon na nGníomhartha Aeráide a tosaíodh, atá ar siúl agus a críochnaíodh a rianú. | Teicneolaíocht Faisnéise | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Bliain 2 |
| **GL15** | **Cruinnithe fíorúla agus bainistíocht éifeachtach aistir a spreagadh chun míleáiste gnó a laghdú Beartas oibre cumaisc a chomhlíonadh.** | Maolú | Líon na laethanta a d'oibrigh fostaithe ón mbaile. Míleáiste gach ráithe. | Acmhainní Daonna | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |

## 3.5 Timpeallacht Thógtha agus Iompar

Áirítear leis an timpeallacht thógtha foirgnimh de chineál tí, poiblí, tionsclaíoch, agus tráchtála ar fud Chontae Mhuineacháin chomh maith le bonneagar ríthábhachtach cosúil le bóithre, droichid, an gréasán draenála, bonneagar fuinnimh agus cumarsáide. Cuireann foirgnimh le cuid mhór d'astaíochtaí an Chontae. Beidh tús áite le tabhairt d'éifeachtúlacht fuinnimh a bharrfheabhsú agus d'aistriú chuig foinsí teasa ísealcharbóin i bhfoirgnimh anuas ar bhonneagar fuinnimh in-athnuaite a fháil chun cur le dícharbónú na heangaí náisiúnta agus rogha eile ísealcharbóin, seachas breoslaí iontaise, a sholáthar.


Dírítear ar bhonn tús áite freisin ar an timpeallacht thógtha a chosaint ó thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide chun a mhéid nochtar príomhbhonneagar (cosúil le foirgnimh, bóithre, draenacha uisce stoirme, saoráidí poiblí atá faoi úinéireacht na Comhairle, agus an eangach fuinnimh) do ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid. Teastóidh pleanáil, ullmhacht, agus bainistíocht sócmhainní chuí uaidh seo i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí cosúil leis an OPW maidir le riosca i gcás tuilte.

Léirítear in astaíochtaí iompair i gContae Mhuineacháin an t-ardleibhéal de bhrath ar an ngluaisteán príobháideach. Caithfear dul i mbun gnímh le haistir i ngluaisteáin a laghdú, rothaíocht agus siúl a mhéadú, iompar poiblí a fheabhsú, agus an méid feithiclí astaíochtaí ísle a mhéadú. Is féidir cáilíocht an aeir, soghluaisteacht agus sláinte níos fearr do shaoránaigh a bhaint amach tríd seo.




*Seoladh an Ghlasbhealaigh*

Tá níos mó Feithiclí Leictreacha (EVanna) á dtabhairt faoi deara fud fad na tíre, ar aon dul leis an aistriú ó fheithiclí faoi thiomáint breosla iontaise. Chun tacú leis an treocht seo, tá mar aidhm ag CCM glacadh le ról réamhghníomhach san aistriú a éascú trí oibriú le soláthraithe seirbhíse chun an bonneagar a theastaíonn a thabhairt isteach chun freastal ar an éileamh ar luchtú inrochtana.



## Timpeallacht Thógtha agus Iompar

**SG2. Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta.**

| Cuspóirí | |
|---|---|
| **Cuspóir 1 Timpeallacht Thógtha agus Iompar** | **Cuspóir 2 Timpeallacht Thógtha agus Iompar:** |
| Ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ár mbrath ar bhreoslaí iontaise-bhunaithe a laghdú, agus tionchar dearfach a imirt ar ghníomhartha daoine eile laistigh dár bpobal. | Athléimneacht an bhonneagair iompair, shócmhainní na Comhairle sócmhainní agus an stoic tithíochta a fheabhsú. |

### Ailíniú Beartais

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[1]**




**Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar[2]**

- DECA 2
- DECA 3
- DECA 4
- DECA 6

### Comhthairbhí

- Cruthú Post
- Forbairt Áitiúil
- Teacht Aniar Níos Mó
- Costais Laghdaithe

1 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar Ailíniú le SDGanna.
2 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar léargas ginearálta ar Spriocanna Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA).

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | **Timpeallacht Thógtha** | | | | | |
| BE 1 | **Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na Comhairle a fheabhsú chun cabhrú le spriocanna laghdaithe carbóin a sholáthar agus an úsáid a bhaintear as foinsí fuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú, sa chás gur féidir,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ghabhdóirí daonna áitiúla, speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus an gá le struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | An Céatadán de laghdú ar astaíochtaí teirmeacha agus leictreachasbhu-naithe gach bliain ar an gcóras M agus T. | Sócmhainní Corparáideacha, Tithíocht. | SEAI, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 5 bliana |
| BE 2 | **Leanúint le tithíocht shóisialta faoi úinéireacht na Comhairle a iarfheistiú le rátálacha BER a fheabhsú;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ghabhdóirí daonna áitiúla, speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | An Céatadán de thithíocht shóisialta ag a bhfuil rátáil BER B2 agus os a chionn. | Tithíocht | Airgeadas | Gach Bliain |
| BE 3 | **A chinntiú go dtógtar gach foirgneamh nua na Comhairle, sa chás gur féidir, i leith chaighdeáin NZEB, ar a laghad;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá lena chinntiú nach mbeidh aon éifeacht dhiúltach chomhshaoil ag forbairt fuinnimh in-athnuaite lena dtacaíonn an gníomh seo. | Maolú | Líon foirgneamh nua a tógadh i leith chaighdeáin NZEB. | Tionscadail Chaipitil | Rannóg Cliant | 2 bhliain |
| BE 4 | **Tabhairt faoi measúnú riosca aeráide ar shócmhainní oidhreachta faoi úinéireacht CCM (nádúrtha agus tógtha), ag cloí le treoir dhea-chleachtais.** | Oiriúnú | Measúnú riosca aeráide críochnaithe | An Rannóg Oidhreachta agus Bithéagsúlachta | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>An tAonad Pleanála | 2 bhliain |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | **Timpeallacht Thógtha** | | | | | |
| **BE 5** | **Leanúint ag tabhairt faoi thuairiscí BER/ iniúchtaí Fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí faoi úinéireacht na Comhairle le clár sócmhainní foirgneamh a chruthú.** | Maolú | Líon tuairiscí BER/ iniúchtaí Fuinnimh a rinneadh gach bliain. | Sócmhainní Corparáideacha | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |
| **BE 6** | **Gach cartlann agus bailiúchán áitiúil faoi úinéireacht na Comhairle a shainaithint maidir le hoidhreacht nó an timpeallacht thógtha agus pleananna bainistíochta tubaiste a chur i bhfeidhm, faoi mar is cuí, pleanáil agus tabhairt faoi athbhreithniú chun teacht aniar aeráide a fhorbairt (trí úsáid a bhaint as eiseamláirí agus staidéar píolótach).** | Oiriúnú | Iniúchadh déanta ar shócmhainní, apleananna bainistíochta i bhfeidhm agus clár cigireachta tosaithe. | Rannóg an Mhúsaeim | Leabharlanna<br>An Rannóg Oidhreachta | 3 bliana |
| **BE 7** | **Athúsáid oiriúnaitheach a bhaint as struchtúir stairiúla sa chontae a chur chun cinn, e.g. tionscadail iarfheistithe agus buiséid charbóin a úsáid le luach aeráide a léiriú;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | Líon tionscadail chás-staidéir a roghnaíodh agus a soláthraíodh. | Pleanáil,<br>An Rannóg Oidhreachta | An Rannóg Athghiniúna | 5 bliana |

## Timpeallacht Thógtha agus Iompar

**SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Timpeallacht Thógtha** | | | | | | |
| **BE 8** | **Aonaid stoc tithíochta a mhéadú agus folúntas agus dearóiliú a laghdú tríd an deontas athchóirithe réadmhaoine foilmhe a riar (Croí Cónaithe);** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | Líon deontas a cheadaítear gach bliain | Tithíocht | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Gach Bliain |
| **BE 9** | **Páirt a ghlacadh i staidéar ar astaíochtaí a laghdú trí Bhorradh Uirbeach Dlúth in Éirinn (RE-CUGI) (cistithe ag an SEAI).** | Maolú | Staidéar déanta agus úsáideadh na príomhthorthaí le heolas a chur ar fáil don bheartas. | An Rannóg Athghiniúna | Ionad UCD um Bailte na hÉireann (LEAD), UCD, Comhairle Foirgneamh Glas na hÉireann, Comhairle Contae Mhuineacháin mar chomhoibrí – Baile Mhuineacháin agus Baile na Lorgan mar bhailte cás-staidéir | 2023-2025 |
| **BE 10** | **Páirt a ghlacadh i staidéar ar Athbheochan trí Fhoirgnimh Fholmha a Chomhtháthú isteach sa Gheilleagar Ciorclach TREBUChEt (cistithe ag an EPA).** | Maolú | Staidéar déanta agus úsáideadh na príomhthorthaí le heolas a chur ar fáil don bheartas. | An Rannóg Athghiniúna | EPA (Ceannaire), OÉ, Gaillimh, ICHEC, UCD, An Chomhairle Oidhreachta, Comhairle Contae Mhuineacháin mar chomhoibrí – Baile Mhuineacháin mar chás-staidéar | 2023-2025 |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚA** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | **Timpeallacht Thógtha** | | | | | |
| **BE 11** | **An t-ualach oibre TF a aistriú ó áitreabh na Comhairle go néal TF na Comhairle.** Rachfar i mbun beart lena chinntiú go bhfuil na spriocanna inbhuanaitheachta agus carbóin ag an soláthraí néil a roghnaíodh a thagann leis an gcuspóir foriomlán | Le chéile | Dul chun cinn ar an acmhainn néalbhunaithe a chomhtháthú. | Teicneolaíocht Faisnéise | | 3 bliana |
| **BE 12** | **Dul chun cinn a thagarmharcáil agus a rianú ar astaíochtaí na Comhairle a laghdú trí leanúint ag tuairisciú gach bliain ar an gcóras M agus T. An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide** | Le chéile | Céatadán de laghdú ar gach saghas astaíochtaí gach bliain | Oifigeach Fuinnimh | Bóithre Sócmhainní Corparáideacha | Gach Bliain |
| **BE 13** | **Idirchaidreamh a dhéanamh leis an EPA maidir le tuairisciú i dtaobh an Fhardail Náisiúnta Astaíochtaí le hailíniú le gníomhartha ar son na haeráide amach anseo.** | Le chéile | Tuarascáil ar dhul chun cinn | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide Oifigeach Fuinnimh | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 4 bliana |
| **BE 14** | **Plean um Thús Áite do Láir Bhailte a dhéanamh do gach baile mór laistigh den chontae agus moltaí a chur i bhfeidhm.** An aird mar is cuí a thabhairt ar speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Le chéile | Plean críochnaithe agus moltaí i bhfeidhm. | An Rannóg Athghiniúna | | 3 bliana |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T1** | **Staidéar Indéantachta a dhéanamh do Bhreoslaí Malartacha do HGVanna na Comhairle le roghanna flít feithiclí ísealbharbóin agus saor ó charbón a shainaithint agus moltaí ón staidéar seo a chur i bhfeidhm.** | Maolú | Críochnaíodh staidéar indéantachta Moltaí i bhfeidhm | Bóithre | Comhshaol, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 1 bhliain |
| **T2** | **Treochlár dícharbónaithe flít a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir na dtreoirlínte laistigh de** ***Flít Údaráis Áitiúil – Straitéis Dícharbónaithe (Local Authority Fleet – Strategy to Decarbonisation)***. Agus a chinntiú go ndéantar go ndéantar fuinneamh/ breosla malartach a úsáidtear chun feithiclí údaráis áitiúil a chumhachtú a fhoinsiú go hinbhuanaithe, agus go bhfuil cleachtais chuí bainistithe deireadh ré i bhfeidhm d'Fheithiclí Leictreacha. | Maolú | Treochlár críochnaithe Céatadán de laghdú ar astaíochtaí flít gach bliain ar an gcóras M agus T. | Bóithre | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol | 2 bhliain |
| **T3** | **Staidéar píolótach a fhairsingiú ar ábhar malartach "ísealcharbóin" pábhála lena úsáid ar an ngréasán bóithre, agus díriú ar na moltaí a eascraíonn as a chur i bhfeidhm. Clár Píolótach maidir le hÁbhair Cheangailte Ísealfhuinnimh (LEBM) ina n-úsáidtear Pábháil Asfailt Athghafa (RAP).** | Maolú | Tuarascáil ar dhul chun cinn ar an scéim phíolótach Tuarascáil ar an gcéatadán de thonnaí/chiliméadair d'ábhar pábhála ísealcharbóin a úsáideadh. | Bóithre | Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Iompair | 4 bliana |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T4** | **Páirt a ghlacadh sa ghrúpa oibre um Athshlánú bóithre ar mhóin leis na teicnící idirghabhála is cuí i dtaobh an chomhshaoil a dheimhniú;** agus a chinntiú i gcomhthráth go dtugtar an aird chuí i dtionscadail athshlánaithe ar mhóin, leibhéil uisce, riosca i gcás tuilte, bithéagsúlacht, agus láithreáin Eorpacha. | Le chéile | Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an ghrúpa oibre chun eolas a chur ar fáil do chinntí bainistíochta. | Bóithre | Grúpa Oibre, Idirchontae | 5 bliana |
| **T5** | **Straitéis agus plean um chur i bhfeidhm luchtaithe Evanna a fhorbairt chun tacú le luchtú EVanna a thabhairt isteach,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir áitiúil. | Le chéile | Straitéis EVanna críochnaithe. Líon pointí Luchtaithe EVanna curtha ar fáil | Bóithre | Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann, Údaráis áitiúla máguaird | 2 bhliain |
| **T6** | **EV roinnte a sholáthar don fhoireann lena úsáid do thaisteal a bhaineann leis an obair;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir áitiúil. | Maolú | Líon ciliméadar a taistealaíódh/ Líon úsáideoirí gach bliain. | Bóithre | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, Airgeadas | Bliantúil |
| **T7** | **Straitéis Siúil agus Rothaíochta Contae (2021-2026) a chur i bhfeidhm;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha. | Le chéile | Dul chun cinn bliantúil ar an straitéis. | Taisteal Gníomhach, Bóithre | An Pobal | Gach Bliain |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T8** | **Tionscadail taistil ghníomhaigh agus ghlasbhealaigh a sholáthar chun aistriú córa iompair a bhaint amach trí rothaíocht, siúl agus rith a spreagadh mar mhalairt ar thaisteal i ngluaisteán;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil. | Le chéile | Líon tionscadal á sholáthar Ciliméadair de bhonneagar taistil ghníomhaigh curtha ar fail An méid a caitheadh ar thionscadail taistil ghníomhaigh/ an méid cistithe a fuarthas ó údaráis deonúcháin. An céatadán den bhuiséad a leithdháileadh a úsáideadh. | Bóithre, Taisteal Gníomhach | An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Pleanáil, Bonneagar Iompair Éireann | Gach Bliain |
| **T9** | **Aistriú córa iompair a chur chun cinn agus feasacht ar chlár Taistil Níos Cliste a mhéadú le fostóirí agus pobail áitiúla páirt a ghlacadh.** | Oiriúnú | Líon fostóirí/ gnólachtaí ag glacadh páirte. Líon imeachtaí oiliúna rothaíochta sábháilte. Líon seachtainí siúil ina gcuirtear imeachtaí dúshlán céimeanna ar siúl. Líon feachtas um fheasacht phoiblí. Imeachtaí Sheachtain na Rothar a cuireadh ar siúl. | Taisteal Gníomhach, Comhpháirtíocht Spóirt. | Iompar d'Éirinn, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifig Fiontair Áitiúil. Muineachán Sláintiúil. | Gach Bliain |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | **Iompar** | | | | | |
| **T10** | **An Clár Bealach Sábháilte chun na Scoile a sholáthar le scoláirí agus an fhoireann a spreagadh páirt a ghlacadh i dtaisteal gníomhach,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil, oidhreacht chultúrtha etc. | Le chéile | Tuarascáil ar dhul chun cinn an chláir. Líon na scoileanna a ghlacann páirt sa chlár. | Taisteal Gníomhach | An Taisce, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Gach scoil i Muineachán. | Gach Bliain |
| **T11** | **An bonneagar taistil ghníomhaigh a chosaint agus a chothabháil i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha | Le chéile | Ciliméadair d'athdhromchlú taistil ghníomhaigh a críochnaíodh. Líon na n-oibríochtaí Cothabhála a rinneadh. | Bóithre, Taisteal Gníomhach | An Roinn Iompair, Údarás Náisiúnta Iompair na hÉireann, Bonneagar Iompair Éireann | Gach Bliain |
| **T12** | **Leanúint le rannpháirtíocht inmheánach ag gníomhú sheachtrach le haistriú córa iompair go taisteal gníomhach a chur chun cinn;** agus tacú le agus tionchar á imirt i gcomhthráth lena chinntiú go dtugtar an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha | Le chéile | Líon chruinnithe an fhóraim Rothaíochta agus Siúil a cuireadh ar bun. Líon na gcruinnithe inmheánacha grúpa oibre roinne a cuireadh ar bun. | Taisteal Gníomhach, Acmhainní Daonna, Comhpháirtíochtaí Spóirt, Muineachán Sláintiúil | An Grúpa Oibre Inmheánach, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T13** | **Scrúdú ar a indéanta atá sé córas Páirceála agus Siúil ag láithreacha éagsúla i mbailte ar fud an chontae;** a chinntíonn go dtugann an staidéar sin an aird chuí ar gach breithniú ábhartha pleanála agus cosanta comhshaoil. | Le chéile | Críochnaíodh staidéar indéantachta Líon na láithreacha na páirceála agus siúil laistigh den chontae. | Ceantair Bhardasacha | An Taisce, Taisteal Gníomhach | 3 bliana. |
| **T14** | **Feasacht a fhorbairt agus a mhúscailt ar chóras áirithinte ar líne a úsáidfear do rothair leictreacha faoi úinéireacht na Comhairle leis an bhfoireann a spreagadh iad a úsáid.** | Le chéile | An líon uaireanta a úsáidtear rothair leictreacha i ngach limistéar. | Taisteal Gníomhach, Teicneolaíocht Faisnéise | | 2 bhliain |
| **T15** | **Leanúint le clár Bainistíochta agus Measúnaithe Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantar-bhunaithe (CFRAM) a chur ar siúl laistigh de Mhuineachán lena chinntiú go sainaithnítear na rioscaí i gcás tuilte go léir léir faoi láthair agus amach anseo agus díriú ar chur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá le réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ar íogaireacht chomhshaoil ag na láithreacha seo, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach san áireamh. | Maolú | Líon measúnuithe CFRAM a críochnaíodh. | Pleanáil | Oifig na nOibreacha Poiblí | Gach Bliain |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar** | **SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta.** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T16** | **Saincheisteanna maidir le tuile áitiúil a réiteach trí úsáid a bhaint as cistiú an OPW agus na Roinne Iompair. (Oibreacha um Oiriúnú don Aeráid agus Teacht Aniar Aeráide, scéim mionoibreacha an OPW.)** Leanúint leis an ngréasán iompair agus le sócmhainní eile a chothabháil trí bhaic a bhaint chun an baol i leith tuilte uisce dromchla a laghdú; agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá le réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ar íogaireacht chomhshaoil ag na láithreacha seo, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach, luach taitneamhachta amhairc agus caitheamh aimsire agus áineasa san áireamh. | Oiriúnú | Líon tionscadal a críochnaíodh agus an caitheamh iomlán. An méid cistiú a fuarthas. | Bóithre | Oifig na nOibreacha Poiblí | Gach Bliain |
| **T17** | **Cothabháil a dhéanamh ar an ngréasán iompair leis an mbaol i leith tuilte uisce dromchla a chur san áireamh;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá atá leis an timpeallacht a chosaint, láithreáin Eorpacha agus Bithéagsúlacht san áireamh fad a thugtar faoi oibreacha cothabhála. | Oiriúnú | Oibríochtaí cothabhála a rinneadh. | Bóithre, Ceantair Bhardasacha | | Gach Bliain |

| **Timpeallacht Thógtha agus Iompar** | **SG2: Tabhairt faoi ghníomhartha ar son na haeráide le teacht aniar aeráide na timpeallachta tógtha agus an iompair a mhéadú agus laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach ar aon dul le spriocanna náisiúnta.** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| | | | **Iompar** | | | |
| **T18** | **Straitéis Draenála Inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don chontae;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá le réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ar íogaireacht chomhshaoil, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach, luach taitneamhachta amhairc agus caitheamh aimsire agus áineasa san áireamh. | Le chéile | Straitéis Draenála Inbhuanaithe críochnaithe. | Pleanáil | Bóithre, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 3 bliana |
| **T19** | **Tacú leis na seirbhísí iarnróid a athcheangal leis an gcontae i gcomhréir leis an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin. (AISRR);** agus tacú le agus tionchar á imirt i gcomhthráth lena chinntiú go bhfuil an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha. | Maolú | Tuarascáil ar dhul chun cinn. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | An Roinn Iompair in Éirinn. An Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann. | 5 bliana. |

## 3.6 An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas

Contae tuaithe, den chuid is mó, atá i Muineachán ar a bhfuil cáil mar gheall ar na droimníní, na lochanna agus na córais abhann atá ann. Is í talmhaíocht an phríomhúsáid a bhaintear as talamh agus glacann sí le ról tábhachtach i mborradh geilleagrach agus inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin.

Cruthaíonn athrú aeráide leanúnach agus tuartha rioscaí móra don timpeallacht nádúrtha. Tá an bhithéagsúlacht agus gnáthóga á n-ídiú ag teochtaí atá ag dul in airde agus ag eachtraí adhaimsire. Imrítear tionchar mór freisin ar chleachtais talmhaíochta agus titeann rátaí níos airde de thriomach nó de bháisteach ard-déine amach.

Is í fís Chomhairle Contae Mhuineacháin a chinntiú go gcaomhnaítear agus go bhfeabhsaítear timpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus go méadaítear an bonneagar glas a sholáthraítear, sa chás gur féidir. Sócmhainn luachmhar atá i mbonneagar glas i dtaobh tacú le bithéagsúlacht, tacú le huisce stoirme agus bainistíocht riosca i gcás tuilte a bhainistiú, stóráil carbóin a bharrfheabhsú agus deiseanna á gcur ar fáil freisin i gcomhthráth do sheirbhísí éiceachórais, taistil ghníomhaigh, áineasa agus caitheamh aimsire.

Déanfaidh infheistiú chun an timpeallacht nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú réimse tairbhí ar fáil a chabhraíonn le baol an athraithe aeráide a bhainistiú agus a laghdú agus le teacht aniar a fhorbairt trí chreimeadh ithreach a laghdú, uisce a ritheann chun srutha a ionsú agus a mhoilliú, fuarú agus scáthú a sholáthar i gceantair uirbeacha, an fiadhúlra agus an bhithéagsúlacht a mhéadú agus cur le sláinte agus folláine.



**An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**

| SG 3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | |
|---|---|---|
| **Cuspóiri** | | |
| **Cuspóir NEGI 1:** Sócmhainní nádúrtha Chontae Mhuineacháin a shaothrú chun cur le teacht aniar agus le forbairt ísealcharbóin. | **Cuspóir NEGI 2:** Líonra glas bonneagrach a chothú, a mhéadú agus a fheabhsú le teacht aniar agus gnáthóg a fhorbairt. | **Cuspóir NEGI 3:** Sócmhainní nádúrtha Chontae Mhuineacháin a chosaint agus a fheabhsú. |

## Ailíniú Beartais

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[1]**




**Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar[2]**

- DECA 3
- DECA 4

## Comhthairbhí

- Cáilíocht an Uisce
- Cáilíocht an Aeir
- Athchóiriú an Dúlra
- Geilleagar Ciorclach

1 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar Ailíniú le SDGanna.
2 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar léargas ginearálta ar Spriocanna Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA).

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **NEGI 1** | **Plean Bonneagair Ghlais a fhorbairt ar leibhéal contae agus mórcheantair uirbigh, ina gcuimsítear breithnithe éiceolaíochta, maolaithe agus oiriúnú ar/d'athrú aeráide, agus cosanta comhshaoil, le teacht aniar aeráide a mhéadú, réimse fairsing seirbhísí éiceachórais a sholáthar, agus an bhithéagsúlacht á feabhsú i gcomhthráth.** | Le chéile | Plean Bonneagair Ghlais forbartha agus glactha mar chuid de Phlean Forbartha Contae nó de Phróiseas an Phlean Ceantair Áitiúil, faoi mar is cuí. | Pleanáil | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Bithéagsúlachta, An Rannóg Oidhreachta, Taisteal Gníomhach, LAWPRO Tionscadail Chaipitil. | 3 bliana |
| **NEGI 2** | **Plean Crann agus Coillearnaí a fhorbairt leis an mbrat crann a mhéadú ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle, trí úsáid a bhaint as speicis chuí chun carbón a stóráil, tacú leis an dúlra, ithreacha agus cáilíocht an uisce a fheabhsú, agus cabhrú le cosaint ar thuilte agus dearadh uirbeach. Díriú ar limistéir thalún poiblí faoi fhoraoiseacht a mhéadú trí scéimeanna cosúil le "Foraois a Chruthú ar Thailte Poiblí".** | Le chéile | Líon crann a cuireadh ar thalamh na Comhairle.<br>Líon crann a cuireadh ar thalamh an phobail agus ar thalamh eile phoiblí trí thacaíocht CCM. M2/ heicteáir de thalún a cumhdaíodh.<br>Líon imeachtaí cuir pobail. | Oifigeach Bithéagsúlachta | An Rannóg Gairneoireachta, Ceantair Bhardasacha, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide An Rannóg Comhshaoil | 3 bliana |

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **NEGI 3** | **Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a fhorbairt don chontae le bithéagsúlacht a chosaint agus a mhéadú ar thalamh na Comhairle.** | Le chéile | Críochnaíodh an plean.Líon gníomhartha bithéagsúlachta a baineadh amach gach bliain. Méadú ar an achar talún nó ar na suíomhanna a bhainistítear i leith bithéagsúlachta. Líon imeachtaí a cuireadh ar bun nó ar freastalaíodh orthu. Líon nó méadú ar aimsithe bithéagsúlachta trí na meáin shóisialta. | Oifigeach Bithéagsúlachta | Fóram Bithéagsúlachta | 2 bhliain |
| **NEGI 4** | **Beartas laghdaithe lotnaidicíde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Chomhairle Contae Mhuineacháin, trí úsáid a bhaint as clár píolótach um úsáid i bhfad níos lú a bhaint as gliofosáit agus trialacha a bhaint de mheaisín spágáil, chun sprioc na hÉireann chun laghdú 50% faoin mbliain 2030 a bhaint amach nó a shárú;** agus a chinntiú i gcomhthráth nach n-úsáidtear na substaintí seo ach a mhéid agus a fhairsinge sin nach mbíonn siad ina gcúis le héifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht ghlactha, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht nó láithreáin Eorpacha. | Le chéile | Críochnaíodh an beartas. Céatadán de laghdú ar ghliofosáit. | Oifigeach Bithéagsúlachta Ceantair Bhardasacha | An Rannóg Gairneoireachta | 3 bliana |

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **NEGI 5** | **Bainistiú inbhuanaithe ar limistéir 'a tógadh i gcúram' agus ar an ríocht phoiblí, páirceanna agus spásanna glasa a fhairsingiú tríd an méid seo a leanas:**<br>• **Na limistéir a bhainistítear mar mhóinéar/ bhláthanna fiáine a mhéadú.**<br>• **Crainn agus toir a thacaíonn le pailneoirí a chur i gcomhréir leis an bplean náisiúnta um pailneoirí.**<br>• **Tacú le grúpaí pobail tabhairt faoi thionscadail ghaolmhara.**<br>• **An t-innealra a dhícharbónú a úsáidtear le limistéir a bhainistiú laistigh den ríocht phoiblí, páirceanna agus spásanna glasa nuair is indéanta agus is praiticiúil amhlaidh a dhéanamh.**<br>• **An úsáid a bhaintear as breosla tionchair ísil a fhairsingiú, faoi réir costais, sa chás gur cuí.** | Le chéile | Limistéir a bhainistítear mar mhóinéar. Líon crann/tor a cuireadh. Líon tionscadail phobail ar tacaíodh leo. Tuarascáil ar dhul chun cinn ar dhícharbónú innealra | Ceantair Bhardasacha An Rannóg Gairneoireachta | Oifigeach Bithéagsúlachta | Gach Bliain |

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **NEGI 6** | **Plean Bainistíochta Caomhantais a chur i bhfeidhm do Shliabh Beatha, bainistíocht ar dhóiteáin agus ar bhaint mhóna, bainistíocht uisce a chur i bhfeidhm, dumpáil agus speicis ionracha a rialú, tionscnaimh um chur chun cinn agus oideachais san áireamh.** | Le chéile | Líon gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm. | Oifigeach Bithéagsúlachta. An Rannóg Oidhreachta/ Oifigeach Tailte Portaigh | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, RSPB, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uisce Thuaisceart Éireann, Caomhnú Féileacán Éireann, Iontaobhas Dhobharcheantar na hAbhann Móire, Cairde Éanlaith Éireann, Comhpháirtíocht Loch nEathach, An Taisce. NIEA, FDC, SBEMC, IFA, DARD, FSNI, DAEF, Pobail Áitiúla | 5 bliana |
| **NEGI 7** | **A chinntiú go gcuirtear tograí do Chórais Draenála Inbhuanaithe san áireamh i ngach togra forbartha, sa chás gurb indéanta.** | Oiriúnú | Líon na gceadanna pleanála a dheonaítear lena n-áirítear bearta maidir le Córais Draenála Inbhuanaithe. | An Rannóg Pleanála | Tionscadail Chaipitil | Gach Bliain |

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| NEGI 8 | **Plean Gníomhaíochta Bogach Mhuineacháin 2020 a chur i bhfeidhm. Tuilemhánna agus bogaigh a chosaint agus a chaomhnú, ag féachaint leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus tuile a mhaolú.** | Le chéile | Líon gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm. | Oifigeach Bithéagsúlachta | NPWS, An Roinn Pleanála, Fóram Bogach Mhuineacháin, IFA, Teagasc, NIEA, Uisce Thuaisceart Éireann, Pobail Áitiúla | 3 bliana |
| NEGI 9 | **Plean Oidhreachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht ar gach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha sa Chontae a chur i dtaifead, a chaomhnú, agus feasacht a mhúscailt orthu;** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an gá atá le gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus láithreáin Eorpacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, tacú le cothabháil agus le feabhsú cháilíocht an uisce ar aon dul le haidhmeanna na Creat-Treorach Uisce, agus struchtúir faoi chosaint a chaomhnú. | Oiriúnú | Plean Oidhreachta Áitiúla glactha gach cúig bliana agus gníomhartha curtha i bhfeidhm. | An Rannóg Oidhreachta | An Chomhairle Oidhreachta, Fóram Oidhreachta, Leabharlanna-Éire Ildánach. | 3 bliana |
| NEGI 10 | **Feachtais chun torthaí bia agus dí orgánacha a tháirgtear go háitiúil a chur chun cinn ina dtugtar chun solais an déine carbóin agus bia-aistir bhia iompórtáilte vs bia a tháirgtear go háitiúil.** | Le chéile | Líon feachtas a cuireadh ar siúl | An Rannóg Turasóireachta | Cumarsáid | Gach Bliain |

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | SG3: Barr feabhais a chur ar thimpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin agus tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| NEGI 11 | **Cainteanna nó ceardlanna sonracha d'fheirmeoirí a chur chun cinn ar chleachtais feirmeoireachta ar a bhfuil Ardluach Dúlra lena chumasú scileanna praiticiúla a roinnt.** | Le chéile | Líon imeachtaí a cuireadh ar bun. | Oifigeach Bithéagsúlachta | Teagasc, Cumarsáid, IFA | Gach Bliain |
| NEGI 12 | **Deiseanna a fhiosrú le hidirchaidreamh níos doimhne a dhéanamh leis an Earnáil Talmhaíochta maidir le saincheisteanna Comhshaoil agus Aeráide agus idirghabháil fhéideartha áitiúil le cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, agus sócmhainní eile comhshaoil a chosaint agus/nó a fheabhsú.** | Le chéile | Tuarascáil ar dhul chun cinn (Ionadaíocht ar an bhFóram Bithéagsúlachta) | Oifigeach Bithéagsúlachta | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Taisce, IFA, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |
| NEGI 13 | **Cur i bhfeidhm tionscadail bhithéagsúlachta agus chosanta foinse ag Grúpscéimeanna Uisce a chur chun cinn** | Le chéile | Líon tairiscintí rathúla cistithe faoin bplean uisce ilbhliantúil | Uisce Tuaithe | Grúpscéimeanna Uisce, Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, Oifigeach Bithéagsúlachta, , Grúpaí Pobail | 3 bliana |
| NEGI 14 | **Plean cosanta Blue Dot a ullmhú agus feasacht a mhúscailt ar Dhobharlaigh Blue Dot (Ardstádas) Mhuineacháin.** | Le chéile | Críochnaíodh plean. Líon feachtas a cuireadh ar siúl. | Seirbhísí Comhshaoil | An Rannóg Oidhreachta, Oifigeach Bithéagsúlachta, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 3 bliana |

## 3.7 Pobail: Teacht Aniar agus Aistriú

Tabharfaidh réiteach innealtóireachta sinn cuid den bhealach chomh fada lenár ngníomhartha aeráide a bhaint amach. Anuas air sin, teastóidh tacaíocht a sholáthar do phobail agus tacú le pobail chun cur chuige sochaíoch níos fairsinge a uasmhéadú agus a chinntiú go bhfuil a bpáirt á glacadh ag gach duine chun contae atá airdeallach ar an aeráid a mhúnlú don ghlúin amach anseo.

Tá príomhbhaint ag eolas, idirchaidreamh agus rannpháirtíocht a sholáthar lena chinntiú go mbaintear athrú bríoch agus fadtréimhseach iompraíochta amach. Tá seo tábhachtach san oiread sin limistéar le rath a chinntiú, mar shampla, sa ghlacadh le taisteal gníomhach agus san úsáid a bhaintear as iompar poiblí, san aistriú chuig foinsí téimh nó breosla ísealcharbóin, an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú agus feasacht ghinearálta ar athrú aeráide, a thionchair agus a dheiseanna a chothú.

Tá sé tábhachtach go spreagtar plé leanúnach leis an réimse éagsúil pobal chun éisteacht, chun freagairt agus chun oibriú i gcomhar lena chéile chun dul i ngleic leis na bearta a theastaíonn le chéile.

Is iomaí grúpa pobail gníomhach atá ann cheana féin a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an timpeallacht agus a oibríonn le hoibleagáidí aeráide a sholáthar i gContae Mhuineacháin chun réitigh fhíoráitiúla fhíor-inbhuanaithe a n-éiríonn leo a chruthú. Tá an Chomhairle tiomanta d'oibriú leis na grúpaí seo lena chur ar a gcumas a n-uaillmhianta a chomhlíonadh.

Is í ár n-aidhm eolas a chur ar fáil do rannpháirtíocht, páirt a ghlacadh i rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn i measc cónaitheoirí agus gach saghas pobal i dtaobh réitigh áitiúla a shainaithint agus a sholáthar chun a n-uaillmhianta aeráide a bhaint amach.



**Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú**

| SG 4: Tacú le pobail agus iad a chumasú gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar. | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | |
| **Cuspóir CRT 1:** | **Cuspóir CRT 2:** |
| Eolas a sholáthar d'fheasacht agus í a chruthú maidir le bearta éifeachtacha um ghníomhú ar son na haeráide. | Éileamh a spreagadh agus a chruthú ar ghníomhú ar son na haeráide trí chláir forbartha acmhainní, beartas/ionstraimí airgeadais agus cláir áitiúla forbartha agus folláine. |

## Ailíniú Beartais

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[1]

- 8 OBAIR AGUS BORRADH GEILLEAGRACH FÓNTA
- 11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE
- 17 COMHPHÁIRTÍOCHT I DTAOBH NA SPRIOCANNA

### Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar[2]

- DECA 4
- DECA 5
- DECA 6

## Comhthairbhí

- Ionchuimsiú Sóisialta
- Rannpháirtíocht na hÓige
- Oideachas agus Feasacht
- Forbairt Scileanna

1 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar Ailíniú le SDGanna.

2 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar léargas ginearálta ar Spriocanna Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA).

| Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú | SG4: Tacú le pobail agus iad a chumasú gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **CRT 1** | **Rannóga inbhuanaitheachta agus um ghníomhú ar son na haeráide a chur san áireamh le haghaidh pleananna bainistíochta imeachtaí chun tionchar comhshaoil imeachtaí na Comhairle a laghdú, an méid seo a leanas ina measc ach gan a bheith teoranta dó: plaisteach aonúsáide a bhaint, sa chás gur féidir, dramhaíl a scaradh i gceart anuas ar stáisiúin uisce agus cupáin inmhúirínithe. A chinntiú go dteastaíonn pleananna bainistíochta imeachtaí chun comhlíonadh an bheartais dea-chleachtais reatha a léiriú i dtaobh féilte agus imeachtaí Glasa/ Inbhuanaithe.** | Maolú | Líon na bpleananna bainistíochta imeachta a n-éiríonn leo dul i ngleic le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide | Ceantair Bhardasacha | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Rannóg Turasóireachta | Gach Bliain |
| **CRT 2** | **Beartais, nósanna imeachta, agus cumarsáid a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn.** | Maolú | Líon nó céatadán beartas agus pleananna inar leabaíodh Gníomhú ar son na hAeráide. | An Rannóg Turasóireachta | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |
| **CRT 3** | **Tacú le pobail teacht ar chistiú do thionscadail nó gníomhú maidir le hathrú aeráide atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.** | Le chéile. | Líon na n-iarratas rathúil ar chistiú a seoladh ar aghaidh d'idirghabháil. An méid cistiú a fuarthas do thionscadail phobail. | An Pobal | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |

| Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú | SG4: Tacú le pobail agus iad a chumasú gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **CRT 4** | **Scóráil um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur san áireamh i measúnuithe deontais lena chinntiú go gcuimsíonn Grúpaí Pobail Gníomhú ar son na hAeráide ina ngníomhaíochtaí uile atá cistithe ag deontas.** | Líon na scéimeanna deontais a bhfuil Gníomhú ar son na hAeráide mar chritéar bunriachtanach dóibh. | An Pobal, an Rannóg Cultúir | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Ceantair Bhardasacha | | 1 bhliain |
| **CRT 5** | **Tacú, trí Chlár an Chumainn Ghlais, le cumainn Chluichí Gaelacha chun tabhairt faoi ghníomhú simplí agus éifeachtach inbhuanaitheachta ar a dtailte agus ina ngníomhaíochtaí.** | Le chéile | Méid idirchaidrimh le Cumainn Ghlasa. | Seirbhísí Comhshaoil, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | CARO, an CLG, Cumann Pheil na mBan (LGFA), an Cumann Camógaíochta | Gach Bliain |
| **CRT 6** | **Straitéis cuibhrinn phobail a fhorbairt.** | Maolú | Críochnaíodh an straitéis. | An Pobal | Oifigeach Bithéagsúlachta, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Rannóg Gairneoireachta, Ceantair Bhardasacha | 3 bliana |
| **CRT 7** | **Tacú le cistiú Éire Ildánach um ghníomhú ar son na haeráide a thabhairt isteach leis na healaíona a chuimsiú i rannpháirtíocht an phobail maidir le gníomhú ar son na haeráide.** | Le chéile | Líon thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide Éire Ildánach gach bliain. | Leabharlanna | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |

| Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú | SG4: Tacú le pobail agus iad a chumasú gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
| CRT 8 | **Tacú le forbairt agus obair leanúnach Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SECanna),** agus tacaíocht á tabhairt agus tionchar á imirt lena chinntiú nach sáraíonn an fhorbairt lena dtacaítear critéir ábhartha um chosaint an chomhshaoil nó nach mbíonn sé ina chúis le héifeachtaí suntasacha diúltacha comhshaoil. | Maolú | Tacaíocht tugtha don phobal | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach Fuinnimh | An SEAI | Gach Bliain |
| CRT 9 | **Feachtas Cianoibrithe/Moil Dhigitigh a chur chun cinn chun cabhrú le forbairt inbhuanaithe chothrom réigiúnach a spreagadh.** | Le chéile | Líon taispeáintí sna meáin shóisialta | Oifig Fiontair Áitiúil | Ctek, Mol Digiteach Mhuineacháin, Ionad Fiontar Bhaile na Lorgan, Mol Chúil Darach, Teach an Stáisiún | 1 bhliain |
| CRT 10 | **An Deontas Éifeachtúlachta Glaise a úsáid lena chur ar chumas gnólachtaí réitigh theicneolaíochta glaise a chur i bhfeidhm,** agus tacaíocht á tabhairt agus tionchar á imirt lena chinntiú nach sáraíonn an fhorbairt fuinnimh in-athnuaite lena dtacaítear critéir ábhartha um chosaint an chomhshaoil nó nach mbíonn sé ina chúis le héifeachtaí suntasacha diúltacha comhshaoil. | Oiriúnú | Líon iarratas rathúil ar dheontas | Oifig Fiontair Áitiúil | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. | Gach Bliain |
| CRT 11 | **An scéim tacaíochta do Ghnólachtaí Glasa a fhairsingiú a chuireann ar chumas gnólachtaí a lorg carbóin reatha a thomhas agus moltaí a fháil.** | Le chéile | Líon iarratas rathúil ar dheontas. | Oifig Fiontair Áitiúil | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, | Gach Bliain |

| Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú | SG4: Tacú le pobail agus iad a chumasú gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **CRT 12** | **Cláir inbhuanaitheachta comhshaoil a fhorbairt agus a sholáthar do bhonn/punann an LEO agus díriú ar leith ar gheilleagar ciorclach, an clár glas agus/nó laghdú carbóin.** | Oiriúnú | Líon clár sa bhliain. | Oifig Fiontair Áitiúil | Credit Technology Gateway, DkIT, CARO, LEADER | Gach Bliain |
| **CRT 13** | **Gníomhú ar son na hAeráide a chur san áireamh mar théama i rith Sheachtain na Fiontraíochta.** | Le chéile | Líon gnólachtaí ag freastal. | Oifig Fiontair Áitiúil | An SEAI, Credit Technology Gateway/ LEADER, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| **CRT 14** | **Feasacht a mhúscailt ar riachtanais maidir le tuairisciú faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach do chuideachtaí.** | Le chéile | Líon cuideachtaí a thuairiscíonn ar CSRD | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifig Fiontair Áitiúil | | Gach Bliain |
| **CRT 15** | **An pobal a chumasú éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú trí theacht ar eolas agus ar acmhainní a chumasú tríd an tseirbhís leabharlainne chun tacú le feasacht agus le measúnú ar choigilt fuinnimh sa bhaile.** | Le chéile | Líon pacaí coigilte fuinnimh a tugadh ar iasacht. | Leabharlanna | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |
| **CRT 16** | **Pobail a chumasú a spriocanna inbhuanaitheachta agus aeráide a bhaint amach trí chláir oideachais agus feasachta a bhaineann leis an aeráid, imeachtaí eolais, feachtais chumarsáide agus cáipéisíocht treorach san áireamh.** | Le chéile | Líon imeachtaí a cuireadh ar bun. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) | Oifigeach Bithéagsúlachta, An Pobal Seirbhísí Comhshaoil | Gach Bliain |

## 3.8 Bainistíochta Inbhuanaitheachta agus Acmhainní

Is deacair fíorthionchar ár loirg coise ábhartha a eascraíonn as ár nósanna ídithe a thuiscint. Tá ídiú thar a bheith éagsúil agus eascraíonn sé as gach rud a bhaineann lenár n-iompar maidir le húsáid fuinnimh agus uisce, éadaí a cheannach, fearais tí, foinsiú bia agus socruithe taistil. Cuireann déantúsaíocht agus iompar earraí tomhaltóra níos mó leis an dúshlán aeráide ar minic nach bhfuil an tomhaltóir eolach air.


Bagraíonn ár n-ídiú ar na hacmhainní nádúrtha ar a mbraithimid do chumas na glúine amach anseo teacht ar na hacmhainní nádúrtha siúd agus iad a úsáid go hinbhuanaithe. Ach faoi mar a bhaineann le dramhaíl a laghdú, áfach, tá roinnt bealaí ann chun dul i ngleic leis an lorg coise ábhartha seo trí ídiú neamh-bhunriachtanach a laghdú; earraí reatha a athúsáid, a dheisiú agus a roinnt; táirgeoirí áitiúla a aimsiú, agus níos mó roghanna eiticiúla nó inbhuanaithe a úsáid.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do thacú le leibhéil mhéadaithe d'inbhuanaitheacht agus d'acmhainní a bhainistiú chun geilleagar áitiúil agus ciorclach inbhuanaithe beoga agus éagsúil a chruthú; eolas, scileanna, athléimneacht agus acmhainní a fhorbairt i measc an phobail. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear ar chumas saoránach, pobal, gnólachtaí agus eagraíochtaí eile agus go gcumasaítear iad athrú dearfach a chur i bhfeidhm agus caighdeán na beatha a fheabhsú trína gcumhacht cheannaigh.

Ina thaobh seo, díreoidh Comhairle Contae Mhuineacháin ar dheiseanna cosúil le:

- Soláthar agus slabhraí soláthair glasa a chur chun cinn i bpróisis tairisceana.
- Cabhrú le gnólachtaí agus le fiontair "Tiontú Glas", geilleagar ísealcharbóin an chontae a fhás agus an soláthar earraí agus seirbhísí ísealcharbóin a mhéadú.
- An dramhaíl, earraí neamh-bhunriachtanacha, táirgí aonúsáide a tháirgimid agus fuinneamh agus úsáid uisce a laghdú.
- An geilleagar ciorclach a chur chun cinn, úsáid inbhuanaithe agus bainistíocht deireadh ré ar acmhainní nádúrtha san áireamh.
- Oibriú le pobail le ró-ídiú a chomhrac agus eolas agus feasacht ar laghdú, athchúrsáil, caomhnú, agus deisiú, sa chás gur féidir, a fhorbairt.

**MyWaste.ie**



**Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe**

| SG 5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach. | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | |
| **Cuspóir SRM 1:** Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin réimse beartas agus cleachtas a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú lenár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, agus tairbhí fadtéarmacha comhshaoil agus geilleagracha a chruthú. | **Cuspóir SRM 2:** Tabharfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin ceannaireacht le dea-shampla tríd an dramhaíl a tháirgeann an Chomhairle, an úsáid a bhaineann siad as earraí neamh-bhunriachtanacha, táirgí aonúsáide, fuinneamh agus uisce a laghdú. |

## Ailíniú Beartais

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**[1]




**Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar**[2]

DECA 5

DECA 6

## Comhthairbhí

- Sláinte agus Folláine an Phobail
- Cáilíocht Aeir Níos Fearr
- Turasóireacht Inbhuanaithe
- Oideachas agus Feasacht

1 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar Ailíniú le SDGanna.
2 Féach Mír 1.7 Ailíniú le beartas/gealltanais chun teacht ar eolas breise ar léargas ginearálta ar Spriocanna Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA).

| **Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe** | **SG5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **SRM 1** | **Gníomhaíochtaí oideachais comhshaoil, aeráide agus caomhnaithe uisce, feachtais um chur chun cinn, agus tionscnaimh feabhsúcháin comhshaoil a chur i bhfeidhm sa phobal.** | Le chéile | Líon feachtas/ imeachtaí a cuireadh ar bun. | Seirbhísí Comhshaoil. | Leabharlanna, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, An Rannóg Pobail, Líonra Rannpháirtíochta Pobail, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Uisce Éireann. | 2 bhliain |
| **SRM 2** | **Tacú le Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola chun dramhaíl a laghdú agus do thionscnaimh eile a chuireann an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach chun cinn agus de réir cuspóirí an phlean nua náisiúnta bainistithe dramhaíola.** | Le chéile | Tuarascáil ar dhul chun cinn | Seirbhísí Comhshaoil | Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh, Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. | 1 bhliain |
| **SRM 3** | **Tacú le hacmhainn bhithmheatáin a fhorbairt laistigh den chontae le fuinneamh inbhuanaithe a ghiniúint agus tionchar aoileach orgánach ar an timpeallacht a laghdú.** Agus tacaíocht á tabhairt againn agus tionchar á imirt againn lena chinntiú go ndéanann forbairt agus gníomhaíochtaí a bhaineann le díleá anaeróbach comhthairbhí um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn agus nach sáraíonn siad critéir ábhartha um chosaint an chomhshaoil nó nach mbíonn sé ina chúis le héifeachtaí suntasacha diúltacha comhshaoil. | Le chéile | Tuarascáil ar chríochnú an staidéir. | Seirbhísí Comhshaoil, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide. | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. | 2 bhliain |

| **Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe** | **SG5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **SRM 4** | **Tionscnaimh inmheánacha na Comhairle a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil dramhaíl á laghdú, á hathúsáid, agus á hathchúrsáil, agus le deireadh a chur le plaisteach aonúsáide a úsáid.** | Le chéile | Beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Seirbhísí Comhshaoil | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Corparáideacha | 3 bliana. |
| **SRM 5** | **Feasacht a mhéadú ar an suíomh gréasáin *repairmystuff* le dramhaíl a laghdú agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn ar fud an chontae.** | Le chéile | Líon amas ar an suíomh gréasáin gach bliain. | Seirbhísí Comhshaoil | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Cumarsáid, Corparáideach | 1 bhliain |
| **SRM 6** | **Saoráidí múirínithe a thabhairt isteach i ngach iosta na Comhairle chun déileáil le dramhaíl ghlas a eascraíonn as oibríochtaí na Comhairle**; a chinntiú go leanann na saoráidí siúd ag oibriú i gcomhréir le dea-chleachtas agus le forálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola, agus nach mbíonn siad ina gcúis le héifeachtaí diúltacha comhshaoil. | Le chéile | Líon saoráidí múirínithe a cuireadh isteach go rathúil. | Ceantair Bhardasacha | Seirbhísí Comhshaoil, Oifigeach Bithéagsúlachta. | 1 bhliain |
| **SRM 7** | **Saoráidí bailithe báistí a chur isteach i ngach iosta na Comhairle, faoi mar is cuí, le héileamh ar an bpríomhlíonra agus an úsáid a bhaintear as uisce cóireáilte a laghdú.** A chinntiú go dtugtar an aird mar is cuí ar an ngá le híogaireacht chomhshaoil, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach san áireamh. | Le chéile | Líon saoráidí bailithe báistí a cuireadh isteach go rathúil. | Ceantair Bhardasacha | Seirbhísí Comhshaoil, Oifigeach Bithéagsúlachta. | 1 bhliain |

| Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe | SG5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **SRM 8** | **Uasghrádú ar líonraí reatha príomhphíobáin uisce a chur chun cinn ag grúpscéimeanna uisce chun sceitheadh uisce chóireáilte a íoslaghdú.** A chinntiú go dtugtar an aird mar is cuí ar an ngá le híogaireacht chomhshaoil, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach san áireamh. | Le chéile | Líon tairiscintí rathúla cistithe faoin bplean uisce ilbhliantúil. | Uisce Tuaithe | Grúpscéimeanna Uisce | 3 bliana |
| **SRM 9** | **Cigireachtaí a dhéanamh ar chórais chóireála Fuíolluisce Tí le stádas cháilíocht an uisce a mhéadú, trí dhul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.** | Maolú | Líon cigireachtaí sannta a rinneadh gach bliain. | Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil Tuaithe | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Gach Bliain |
| **SRM 10** | **An líon stáisiúin athlíonta buidéil uisce óil i bpríomhbhailte ar fud an chontae a fhairsingiú.** | Le chéile | Líon aonad a cuireadh isteach. | Ceantair Bhardasacha | Pleanáil, An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, An Comhshaol | 1 bhliain |
| **SRM 11** | **Aistriú ó pháipéar neamh-athchúrsáilte go páipéar athchúrsáilte. Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní clódóireachta agus é mar aidhm iad a laghdú ar bhonn incriminteach.** | Maolú | Úsáid páipéir athchúrsáilte a thabhairt isteach in oifigí. An méid acmhainní a caitheadh ar chlódóireacht. | Seirbhísí Corparáideacha, Foireann Bainistíochta Sinsearaí | Gach Rannóg | 1 bhliain |

| **Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe** | **SG5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **SRM 12** | **Údarú láithreáin líonta talún stairiúla a bhíodh á rialú ag Comhairle Contae Mhuineacháin roimhe seo a thabhairt chun cinn agus iad a réiteach ina dhiaidh sin.** A chinntiú go dtugann na hoibreacha an aird chuí ar cheanglais, breithnithe agus srianta pleanála, bainistithe dramhaíola agus comhshaoil. | Maolú | Nuashonrú ar dhul chun cinn/ Obair feabhsúcháin a rinneadh. | Seirbhísí Comhshaoil | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Gach Bliain |
| **SRM 13** | **A chinntiú go gcuirtear na Critéir Íosta a Mholtar do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI), dramhaíl, uisce agus aer san áireamh, i bhfeidhm.** | Le chéile | Nuashonrú ar dhul chun cinn gach bliain | Seirbhísí Comhshaoil | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Gach Bliain |
| **SRM 14** | **Leanúint le cláir feasachta comhshaoil, cosúil leis "na Tionscnaimh comhaontú in aghaidh Dumpála", "Bailiúcháin dramhaíola téagartha" agus "bailiúcháin dramhaíola guaisí".** | Maolú | Líon cláir feasachta a cuireadh ar siúl gach bliain. | Seirbhísí Comhshaoil | Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) | Gach Bliain |

| Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe | SG5: Cultúr geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh a chruthú laistigh d'eagraíocht féin Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tacú lenár bpobail an céanna a bhaint amach | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **SRM 15** | **Feabhsú ar cháilíocht an aeir a chumasú trí reachtaíocht a bhaineann le haer a chur i bhfeidhm, go háirithe:**<br>• **An tAcht um Thruailliú Aeir.**<br>• **Na Rialacháin maidir le Breosla Soladach.**<br>• **Na Rialacháin um Péint Mhaisiúcháin.**<br>• **Na Rialacháin um Thuaslagóirí.**<br>• **Na Rialacháin um Ghaile Pheitriliam.** | Maolú | Líon cigireachtaí RMCEI gach bliain. | Seirbhísí Comhshaoil, Seirbhísí Dóiteáin | | Gach Bliain |

# 4 CRIOS DÍCHARBÓNAITHE BHAILE MHUINEACHÁIN



**Limistéar spásúil a shainaithin gach údarás áitiúil in Éirinn é Crios Dícharbónaithe (DZ), ina roghnaítear réimse beart le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus teacht aniar aeráide a fheabhsú chun cur le spriocanna náisiúnta níos fairsinge um ghníomhú ar son na haeráide.**

Roghnaíodh Baile Mhuineacháin mar an DZ do Chontae Mhuineacháin mar gheall go gcuireann sé an deis ar fáil don Údarás Áitiúil a thionchar a uasmhéadú ar fud an bhaile trí ghníomhartha a sholáthar i measc a shócmhainní agus a fhoireann féin agus mar gheall ar an réimse fairsing grúpaí páirtithe leasmhara agus deiseanna féideartha a bhaineann le dícharbónú. Tá go leor foirgneamh, réadmhaoine agus bonneagair i limistéar an bhaile atá faoi úinéireacht / rialú an Údaráis Áitiúil agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile a sholáthraíonn deiseanna substainteacha do thionscnaimh dícharbónaithe.

| Gnéithe Limistéar DZ Bhaile Mhuineacháin | |
|---|---|
| Leibhéal Daonra Chriticiúil | ✓ |
| Réimse leathan grúpaí páirtithe leasmhara | ✓ |
| Réadmhaoin agus bonneagar faoi rialú CCM = deiseanna dícharbónaithe | ✓ |
| Réimse leathan gníomhaíochta, e.g., gnó, cónaithe, oideachas agus sláinte | ✓ |
| Deiseanna do thionscnaimh Taistil Ghníomhaigh | ✓ |

*Fíor 32 - Gnéithe Limistéar DZ Bhaile Mhuineacháin*

## FÍS DO DZ BHAILE MHUINEACHÁIN

**Obair i gcomhar le pobal iomlán Bhaile Mhuineacháin le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar trí na deiseanna a fhorbairt agus a thaispeáint chun dícharbónú a dhéanamh agus maireachtáil go hinbhuanaithe inár gcontae.**

Cuirtear deiseanna ar fáil freisin sa DZ chun tionscnaimh choigilte carbóin a shainaithint i measc réimse leathan gníomhaíochta, tionscal, miondíol, fóillíocht, cónaí, oideachas agus sláinte san áireamh. De bhreis air sin, tá réimse deiseanna sa limistéar do thionscnaimh Taistil Ghníomhaigh, glasbhealaí, rotharbhealaí uirbeacha, agus cosáin.

Déanann DZanna an méid is féidir a bhaint amach maidir le dícharbónú agus gníomhú ar son na haeráide a thaispeáint agus a thástáil ar leibhéal áitiúil agus pobail. Cumasaíonn an DZ, trí chóras aiseolais de thriail agus de mheasúnú, cur chuige solúbtha, incriminteach, agus faoi stiúir an phobail lena chinntiú go soláthraítear a chuspóirí.

Tá achar talún iomlán thart ar 16.6 ciliméadar cearnach in DZ Bhaile Mhuineacháin. Tá 3 Thoghroinn ann, faoi mar a léirítear ar an teorainn líne deirge i bhFíor 33.



*Fíor 33 - Limistéar DZ Bhaile Mhuineacháin*

## 4.1 DZ Bhaile Mhuineacháin: Léargas ginearálta ar shócmhainní agus ar sheirbhísí

Cuireann aicmiú DZ an deis ar fáil do phobail, an tÚdarás Áitiúil agus don earnáil phoiblí ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus cur le sócmhainní agus seirbhísí reatha le tionscnaimh nuálacha dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. Anuas ar a shaintréithe socheacnamaíocha agus comhshaoil, tá bunsraith láidir shócmhainní agus sheirbhísí reatha ag DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthraíonn láidreachtaí agus deiseanna a bhaineann go sonrach leis an suíomh ar féidir cur leo níos mó. Áirítear leo seo na gnéithe seo a leanas:

### Scoileanna, tithíocht shóisialta, agus foirgnimh na hearnála poiblí:

Tá Ospidéal an Chontae, an Teach Cúirte, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, agus oifigí na Comhairle Contae uile lonnaithe laistigh den bhaile. Anuas air sin, tá cúig mheánscoil agus cúig scoil náisiúnta ann i mBaile Mhuineacháin. Tá spriocanna laghdaithe fuinnimh 51% le baint amach cheana féin ag na scoileanna agus na foirgnimh earnála poiblí seo faoin mbliain 2030, anuas ar aonaid tithíochta sóisialta laistigh den limistéar. Tá an bealach á stiúradh ag aonaid tithíochta sóisialta Chomhairle Contae Mhuineacháin laistigh den DZ maidir le dícharbónú agus cuireann siad go mór le dícharbónú na hearnála cónaithe. Beidh gá le bearta a chur isteach chun feabhas a chur ar BERanna (PV gréine a chur isteach agus roghanna breosla ísealcharbóin san áireamh) chun an sprioc seo a bhaint amach. Tá mar aidhm ag an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (2023), tríd is tríd, an sciar de leictreachas in-athnuaite a mhéadú aníos go 80% faoin mbliain 2030 ó bhonnlíne 38% (2018).

### Gnólachtaí, Fiontraíocht Áitiúil, agus Turasóireacht:

Tá roinnt miondíoltóirí (e.g., Lidl agus Supervalu) a bhfuil spriocanna laghdaithe carbóin agus inbhuanaitheachta acu a thagann le huaillmhianta agus amlínte an DZ. Thosaigh roinnt príomhthionscal sa DZ cheana féin lena n-aistir dícharbónaithe, Kingspan Century Homes, Mallon's Sausages, Combi-Lift Ltd. agus Óstán an Hillgrove san áireamh. Cruthaíonn gníomhartha inbhuanaitheachta na hearnála príobháidí deiseanna móra chun dícharbónú a dhéanamh, poist ghlasa a chruthú, agus teacht aniar na timpeallachta tógtha i leith athrú aeráide a mhéadú.

### Iompar glas agus gréasáin Taistil Ghníomhaigh:

Léirítear sna patrúin chomaitéireachta i limistéar an DZ brath ~65% ar ghluaisteáin phríobháideacha agus úsáidtear iompar poiblí, rothaíocht nó siúl in ~28% d'aistir chomaitéireachta. Bainfidh ríthábhacht le feabhas breise a chur ar mhodhanna iompair inbhuanaithe (bus, rothaíocht agus siúl) chun astaíochtaí a laghdú. Ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin lena gcéad Straitéis Siúil agus Rothaíochta in 2021. Cumhdaítear sa straitéis an tréimhse 2021 go 2026 agus cuirtear creat straitéiseach ar fáil inti do thionscadail taistil ghníomhaigh i láthair na huaire agus amach anseo sa DZ, bonneagar

taistil ghníomhaigh níos fearr agus níos sábháilte san áireamh. Chun tacú le deiseanna breise le hastaíochtaí iompair sa DZ a laghdú, feabhsóidh soláthar méadaithe bonneagar luchtaithe EV an glacadh le EVanna. Anuas air sin, áirítear le deiseanna eile LGVanna agus Iompar Poiblí a nuálú go n-oibreofar iad le leictreachas nó breoslaí ísealcharbóin.

### An oidhreacht nádúrtha agus thógtha:

Tá réimse saibhir agus éagsúil oidhreachta nádúrtha agus tógtha ar fud an DZ, trína sreabhann an Abhainn Mhór. I measc na bpríomhphíosaí bonneagair ghlais eile, tá Glasbhealach Chanáil Uladh, Loch Pheadair, Loch an Chlochair, na timpeallachtaí máguaird.  Glacann na limistéir seo le ról tábhachtach i dtaobh bithéagsúlacht an bhaile a chaomhnú agus is iontu atá réimse fána agus flóra, idir pocairí gaoithe agus madraí uisce. Suíomhanna lena mbaineann tábhacht stairiúil laistigh den DZ iad Ard-Eaglais Mhic Cairthinn agus Músaem an Chontae. Cruthaíonn oidhreacht nádúrtha agus thógtha an limistéir a ghiaráil le cuairteoirí a mhealladh deis turasóireachta don DZ, anuas ar shócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha an DZ a chaomhnú agus a chosaint, borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil, agus úsáid fhéideartha a bhaint as bonneagar glas d'fhuarú uirbeach agus do stóráil carbóin.

### Feasacht a Mhéadú i measc an Phobail:

Tá Pobal Fuinnimh Inmharthana amháin ann faoi láthair laistigh den DZ (Radharc an Stáisiúin) ina leagtar béim ar an spéis atá ag an bpobal áitiúil faoi láthair in inbhuanaitheacht agus i ndícharbónú a chur chun cinn. Samplaí tábhachtacha de dhea-chleachtas iad na pobail siúd agus is féidir leo deiseanna foghlama a sholáthar do cheantair chónaithe eile laistigh den DZ agus níos faide i gcéin.




## 4.2 Príomhthorthaí ó Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne (BEI) an Chreasa Dícharbónaithe

Chun tacú le DZ Bhaile Mhuineacháin a fhorbairt agus i gcomhréir leis an treoir maidir leis an LACAP, forbraíodh BEI do Bhaile Mhuineacháin. Úsáidtear 2018 mar an bhliain bhonnlíne don mheasúnú BEI. Roghnaíodh an bhliain seo d'aon turas go dtiocfaidh sé le spriocanna náisiúnta na hÉireann a leagtar amach in aghaidh bhliain bhonnlíne 2018.

Dheimhnigh an BEI an leibhéal astaíochtaí ag cúig earnáil (Cónaithe, an earnáil Tráchtála agus Phoiblí, Iompar, Dramhaíl agus Talmhaíocht) ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin. Léirítear torthaí an BEI do Bhaile Mhuineacháin i bhFíor 34 agus Tábla 8. Is ionann na hastaíochtaí carbóin iomlána don DZ agus thart ar 86,354 tCO2e (tonnaí coibhéis dé-ocsaíde carbóin). Is ionann seo agus 10.32 tCO2e in aghaidh an duine bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2016. B'ionann astaíochtaí carbóin náisiúnta na hÉireann in 2018 agus thart ar 12.6 tCO2e in aghaidh an duine. Cé gurb ísle astaíochtaí carbóin an DZ ná an comhionann náisiúnta, is airde iad in Éirinn ná meánastaíochtaí 8.2 tCO2e in aghaidh an duine san AE. Úsáideadh torthaí an BEI chun cabhrú le limistéir a shainaithint ina raibh gníomhartha ag teastáil laistigh den DZ chun cabhrú le hastaíochtaí a laghdú.

### An Céatadán de na hAstaíochtaí Carbóin Iomlána (tCO2e)




*Fíor 34 - Miondealú ar Astaíochtaí sa DZ*

| Earnáil | Astaíochtaí Carbóin (tCO2e) |
|---|---|
| An Earnáil Tráchtála agus Phoiblí | 29,601 [34%] |
| Iompar | 25,173 [29%] |
| Cónaithe | 19,075 [22%] |
| Talmhaíocht | 10,748 [13%] |
| Dramhaíl | 1,757 [2%] |
| **Astaíochtaí Carbóin Iomlána** | **86,354** |


*Tábla 8 - Astaíochtaí sa DZ de réir Earnála*

## 4.3 Astaíochtaí de réir Earnála

### An Earnáil Tráchtála agus Phoiblí:

Is í an earnáil ina bhfuil na hastaíochtaí is airde laistigh de limistéar an DZ an earnáil tráchtála agus phoiblí arb ionann sin agus 34% de na hastaíochtaí. Ar an iomlán, scrúdaíodh 195 foirgneamh tráchtála agus earnála poiblí agus b'ionann na hastaíochtaí gaolmhara carbóin agus 29,601 tCO2e. B'ionann foirgnimh tráchtála agus 26,082 tCO2e, arb ionann sin agus 88% de na hastaíochtaí iomlána san earnáil tráchtála agus phoiblí laistigh de limistéar an DZ. Cruthaíonn leictreachas agus 57% de na hastaíochtaí go léir san earnáil Tráchtála agus Phoiblí bunaithe ar shaghas breosla a úsáidtear le cumhacht a sholáthar do na foirgnimh seo. Baineann ríthábhacht le héifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh reatha tráchtála agus earnála poiblí chun spriocanna carbóin náisiúnta a bhaint.

### An Earnáil Tráchtála agus Phoiblí (tCO2e)





*Fíor 35. Astaíochtaí na hEarnála Tráchtála agus Poiblí.*

### Iompar:

Chruthaigh iompar 29% de na hastaíochtaí iomlána laistigh de limistéar an DZ. Meastar gurbh ionann na hastaíochtaí iomlána iompair 25,172 tCO2e. Chruthaigh lasta bóthair 47% de na hastaíochtaí seo, agus gur chruthaigh an gluaisteán príobháideach a úsáid 40%. Tugann seo chun solais an gá le roghanna iompair phoiblí laistigh den limistéar a fheabhsú. Ba iad Peitreal agus Díosal an príomhshaghas breosla a úsáideadh do gach modh iompair laistigh den limistéar, a chruthaigh breis agus 95% den úsáid breosla. Baineann ríthábhacht le haistriú go taisteal gníomhach agus glacadh níos mó le hiompar poiblí chun spriocanna náisiúnta carbóin na hÉireann a bhaint amach.

### Astaíochtaí na hEarnála Iompair (%)





*Fíor 36. Astaíochtaí na hEarnála Iompair.*

Crios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin

### Cónaithe:

Ba í an earnáil chónaithe an tríú hearnáil ba mhó inar cruthaíodh astaíochtaí (22%) laistigh de limistéar an DZ. Cruthaíodh 19,075 tCO2e d'astaíochtaí inti. Cruthaíonn tithe formhór na n-astaíochtaí san earnáil chónaithe, arb ionann iad agus 93% de na hastaíochtaí iomlána. Ba í ola an saghas breosla a úsáideadh i bhformhór na dtithe/na n-árasán laistigh den earnáil chónaithe, a chruthaigh 72% de na hastaíochtaí ó théamh a bhain le breosla. Cuid thábhachtach de na spriocanna náisiúnta laghdaithe carbóin a bhaint amach ag limistéar an DZ é stoc tithíochta ísealcharbóin a bhaint amach.

### Astaíochtaí na hEarnála Cónaithe (tco2e)





*Fíor 37. Astaíochtaí na hEarnála Cónaithe.*

### Talmhaíocht:

Chruthaigh gníomhaíochtaí talmhaíochta 13% d'astaíochtaí iomlána carbóin limistéar an DZ. Is ionann astaíochtaí carbóin gaolmhara na hearnála agus thart ar 10,748 tCO2e. Is iad feirmeoireacht mhairteola agus déiríochta na saghsanna is coitianta feirmeoireachta laistigh de limistéar an DZ agus cruthaíonn siad agus níos mó ná 60% de na hastaíochtaí laistigh den earnáil talmhaíochta. Leagadh amach réimse príomhbheart in CAP 23 d'fheirmeoirí agus don earnáil talmhaíochta a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí a laghdú go héifeachtach, úsáid leasacháin cheimicigh a laghdú, aois bhreithe lao a laghdú agus beathú níos fearr ainmhithe san áireamh.

### Astaíochtaí beostoic (%)




*Fíor 38. Astaíochtaí Beostoic.*

### Dramhaíl:

Is iad na hastaíochtaí carbóin measta a bhaineann le dramhaíl thart ar 1,757 tCO2e. Cruthaíonn an earnáil dramhaíola díreach 2% de na hastaíochtaí iomlána laistigh de limistéar an DZ. Cé gur céatadán beag é seo, tá sé tábhachtach mar sin féin. Tugann seo chun solais an gá le dramhaíl a íoslaghdú agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chothú laistigh den DZ.

## 4.4 Clár Deiseanna

***Sainaithnítear agus cuirtear le chéile sa chlár deiseanna portfóilió de thionscadail, gníomhartha, teicneolaíochtaí, agus idirghabháil, bearta maolaithe, oiriúnaithe, agus bithéagsúlachta san áireamh, leis na spriocanna a sholáthar a leagtar amach do laghduithe fuinnimh agus astaíochtaí ar fud an DZ.***

Forbraíodh clár deiseanna do Bhaile Mhuineacháin agus déantar gach ceann de na deiseanna d'acmhainn laghdaithe carbóin a chainníochtú i dtaobh an mhéid a chuireann siad le hastaíochtaí carbóin a laghdú ar fud an DZ. Rinneadh measúnú ar laghduithe féideartha carbóin in aghaidh na sprice náisiúnta de laghdú 51% faoin mbliain 2030. Úsáideadh an clár deiseanna chun eolas a chur ar fáil do ghníomhú agus d'fhorbairt an phlean a chur i bhfeidhm.

Tugadh faoi shraith gníomhartha leis an gclár deiseanna a fhorbairt do DZ Mhuineacháin:

**Bonn Fianaise** – forbraíodh athbhreithniú ar an BEI do DZ Bhaile Mhuineacháin le hanailís mhionsonraithe ar fhoinsí astaíochtaí a sholáthar. Tugadh faoi athbhreithniú ar bheartas náisiúnta agus réigiúnach le comhthéacs, aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais náisiúnta agus réigiúnaigh a thuiscint.

**Athbhreithniú ar dhea-chleachtas** – tugadh faoi athbhreithniú ar ghníomhartha reatha faoina dtugann Údaráis Áitiúla in Éirinn agus ar fud na hEorpa leis na gníomhartha atá á n-úsáid a shainaithint chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí carbóin a laghdú chun tacú le bearta féideartha a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh.

**Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara** – Cuireadh ceardlann do pháirtithe leasmhara ar siúl le hionadaithe ó áiteanna ar fud limistéir sheirbhíse Chomhairle Contae Mhuineacháin lena indéanta atá deiseanna féideartha, gníomhartha agus na páirtithe freagrach a bheidh bainteach i soláthar gníomhartha a shainaithint agus a mheas.



*Fíor 39 - Ceardlann Foirne an DZ.*

## 4.5 Maitrís Chlár Deiseanna an DZ

Ríomhadh gurb ionann BEI DZ Bhaile Mhuineacháin do 2018 agus 86,354 tCO2e. Taispeántar i dTábla 9 thíos an laghdú is gá do gach ceann na hearnálacha a bhaint amach leis an sprioc laghdaithe 51% agus na laghduithe tuartha ar astaíochtaí a bhaint bunaithe ar na deiseanna a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil seo. Áirítear leis na deiseanna a dtugtar cuntas orthu thíos iad siúd a bhfuil freagracht dhíreach ag Comhairle Contae Mhuineacháin orthu agus iad siúd ar féidir le Comhairle Contae Mhuineacháin tionchar a imirt orthu agus tacú leo.

| Earnáil | BEI 2018 (tCo2e) | Sprioc Laghdaithe 2018 (tCO2e)) | Sprioc Laghdaithe 2030 (% de BEI 2018) | Laghdú Tuartha 2030 (tCO2e) | Laghdú Tuartha 2030 (% de BEI 2018) | Bunaithe ar na deiseanna seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cónaithe Príobháideach** | 16,415 | 8,372 | -51% | -10,710 | -65% | Bunaítear an laghdú seo ar BER 60% de na haonaid tithíochta cónaithe phríobháideacha go léir a fheabhsú aníos go B2 (íosta) agus ar threalamh Fótavoltach Gréine a chur isteach i measc 60% den réadmhaoin go léir |
| **Tithíocht Shóisialta** | 2,660 | 1,357 | -51% | -1,438 | -54% | Bunaítear an laghdú seo ar BER 75% de na haonaid tithíochta sóisialta faoi rialú Chomhairle Contae Mhuineacháin a fheabhsú aníos go B2 (íosta) agus ar threalamh Fótavoltach Gréine a chur isteach i measc 75% den réadmhaoin go léir |
| **An Earnáil Tráchtála agus Phoiblí** | 29,330 | 14,958 | -51% | -21,890 | -75% | Éifeachtúlacht fuinnimh 75% d'fhoirgnimh a fheabhsú, trealamh Fótavoltach gréine a chur isteach agus breosla ísealcharbóin a chur in ionad 75% den ídiú breosla iontaise (gás agus ceirisín) sa DZ |
| **Iompar** | 25,173 | 12,838 | -51% | -9,413 | -37% | Laghdaíonn deiseanna do thaisteal gníomhach agus iompar poiblí níos fearr astaíochtaí nialasacha na ciliméadair iomlána a thaistealaítear i ngluaisteán príobháideach sa DZ faoi 20%. 30% de ghluaisteáin phríobháideacha a leictriú agus HVO a úsáid i measc 50% den lasta sa DZ |
| **Cathrach (soláthar leictreachais)** | 271 | 138 | -51% | -271 | -100% | Soláthraítear an soláthar leictreachais do gach foirgneamh sa DZ trí fhoinsí athnuaiteán |
| **Talmhaíocht** | 10,748 | 5,481 | -51% | -3,328 | -31% | Tacú le roghanna éagsúlaithe agus iad a chumasú d'fheirmeoirí le hastaíochtaí beostoic a laghdú. Ceadóidh foinsí breosla mhalartaigh d'innealra feirme (e.g. HVO) astaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht a laghdú. |
| **Dramhaíl** | 1,757 | 896 | -51% | -439 | -25% | Laghdaíonn rátaí níos fearr múirínithe astaíochtaí dramhaíola |
| **Iomlán** | **86,354** | **44,041** | **-51%** | **47,489** | **-55%** | |

*Tábla 9 - Maitrís Chlár Deiseanna an DZ*

## 4.6 Deiseanna Cumasaithe

Mar a léirítear sa ghraf i bhFíor 40, déantar soláthar sa chlár deiseanna a forbraíodh do DZ Bhaile Mhuineacháin don fhéidearthacht go sárófar an sprioc laghdaithe astaíochtaí 51% agus do laghdú foriomlán astaíochtaí ~55% (47,489 tCO2) faoin mbliain 2030. Anuas ar na deiseanna teicniúla a imreoidh tionchar inchainníochtaithe ar astaíochtaí carbóin (mar a shainaithnítear sa Chlár Deiseanna), sainaithníodh roinnt deiseanna 'cumasaithe' freisin do DZ Bhaile Mhuineacháin. Imreoidh na deiseanna seo nach bhfuil chomh hinbhraite céanna a liostaítear thíos a chuireann iarfheistiú tí, taisteal gníomhach agus inbhuanaitheacht chun cinn, tionchar suntasach ar chumasú dhícharbónú DZ Bhaile Mhuineacháin.

- Mhéadódh **Pobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) an SEAI** a bhunú feasacht ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar dhícharbónú, agus dhéanfadh sé soláthar do mháistirphlean fuinnimh pobail a fhorbairt, agus thabharfadh sé tacaíochtaí cistithe chun solais.

- Mhéadódh **Mol Fuinnimh Pobail** feasacht i measc an phobail ar éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú agus ar thairbhí gaolmhara comhshaoil agus airgeadais.

- Dhéanfadh **Mol nó Tairseach Faisnéise ar Iompar Poiblí** láraithe gréasánbhunaithe a fhorbairt aistriú córa iompair ó iompar príobháideach go hiompar poiblí a chur chun cinn trí fhaisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta ar roghanna iompair phoiblí laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthar.

- Thacódh bunú **Clubanna Roinnte Gluaisteán** le comhroinnt gluaisteán i measc an phobail, agus laghdódh sé aistir i ngluaisteán in DZ Bhaile Mhuineacháin.


- Laghdódh bunú **Scéim Bus Rothaíochta** do scoileanna aistir i ngluaisteán agus sholáthródh sé comhthairbhí i dtaobh sláinte níos fearr agus cháilíocht fheabhsaithe an aeir.

- Tá gnólachtaí laistigh de Bhaile Mhuineacháin ag tabhairt faoi ghníomh substainteach cheana féin maidir le hinbhuanaitheacht, dhéanfadh **Feasacht a Mhéadú ar ghníomhartha Gnó** inbhuanaitheacht a thabhairt chun solais agus a chur chun cinn ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin.

- An earnáil chruthaitheach a spreagadh chun gnímh trí **Fheachtas Ealaíon** le béim a leagan ar na huaillmhianta agus ar na cuspóirí don DZ.

Anuas ar na gníomhartha teicniúla a sholáthraítear tríd an gClár Deiseanna, cuireadh na gníomhartha cumasaithe a shainaithnítear thuas san áireamh i bplean gníomhaíochta an DZ.

## Laghduithe tuartha ar astaíochtaí ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin bunaithe ar an gclár deiseanna




*Fíor 40 - Laghduithe tuartha ar astaíochtaí ar fud DZ Bhaile*

## 4.7 Limistéir Thosaíochta an Chreasa Dícharbónaithe, Cuspóirí agus Gníomhartha

Ceapadh an tsraith gníomhartha níos uaillmhianaí a ceapadh don DZ tar éis cur chuige analógach a ghlacadh i leith an mhéid sin a cuireadh i láthair don CAP sa Phlean seo. Áiríodh na gnéithe seo a leanas leis an gcreat do ghníomhartha:

- Sraith cúig Limistéar Tosaíochta Straitéisí ar glacadh leo mar na cúig Sprioc Straitéiseacha don CAP i **Mír 3.3;**
- Sraith cuspóirí ardleibhéil a thacaíonn leis na Limistéir Thosaíochta Straitéisí a sholáthar agus an bhéim chuí á leagan ar na gníomhartha i gcomhthráth; agus
- Sraith Gníomhartha aonair atá sonrach, dírithe ar ghníomh, faoi cheangal ama, agus intomhaiste ina léirítear scálú aníos ar ghníomhú ar son na haeráide uaillmhianach ar leibhéal áitiúil.

Cuirtear an creat Cuspóirí agus Gníomhartha don Chrios Dícharbónaithe i láthair sna táblaí seo a leanas agus ceaptar gach ceann do Limistéar Tosaíochta Straitéisí:

- **Tábla 4-8:** Gníomhartha do Rialachas agus Ceannaireacht;
- **Tábla 4-9:** Gníomhartha don Timpeallacht Thógtha agus Iompar;
- **Tábla 4-10:** Gníomhartha don Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas;
- **Tábla 4-11:** Gníomhartha do Phobail: Teacht Aniar agus Aistriú; agus
- **Tábla 4-12:** Gníomhartha d'Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní.

Leagan amach na dtáblaí maidir leis na Limistéir Thosaíochta Straitéisí, Cuspóirí, Gníomhartha, agus an fhreagracht shannta analógach ina leith siúd a chuirtear i láthair do ghníomhartha an CAP i **Mír 3.3.**

# 4.8 Gníomhartha an DZ - Rialachas agus Ceannaireacht

| Rialachas agus Ceannaireacht | **Cuspóirí an DZ:**<br>1. A chinntiú go bhfuil rialachas oiriúnach ann le Gníomhartha DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthar.<br>2. A chinntiú go bhfuil cistiú leordhóthanach i bhfeidhm le Gníomhartha DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthar.<br>3. A chinntiú gur ceannaire í Comhairle Contae Mhuineacháin i mbearta aeráide agus bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ GL 1 | **Clár monatóireachta agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm ar ghníomhartha DZ Bhaile Mhuineacháin a chur i bhfeidhm.** | Le chéile | Líon tuarascálacha bliantúla. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Teicneolaíocht Faisnéise | Gach Bliain |
| DZ GL 2 | **Roghanna féideartha cistithe a shainaithint atá ar fáil do na gníomhartha a shainaithnítear i bPlean DZ Bhaile Mhuineacháin.** | Le chéile | Líon roghanna a sainaithníodh. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Rannóg | 1 bhliain. |
| DZ GL 3 | **An buiséad riachtanach a chur ar fáil chun na gníomhartha a liostaítear i bPlean DZ Bhaile Mhuineacháin a chistiú.** | Le chéile | Caitheamh iomlán bliantúil. | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | Airgeadas | Gach Bliain |
| DZ GL 4 | **Tacú le naisc fhoirmiúla a fhorbairt idir an pobal, gnó, agus comhlachtaí oideachais (Institiúid Mhuineacháin san áireamh) chun gníomhú comhoibritheach ar son na haeráide a éascú.** | Le chéile | Líon nasc a bunaíodh. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, LEO, PPN | Foireann an Bhaile, Institiúid Mhuineacháin, Comhlachas Tráchtála. | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Rialachas agus Ceannaireacht**

**Cuspóirí an DZ:**

1. A chinntiú go bhfuil rialachas oiriúnach ann le Gníomhartha DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthar.
2. A chinntiú go bhfuil cistiú leordhóthanach i bhfeidhm le Gníomhartha DZ Bhaile Mhuineacháin a sholáthar.
3. A chinntiú gur ceannaire í Comhairle Contae Mhuineacháin i mbearta aeráide agus bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm.

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ GL 5** | **A chinntiú go bhfuil caitheamh na Comhairle in DZ Bhaile Mhuineacháin go hiomlán ailínithe le cleachtais soláthair ghlais.** | Le chéile | Céatadán de Chaitheamh ar Sholáthar Poiblí Glais. | Soláthar | | Gach Bliain |
| **DZ GL 6** | **Cás-staidéir ar ghníomhú dea-chleachtais ar son na haeráide a chur chun cinn.** | Le chéile | Líon cás-staidéar a rinneadh. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | | Gach Bliain |
| **DZ GL 7** | **Tascfhórsa trasroinne DZ a bhunú chun Plean um Chur i bhFeidhm an DZ a stiúradh agus a chur chun cinn.** | Le chéile | Líon cruinnithe a tionóladh gach bliain. Ionadaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara. Tuarascáil Ráithiúil ar Dhul Chun Cinn Soilse Tráchta (Dearg/ Ómra/Glas). | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Príomhroinn sa Chomhairle laistigh den DZ. | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

# 4.9 Gníomhartha an DZ - Timpeallacht Thógtha agus Iompar

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | **Cuspóirí an DZ:**<br>**1. Foirgnimh údaráis áitiúil ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a iarfheistiú.**<br>**2. Iarfheistiú foirgneamh príobháideach ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a chur chun cinn agus a chinntiú go dtógtar gach foirgneamh nua CCM i leith caighdeáin NZEB, ar a laghad.**<br>**3. Teacht aniar na timpeallachta tógtha i leith tionchair aeráide a fheabhsú.** |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ BE. 1** | **Tithíocht shóisialta agus foirgnimh údaráis áitiúil in DZ Bhaile Mhuineacháin a iarfheistiú le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2, ar a laghad, a bhaint amach** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ghabhdóirí daonna, speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus breithnithe oidhreachta. | Maolú | Líon aonaid tithíochta sóisialta agus foirgnimh údaráis áitiúil a bhfuil BER B2 nó níos fearr acu. | Tithíocht, Sócmhainní Corparáidea-cha. | Airgeadas, an SEAI. | Gach Bliain |
| **DZ BE. 2** | **Measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé trealamh fótavoltach (PV) gréine ar dhíonta tithíochta sóisialta agus i réadmhaoin údaráis áitiúil ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a chur isteach agus an trealamh sin a chur isteach,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ghabhdóirí daonna áitiúla, speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | Líon tionscadail PV curtha i bhfeidhm. | Tithíocht, Sócmhainní Corparáidea-cha. | | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| Timpeallacht Thógtha agus Iompar | Cuspóirí an DZ:<br>1. Foirgnimh údaráis áitiúil ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a iarfheistiú.<br>2. Iarfheistiú foirgneamh príobháideach ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a chur chun cinn agus a chinntiú go dtógtar gach foirgneamh nua CCM i leith caighdeáin NZEB, ar a laghad.<br>3. Teacht aniar na timpeallachta tógtha i leith tionchair aeráide a fheabhsú. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ BE. 3 | **Iarfheistiú i leith Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 a chur chun cinn do réadmhaoin phríobháideach agus tráchtála ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ghabhdóirí daonna áitiúla, speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | Maolú | Líon imeachtaí idirchaidrimh a cuireadh ar bun. | An Pobal, LEO | An SEAI | Gach Bliain |
| DZ BE. 4 | **Tabhairt faoi staidéar le foirgnimh fholmha sa DZ a shainaithint chun tacú leis an mBeartas um Thús Áite do Lár Bhailte.** | Maolú | Tugadh faoin staidéar | Athghiniúint | Tithíocht | 1 bhliain |
| DZ BE. 5 | **Tabhairt faoi Scrúdú Sláinte Lár Bhaile Mhuineacháin agus na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí ó staidéar 2019.** | Maolú | Rinneadh an suirbhé | Athghiniúint | An Chomhairle Oidhreachta | 1 bhliain |
| DZ BE. 6 | **An úsáid a bhaintear as réitigh dhúlrabhunaithe (NBS) a chur chun cinn chun tionchar tuile a laghdú, sa chás gur féidir,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá le hiogaireacht chomhshaoil, gabhdóirí daonna íogaire, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach san áireamh. | Oiriúnú | Líon NBSanna curtha i bhfeidhm. | Pleanáil | | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**

**Cuspóirí an DZ:**
**1. Foirgnimh údaráis áitiúil ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a iarfheistiú.**
**2. Iarfheistiú foirgneamh príobháideach ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin a chur chun cinn agus a chinntiú go dtógtar gach foirgneamh nua CCM i leith caighdeáin NZEB, ar a laghad.**
**3. Teacht aniar na timpeallachta tógtha i leith tionchair aeráide a fheabhsú.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ BE. 7 | **Aip WIRE a chur i bhfeidhm le tionchair teagmhais aimsire in DZ Bhaile Mhuineacháin a chur i dtaifead agus monatóireacht a dhéanamh orthu.** | Oiriúnú | Cuireadh an Aip i bhfeidhm. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Teicneolaíocht Faisnéise | Bóithre, Tithíocht | Gach Bliain |
| DZ BE. 8 | **Tabhairt faoi staidéar indéantachta ar an bhféidearthacht téamh ceantair a bheith ar fáil do Bhaile Mhuineacháin,** agus tacaíocht á tabhairt agus tionchar á imirt i gcomhthráth lena chinntiú go dtugtar an aird mar is cuí san fhorbairt ghaolmhar go léir ar an ngá le gnéithe íogaire den timpeallacht ghlactha a chosaint, cosúil le dobharlaigh, bithéagsúlacht, flóra agus fána, láithreáin Eorpacha, agus an daonra áitiúil. | Maolú | Tugadh faoi staidéar indéantachta. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Sócmhainní Corparáide-acha, Uisce Éireann | 1 bhliain. |
| DZ BE. 9 | **Plean um Thús Áite do Láir Bhailte a dhéanamh do Bhaile Mhuineacháin agus moltaí a chur i bhfeidhm**. An aird mar is cuí a thabhairt ar speicis chosanta, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus ar an ngá struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí. | An dá rud | Plean críochnaithe agus moltaí i bhfeidhm. | Athghiniúint | | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**

**Cuspóirí an DZ:**
**1. Aistriú córa iompair a chur chun cinn ó iompar príobháideach go hiompar poiblí in DZ Bhaile Mhuineacháin.**
**2. Tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh agus le tionscnaimh rothaíochta agus siúil a fhorbairt.**
**3. An t-aistriú feithiclí laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin go feithiclí leictreacha nó chuig roghanna eile iompair ísealcharbóin a chur chun cinn agus a chumasú.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ T. 1** | **Dícharbónú an fhlít feithiclí údaráis áitiúil a chur i bhfeidhm, faoi mar is cuí,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir áitiúil. | Maolú | Méid Astaíochtaí a laghdaíodh gach bliain. | Bóithre | An SEAI | 5 bliana. |
| **DZ T. 2** | **Tabhairt faoi staidéar ar Thaisteal Gníomhach leis na bearta is éifeachtaí a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh.** | Maolú | Tugadh faoin staidéar. | Taisteal Gníomhach | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |
| **DZ T. 3** | **Tionscadal píolótach a chur i bhfeidhm do scéim cíosa rothair / rothair leictrigh in DZ Bhaile Mhuineacháin.** | Maolú | Scéim phíolótach curtha i bhfeidhm. | Bóithre | An SEAI | 2 bhliain |
| **DZ T. 4** | **Tionscadal píolótach a chur i bhfeidhm do scéim roinnte gluaisteán in DZ Bhaile Mhuineacháin.** | Maolú | Scéim phíolótach curtha i bhfeidhm. | Bóithre | | 2 bhliain |
| **DZ T. 5** | **Plean iompair áitiúil a dhéanamh do Bhaile Mhuineacháin. Indéantacht roghanna iompair phoiblí saor in aisce a fhiosrú leis an líon aistear a dhéantar trí iompar poiblí a mhéadú.** | Maolú | Plean iompair déanta. Rinneadh measúnú ar indéantacht. | Taisteal Gníomhach, Bóithre | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Roinn Iompair, an NTA | 3 bliana. |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**

**Cuspóirí an DZ:**
**1. Aistriú córa iompair a chur chun cinn ó iompar príobháideach go hiompar poiblí in DZ Bhaile Mhuineacháin.**
**2. Tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh agus le tionscnaimh rothaíochta agus siúil a fhorbairt.**
**3. An t-aistriú feithiclí laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin go feithiclí leictreacha nó chuig roghanna eile iompair ísealcharbóin a chur chun cinn agus a chumasú.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ T. 6 | **Láithreacha oiriúnacha a shainaithint do phointí luchtaithe ar fud DZ Bhaile Mhuineacháin,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir áitiúil. | Maolú | Líon suiteálacha luchtaithe éascaithe. | Bóithre | Pleanáil, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |
| DZ T. 7 | **Oibriú le gnólachtaí le hiompar atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn, e.g., iompar go ceann scríbe.** | Maolú | Céatadán de laghdú ar thrácht ar bhóithre i Lár Bhaile Mhuineacháin. | LEO | An Pobal | Gach Bliain |
| DZ T. 8 | **Idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha chun tacú le Nasc Áitiúil (Local Link) a leictriú,** agus tacaíocht á tabhairt agus tionchar á imirt i gcomhthráth lena chinntiú go gcuimsítear breithnithe inbhuanaitheachta agus cosanta comhshaoil isteach sa tionscadal. | Maolú | Líon cruinnithe a tionóladh le TFI. | Bóithre | TFI | 5 bliana |
| DZ T. 9 | **Bus rothaíochta/siúil a chur chun cinn agus a dhreasú agus tacú leis do scoileanna laistigh de limistéar an DZ.** | Le chéile | Feachtas Feasachta curtha ar siúl. | Taisteal Gníomhach, Comh-pháirtíocht Spóirt | Scoileanna, an Taisce | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**

**Cuspóirí an DZ:**
**1. Aistriú córa iompair a chur chun cinn ó iompar príobháideach go hiompar poiblí in DZ Bhaile Mhuineacháin.**
**2. Tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh agus le tionscnaimh rothaíochta agus siúil a fhorbairt.**
**3. An t-aistriú feithiclí laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin go feithiclí leictreacha nó chuig roghanna eile iompair ísealcharbóin a chur chun cinn agus a chumasú.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ T. 10** | **Spas do choisithe amháin i m Baile Mhuineacháin a mhéadú**, agus an aird mar is cuí a thabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil le srianta agus gnéithe tráchta agus iompair, an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha. | Le chéile | Líon bearta taistil ghníomhaigh curtha i bhfeidhm. | Pleanáil agus Ceantar Bardasach. | Bóithre | Gach Bliain |
| **DZ T. 11** | **Mol faisnéise gréasánbhunaithe ar iompar poiblí a fhorbairt i limistéar an DZ (e.g. teicneolaíocht faisnéise fíor-ama).** | Maolú | Mol faisnéise ar iompar poiblí forbartha. | Teicneolaíocht Faisnéise | An Pobal, LEO, Bus Éireann, Nasc Áitiúil, Bus Uladh. | 1 bhliain |
| **DZ T. 12** | **Idirchaidreamh a dhéanamh le gnólachtaí áitiúla sa DZ le páirt a ghlacadh sa chlár Páirceála agus Siúil.** | Maolú | Líon gnólachtaí rannpháirteacha. | Taisteal Gníomhach | Scoileanna, an Taisce | 1 bhliain |
| **DZ T. 13** | **Ábhar pábhála ísealcharbóin a úsáid laistigh d'oibreacha ar ghréasán bóithre an DZ.** | Maolú | An céatadán d'ábhar pábhála ísealcharbóin a úsáidtear. | Bóithre | | |
| **DZ T. 14** | **Tionscadal píolótach a dhéanamh do chlár taistil níos cliste laistigh de cheann d'oifigí Chomhairle Contae Mhuineacháin.** | Maolú | Tionscadal píolótach déanta. | Taisteal Gníomhach | TFI, an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

**Timpeallacht Thógtha agus Iompar**

**Cuspóirí an DZ:**
**1. Aistriú córa iompair a chur chun cinn ó iompar príobháideach go hiompar poiblí in DZ Bhaile Mhuineacháin.**
**2. Tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh agus le tionscnaimh rothaíochta agus siúil a fhorbairt.**
**3. An t-aistriú feithiclí laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin go feithiclí leictreacha nó chuig roghanna eile iompair ísealcharbóin a chur chun cinn agus a chumasú.**

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ T. 15** | **Triail phíolótach a bhaint as scéim do Chriosanna Saor ó Ghluaisteáin timpeall ar scoileanna.** | Maolú | Scéim phíolótach curtha i bhfeidhm. | Taisteal Gníomhach | | 2 bhliain |
| **DZ T. 16** | **Plean Soghluaisteachta Uirbí a dhéanamh do Bhaile Mhuineacháin.** | Maolú | Críochnaíodh an plean. | Taisteal Gníomhach, Bóithre | An Roinn Iompair, ÚNI | 4 bliana |
| **DZ T. 17** | **An Clár Bealaí Sábháilte ar Scoil a chur chun cinn agus tacú leis chun an fhoireann agus na scoláirí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna laistigh den DZ a spreagadh siúl agus rothaíocht.** An aird mar is cuí a thabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cosúil leis an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir áitiúil agus oidhreacht chultúrtha. | Le chéile | bonneagar siúil agus rothaíochta a sholáthar ar phríomhbhealaí rochtana go scoileanna. | Taisteal Gníomhach | An Roinn Iompair, ÚNI | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

# 4.10 Gníomhartha an DZ - an Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas

**An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas**

**Cuspóirí an DZ:**
1. Timpeallacht nádúrtha agus bithéagsúlacht DZ Bhaile Mhuineacháin a fheabhsú agus a chosaint.
2. Tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn.
3. Spásanna glasa beoga a chruthú don phobal.

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ NGI. 1** | **Máistirphlean bonneagair ghlais a fhorbairt do Bhaile Mhuineacháin le pleanáil a chomhordú d'fheabhsú na timpeallachta nádúrtha agus le spás glas agus glasbhealaí poiblí a cheangal laistigh den DZ,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar ar bhreithnithe cosanta an chomhshaoil agus ar dheiseanna do chomhthairbhí um ghníomhú ar son na haeráide. | Le chéile | Plean arna fhorbairt. | Pleanáil | Oifigeach Bithéagsúlachta, Taisteal Gníomhach agus Oidhreacht. | 2 bhliain |
| **DZ NGI. 2** | **Gnóthú bithéagsúlachta agus ceapadh carbóin a chur chun cinn i mBaile Mhuineacháin trí speicis dhúchasacha a chur go straitéiseach do gach forbairt nua.** | Le chéile | Líon Crann/ Plandaí Dúchasacha a cuireadh. | Oifigeach Bithéagsúlachta agus Pleanáil | Ceantair Bhardasacha, Gairneolaí | 2 bhliain |
| **DZ NGI. 3** | **Tacú le spásanna glasa poiblí agus ceangailte a chruthú i mBaile Mhuineacháin le sláinte agus folláine agus bithéagsúlacht a fheabhsú.** | Le chéile | Heicteáir de Spás Glas | Oifigeach Bithéagsúlachta, Pleanáil | Gairneolaí | 3 bliana |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | **Cuspóirí an DZ:**<br>1. Timpeallacht nádúrtha agus bithéagsúlacht DZ Bhaile Mhuineacháin a fheabhsú agus a chosaint.<br>2. Tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn.<br>3. Spásanna glasa beoga a chruthú don phobal. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomh Uimh.:** | **Gníomh** | **Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile** | **KPI** | **Ceannasaí ÚÁ** | **Comhpháirtithe** | **Amfhráma** |
| **DZ NGI. 4** | **Tacú le bonneagar glas agus le réitigh dhúlrabhunaithe, cosúil le córais draenála uirbí inbhuanaithe chun feabhas a chur ar theacht aniar aeráide,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar an ngá le réitigh dhúlrabhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ar íogaireacht chomhshaoil, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruachánacha agus éiceolaíocht uisceach, luach taitneamhachta amhairc agus caitheamh aimsire agus áineasa san áireamh. | Oiriúnú | Céatadán Heicteár ar a bhfreastalaíonn Scéimeanna Draenála Inbhuanaithe. | Pleanáil | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 5 bliana. |
| **DZ NGI. 5** | **Bailiú báistí, athúsáid a bhaint as uisce liath agus díonta agus ballaí glasa a chur chun cinn,** agus an aird mar is cuí á tabhairt ar íogaireacht chomhshaoil, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, luach taitneamhachta amhairc agus caitheamh aimsire agus áineasa san áireamh. | Oiriúnú | Líon tionscadal | Pleanáil | Ceantair Bhardasach | Bliantúil |
| **DZ NGI. 6** | **Triail phíolótach a bhaint as tionscadal múirínithe chun cur amú bia sa DZ a bhainistiú.** | Maolú | Ceantar Bardasach | Climate Action and Environment | | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas | Cuspóirí an DZ:<br>1. Timpeallacht nádúrtha agus bithéagsúlacht DZ Bhaile Mhuineacháin a fheabhsú agus a chosaint.<br>2. Tacú le réitigh dhúlrabhunaithe ar mhaithe le teacht aniar aeráide agus laghduithe ar astaíochtaí agus bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn.<br>3. Spásanna glasa beoga a chruthú don phobal. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ NGI. 7** | **Tacú le haistriú na hearnála talmhaíochta go teicnící feirmeoireachta níos inbhuanaithe trí chláir cosúil le clár Comharthaí Eolais Teagasc.** | Le chéile | Tuairisc ar rannpháirtíocht / imeachtaí. | Oifigeach Bithéagsúlachta | An Comhshaol | 1 bhliain |
| **DZ NGI. 8** | **Úsáid Gliofosáite a laghdú i rith thionacht an phlean seo. Díriú ar a bheith saor ó Ghliofosáit faoin mbliain 2028.** | Maolú | Laghdú gach bliain ar úsáid gliofosáite. | Ceantar Bardasach, Gairneolaí. | | 5 bliana |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

# 4.11 Gníomhartha an DZ - Pobail: Teacht Aniar/Aistriú

**Pobail: Teacht Aniar/Aistriú**

**Cuspóirí an DZ:**
1. Pobail agus saoránaigh a spreagadh chun gnímh agus tacú leo chun gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a sholáthar le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar.
2. Seaimpíní aeráide pobail agus gnó a chumasú ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.
3. Eifeachtúlacht fuinnimh, a iarfheistiú agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i measc an phobail..

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ CRT. 1 | **Plean cumarsáide bliantúil a fhorbairt le feasacht a mhúscailt ar an DZ agus le saoránaigh a spreagadh chun gnímh i ngníomhú ar son na haeráide.** | Le chéile | Plean arna fhorbairt. | An Pobal | Seirbhísí Corparáideacha | Bliantúil |
| DZ CRT. 2 | **Réimse ábhair eolais a fhorbairt le heolas a sholáthar do shaoránaigh an t-aistriú aeráide ina saol féin a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.** | Le chéile | Líon tacaíochtaí eolais a forbraíodh. | An Pobal | | 1 bhliain |
| DZ CRT. 3 | **'Seaimpíní Inbhuanaitheachta' a shainaithint agus oiliúint a chur orthu agus acmhainn a sholáthar dóibh, ar féidir leo gníomhú mar lucht tacaíochta dá n-earnálacha chun cuideachtaí eile laistigh den DZ a spreagadh.** | Le chéile | Líon seaimpíní ar cuireadh oiliúint orthu. | LEO | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2 bhliain |
| DZ CRT. 4 | **Dáileadh Pacaí Coigilte Fuinnimh ar an bpobal a éascú trí leabharlanna áitiúla.** | Maolú | Líon pacaí a dáileadh. | Leabharlanna | | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath* ***gorm*** *an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| Pobail: Teacht Aniar/Aistriú | **Cuspóirí an DZ:**<br>1. Pobail agus saoránaigh a spreagadh chun gnímh agus tacú leo chun gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a sholáthar le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar.<br>2. Seaimpíní aeráide pobail agus gnó a chumasú ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.<br>3. Eifeachtúlacht fuinnimh, a iarfheistiú agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i measc an phobail.. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ CRT. 5 | **Tacú le Pobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) a fhorbairt laistigh de DZ Bhaile Mhuineacháin.** | Maolú | SEC bunaithe. | An Pobal | LEO | 2 bhliain |
| DZ CRT. 6 | **Imeacht bliantúil ionaid ilfhreastail a chur ar siúl le hiarfheistiú foirgneamh príobháideach a chur chun cinn agus tuiscint an phobail ar ghníomhú ar son na haeráide a mhéadú.** | Le chéile | Imeachtaí ionaid ilfhreastail curtha ar bun. | An Pobal | | Gach Bliain |
| DZ CRT. 7 | **Feasacht ar na tionscnaimh rathúla um ghníomhú ar son na haeráide faoina dtugann gnólachtaí áitiúla a chur chun cinn agus a mhúscailt.** | Le chéile | Líon gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a cuireadh chun cinn. | Foirne Baile agus an Rannóg um Thacaíocht le Gnólachtaí. | | 2 bhliain |
| DZ CRT. 8 | **Dhá imeacht gnó 'Inbhuanaithe' a bhaineann go earnáil le hearnáil a chur ar bun laistigh den DZ.** | Maolú | Líon imeachtaí a cuireadh ar bun. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol | LEO | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| Pobail: Teacht Aniar/Aistriú | **Cuspóirí an DZ:**<br>1. Pobail agus saoránaigh a spreagadh chun gnímh agus tacú leo chun gníomhartha áitiúla ar son na haeráide a sholáthar le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar theacht aniar.<br>2. Seaimpíní aeráide pobail agus gnó a chumasú ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.<br>3. Eifeachtúlacht fuinnimh, a iarfheistiú agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i measc an phobail.. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ CRT. 9 | **Tabhairt faoi staidéar indéantachta lena dheimhniú an gá atá le scéim 'Creidiúnú Glas' do mhicreaghnóthaí agus do ghnólachtaí beaga.** | Le chéile | Tugadh faoi staidéar indéantachta. | Pleanáil | LEO | 2 bhliain |
| DZ CRT. 10 | **An earnáil chruthaitheach a spreagadh chun gnímh trí Fheachtas Ealaíon le béim a leagan ar na huaillmhianta agus ar na cuspóirí an Chreasa Dícharbónaithe.** | Maolú | Feachtas Ealaíon curtha ar bun. | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide, Leabharlanna, Músaem, Oifig Oidhreachta, Oifig Ealaíon agus Éire Ildánach. | 2 bhliain |
| DZ CRT. 11 | **Scéim dreasachta do ghnólachtaí a fhiosrú chun tacú leo agus gradaim a bhronnadh orthu i ngeall ar ghníomhú dearfach ar son na haeráide.** | Le chéile | Tugadh faoi Staidéar Indéantachta. | LEO | An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí | Gach Bliain |
| DZ CRT. 12 | **An bonneagar a theastaíonn a fhiosrú chun gás in-athnuaite a thabhairt go limistéar an DZ.** | Maolú | Tugadh faoi staidéar indéantachta. | Pleanáil | An Comhshaol | 2 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

## 4.12 Gníomhartha an DZ - Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní

| Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe | Cuspóirí an DZ:<br>1. A chinntiú go gcruthaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin agus ciorclach laistigh dá heagraíocht féin.<br>2. Pobail a chur chun cinn agus tacú leo chun gníomhartha a sholáthar chun tacú le geilleagar inbhuanaithe. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DZ SRM. 1 | **An soilsiú poiblí go léir i Muineachán a uasghrádú go soilse LED chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.** | Maolú | Céatadán soilsithe phoiblí a uasghrádaíodh. | Sócmhainní Corparáideacha | Bóithre | Críochnaithe |
| DZ SRM. 2 | **Aistriú i dtreo leictreachas in-athnuaite 100%.** | Maolú | Céatadán de leictreachas in-athnuaite a soláthraíodh. | Seirbhísí Corparáideacha | Soláthar | 5 bliana |
| DZ SRM. 3 | **A chinntiú go dtagann CCM leis an ngeilleagar ciorclach (e.g. táirgí aonúsáide ar bith).** | Maolú | Níor soláthraíodh aon táirgí aonúsáide. | Soláthar | Seirbhísí Corparáideacha | 1 bhliain |
| DZ SRM. 4 | **Tacaíochtaí eolais a fhorbairt le coincheap na roinnte, na hathúsáide, agus an deisithe i measc pobal a chur chun cinn.** | Le chéile | Líon tacaíochtaí eolais a forbraíodh. | An Comhshaol | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 1 bhliain |
| DZ SRM. 5 | **Tacaíocht a thabhairt don phlaisteach aonúsáide go léir a bhaint laistigh de limistéir an DZ.** | Maolú | Líon páirtithe leasmhara a fostaíodh. Méid de laghdú ar phlaistigh aonúsáide. | An Comhshaol | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | 1 bhliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath **gorm** an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

| Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe | **Cuspóirí an DZ:**<br>1. A chinntiú go gcruthaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin agus ciorclach laistigh dá heagraíocht féin.<br>2. Pobail a chur chun cinn agus tacú leo chun gníomhartha a sholáthar chun tacú le geilleagar inbhuanaithe. |
|---|---|

| Gníomh Uimh.: | Gníomh | Gníomh Oiriúnú nó Maolú nó le chéile | KPI | Ceannasaí ÚÁ | Comhpháirtithe | Amfhráma |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **DZ SRM. 6** | **Taisteal gníomhach a fheabhsú agus a spreagadh, saoráidí deisithe rothar a chur isteach ar rotharbhealaí a bhfuil an-tóir orthu.** | Maolú | Líon saoráidí deisithe rothar a cuireadh isteach. | Taisteal Gníomhach | An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide | Gach Bliain |
| **DZ SRM. 7** | **Araidí dlúthóra gréine ag a bhfuil saoráid bhailithe chliste a chur isteach.** | Maolú | Líon araidí dlúthóra gréine a cuireadh isteach. | Ceantar Bardasach | An Comhshaol | Gach Bliain |

*Tugtar le fios i ngníomhartha ar a bhfuil dath* ***gorm*** *an áit a bhfuil rialú díreach ag CCM ar chur i bhfeidhm.*

# 5

# CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ



## 5.1 Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú

Cuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo i bhfeidhm. Cé go bhfuil cur chuige uile-Chomhairle ag teastáil ón bplean, tá an Plean faoi úinéireacht na Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tosófar leis an gcéim um chur i bhfeidhm agus tuairisciú láithreach tar éis go nglacfar leis an bPlean deiridh agus go bhfoilseofar é agus cuirtear na príomhchéimeanna le haghaidh cur i bhfeidhm i láthair i bhFíor 41 agus tugtar achoimre orthu sna míreanna seo a leanas.

| Pleanáil le haghaidh cur i bhfeidhm | Dul chun cinn a rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta | Riachtanais tuairiscithe |
|---|---|---|
| • Cuntas a thabhairt ar an ngealltanas chun cur i bhfeidhm sa phlean um ghníomhú ar son na haeráide<br>• Struchtú(i)r rialachais agus c(h)omhordaithe a ghníomhachtú chun tacú le cur i bhfeidhm | • KPIanna ar leibhéal plean a cheapadh<br>• Breithnithe a chuimsiú maidir le KPIanna earnála nuair atá fáil orthu | • Tuairisciú inmheánach<br>• Tuairisciú M agus T<br>• Tuairisciú ar an bplean údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide<br>• Tuairisciú ar fheidhmíocht earnála rialtais áitiúil |

*Fíor 41 - An Próiseas um Chur i bhFeidhm agus Tuairisciú*

Bunaíodh Croífhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2023. Tá Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide san fhoireann seo. Is é ról na foirne seo gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú a chuimsiú isteach i ngníomhaíochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha agus tuairisciú agus measúnú an Phlean a chomhordú, tar éis go nglacfaidh na Baill Thofa leis. Tacaíonn na foirne um ghníomhú ar son na haeráide níos fairsinge ar fud na heagraíochta leis an gcroí-Aonad um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhfuil úinéireacht acu ar ghníomhartha ar leith sa Phlean. Áirítear leo seo na Stiúrthóireachtaí seo a leanas:

- Seirbhísí Corparáideacha agus Nuálaíocht
- Forbairt Gheilleagrach, Pleanáil agus Tionscadail Chaipitil
- Iompar, pobal, agus forbairt tuaithe.
- Airgeadas, Tithíocht agus cultúr.
- Gníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaol agus Seirbhísí Uisce.

Oibrítear roinnt limistéir ábhartha seirbhíse sna Stiúrthóireachtaí seo, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Dóiteáin, Pobal agus Fiontraíocht, Bóithre agus Iompar, Seirbhísí Comhshaoil, Pleanáil, Oidhreacht agus Bithéagsúlacht, Oifig Fiontair Áitiúil, Airgeadas, Tithíocht, Forbairt Gheilleagrach, Ceantair Bhardasacha, Acmhainní Daonna, Tionscadail Chaipitil, Seirbhísí Corparáideacha, Teicneolaíocht Faisnéise agus Turasóireacht ina measc.

Oibreoidh an Chomhairle go comhoibritheach agus i gcomhpháirtíocht le réimse príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le soláthar an Phlean seo. Áirítear leis na páirtithe leasmhara seo, ach níl siad teoranta dóibh – údaráis áitiúla in aice láimhe i **gComhairle Contae an Chabháin, Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae na Mí**, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Láir Tíre, an SEAI, an Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Aoisbhá Éireann, Comhairle na nÓg. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo deiseanna a sholáthar do chomhoibriú ar thionscadail, foghlaim chomhroinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna cistithe a ghiaráil fad atá na gníomhartha sa Phlean á gcur i bhfeidhm.

Is soiléir, chomh maith, gur dúshlán trasteorann é athrú aeráide; tá níos mó i gceist leis ná díreach teorainneacha polaitiúla agus tíreolaíocha. Ar an ábhar sin, rinne na húdaráis áitiúla in Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus Lár Tíre aontú le cur chuige réigiúnach inar féidir leo comhoibriú go dlúth maidir leis na Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.

## 5.2 Cistiú agus Comhpháirtíochtaí

Le ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an t-aistriú a chur chun cinn chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, teastóidh ó Chomhairle Contae Mhuineacháin teacht ar chistiú leordhóthanach do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide i dtreo a spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach. Is féidir le húdaráis áitiúla teacht ar shaghsanna éagsúla de chistiú cosúil le deontais rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht san earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Aithnítear, cé go bhféadfadh glaonna nua spriocdhírithe ar chistiú do ghníomhú ar son na haeráide a bheith ar fáil amach anseo, déanfaidh comhlachtaí cistithe atá bunaithe cheana féin an lé sruthanna cistithe a thabhairt isteach nó a mhéadú do chatagóirí atá dírithe ar ghníomhú ar son na haeráide. Leanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin ag dul sa tóir go gníomhach ar dheiseanna nua agus reatha cistithe ó chomhlachtaí Eorpacha agus Náisiúnta a thagann lena gcuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide.

Tugtar liosta de cheithre shampla de thionscadail rathúla um Ghníomhú ar son na hAeráide a fuair cistiú seachtrach cheana féin thíos.

### Sliabh Beatha - an tionscadal Gníomh Comhoibritheach do Líonra Natura (CANN)

Tionscadal trasteorann comhshaoil a bhí sa tionscadal ina raibh Sliabh Beatha ina láithreán ar tugadh tús áite dó. Ba í aidhm an tionscadail feabhas a chur ar an mbail ar ghnáthóga cosanta agus tacú le speicis a dtugtar tús áite dóibh. Rinneadh seo trí réimse bearta caomhnaithe, blocáil draenacha, speicis ionracha a bhaint, cosc a chur ar dhóiteáin etc. a dhéanann an bratphortach a athfhliuchadh, go bunúsach. Forbraíodh pleananna gníomhaíochta caomhnaithe agus plean bainistíochta dóiteán le Sliabh Beatha a chosaint agus a chaomhnú amach anseo. Acmhainn fhíorluachmhar iad bratphortaigh i dtaobh gníomhú ar son na haeráide mar gheall go stóráiltear carbón iontu trí cheapadh carbóin. Chabhraigh tionscadal CANN le breis agus 1,000 heicteár de bhratphortach i gceantar Shliabh Beatha a chaomhnú.



*Fíor 42 - Tionscadal Shliabh Beatha.*

## Aonad Fuinnimh Réigiún na Teorann

Bunaíodh Aonad Fuinnimh Réigiún na Teorann le cistiú Pathfinder a fháil ón SEAI. Tháinig trí Údarás Áitiúla, Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae Liatroma, le chéile chun cabhrú le dul i ngleic lena gcomhspriocanna um maolú aeráide. Is féidir le húdaráis áitiúla cistiú meaitseáilte a fháil ón SEAI tríd an gclár seo le héifeachtúlacht fuinnimh a bhfoirgneamh a mhéadú agus leis an lorg carbóin a laghdú chomh maith.

## Tionscadal Iarfheistithe Soilsithe Phoiblí LED:

Bhí 100% dá shoilsiú poiblí a iarfheistithe go soilsiú LED faoi dheireadh 2021 ag CCM. Sular tosaíodh an tionscadal, b'ionann ídiú fuinnimh do shoilsiú sráide agus 3.26GWh, tá laghdú breis agus 50% go 1.44GWh tagtha air seo ó críochnaíodh an tionscadal, agus laghdaigh seo ár mbillí fuinnimh go substainteach. Ba é CCM an chéad údarás áitiúil a rinne a shoilsiú sráide go léir a iarfheistiú, a leagann béim ar an gcinnteoireacht nuálach a rinne an Chomhairle. I gcaitheamh shaolré an tionscadal, rinneadh breis agus 530,000kg d'astaíochtaí $CO_2$ a sheach-chur anuas ar choigiltí suntasach costais fuinnimh.



*Fíor 43 - Soilsiú Poiblí CCM a Iarfheistíodh le LEDanna.*

## Clár Píolótach maidir le hÁbhair Cheangailte Ísealfhuinnimh (LEBM) ina n-úsáidtear Pábháil Asfailt Athghafa (RAP).

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag obair faoi láthair leis an Roinn iompair agus le Bonneagar Iompair Éireann le hábhar ceangailte ísealfuinnimh a fhorbairt do bhóithre. Tionscadal leanúnach é seo ar baineadh triail as i roinnt limistéir. D'fhéadfadh sé astaíochtaí a laghdú faoi mhéid measta 44 tonna C02 in aghaidh an chiliméadair d'ábhar a leagtar i gcomparáid leis an meascán caighdeánach bóthair.



*Fíor 44 - Tionscadal LEBM agus RAP.*

Tá baint lárnach freisin ag comhpháirtíochtaí le réitigh ísealcharbóin a bhaint amach don earnáil. Tá ról á ghlacadh ag an earnáil phríobháideach cheana féin i dtreo an Cuspóir Aeráide Náisiúnta a bhaint amach agus is féidir leis an saghas seo comhoibrithe feabhas fiú níos mó a chur ar chumas na hearnála laghduithe 51% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann a bhaint amach agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi thráth nach déanaí ná 2050.

Tá tairbhí ann freisin don earnáil rialtais áitiúil i dtaobh dul i gcomhpháirt leis an earnáil Tríú Leibhéal. Is féidir leis an earnáil Tríú Leibhéal saineolas taighde agus forbartha a sholáthar chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú d'athrú aeráide. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí seo cabhrú le húdaráis áitiúla freisin teacht ar dheiseanna cistithe do thionscadail agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Spreagfaidh agus éascóidh Comhairle Contae Mhuineacháin comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil Tríú Leibhéal, sa chás gur féidir.

## 5.3 Rianú ar Dhul chun Cinn Gníomhartha ar son na hAeráide

Leanfar le feidhmíocht Chomhairle Contae Mhuineacháin i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus na laghduithe ar astaíochtaí a sholáthar a bhaineann le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle, faoi mar a fhorordaítear in oibleagáidí náisiúnta aeráide, a rianú tríd an gcóras bunaithe Monatóireachta agus Tuairiscithe (M agus T) atá á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI).

I gcás gníomhartha eile ina dhiaidh seo, is trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) Earnála é ceann de na bealaí tuairiscithe a ndéanann Comhairle Contae Mhuineacháin idirchaidreamh leo le dul chun cinn maidir le soláthar gníomhartha a chur in iúl. Cuireann seo eolas ar fáil d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Rinne beartas treisithe um ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal náisiúnta freagairt agus tiomantas diongbháilte ag an rialtas áitiúil, mar earnáil. Leagtar an tiomantas seo amach sa straitéis a d'fhoilsigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) thar ceann an rialtais áitiúil dar teideal Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sholáthar 2030 (DECA 2021).

Príomhní atá le cur san áireamh ag an earnáil rialtais áitiúil maidir leis an ról neartaithe seo maidir le gníomhú ar son na haeráide is ea cuntasacht agus, ach go háirithe, an cumas dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú i dtaobh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar ar leibhéil údaráis áitiúil agus earnála. Leanfaidh PTFanna ina leith seo ag glacadh le ról suntasach.

Bailíonn na CAROanna, anuas ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an GBRÁ) sonraí ar bhonn bliantúil a bhaineann le réimse téamaí, an méid seo a leanas ina measc:

- Acmhainní um Ghníomhú ar son na hAeráide;
- Oiliúint ar Ghníomhú ar son na hAeráide don fhoireann údaráis áitiúil agus do bhaill thofa;
- Gníomhartha a soláthraíodh;
- Tacaíocht fiontraíochta i limistéar an ghníomhaithe ar son na haeráide;
- Éifeachtúlacht fuinnimh;
- Laghduithe ar astaíochtaí;
- Bearta taistil ghníomhaigh, agus
- Freagairt d'adhaimsir.

Leanfaidh an earnáil le KPIanna a chur leis faoi mar is gá agus cuirfidh Comhairle Contae Mhuineacháin an t-eolas ábhartha leis, mar is gá, chun cabhrú le dul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil a thabhairt chun solais maidir le gníomhú ar son na haeráide.

## 5.4 Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe

### 5.4.1 Tuairisciú Inmheánach

Lena chinntiú go ndéantar soláthar go tráthúil, déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí chóras monatóireachta intí. Éascóidh an t-údarás áitiúil tuairisciú freisin le baill thofa ar bhonn bliantúil.

### 5.4.2 Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M agus T)

Leanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin ag tuairisciú ar a bhfeidhmíocht fuinnimh agus ar a spriocanna astaíochtaí gach bliain leis an SEAI.

### 5.4.3 Feidhmíocht na hEarnála

Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin tuairisciú gach bliain ar a bhfeidhmíocht i leith gníomhú ar son na haeráide trí KPIanna chun eolas a chur ar fáil d'fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide, mar chuid de Straitéis 2030 DECA an rialtais áitiúil.

### 5.4.4 An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide

I gcomhréir le cuid 3(w) den Chairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, tuairisceoidh Comhairle Contae Mhuineacháin gach bliain leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an DECC) agus le baill thofa ar dhul chun cinn ar ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil mar chuid den chuspóir náisiúnta aeráide a sholáthar. Tuairisceofar ar dhul chun cinn ar na gníomhartha go léir trí uirlis tuairiscithe a d'fhorbair CARO.

### 5.4.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag oibriú le SDGanna a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas ina measc:

- SDGanna a chuimsiú isteach ina bPleananna Forbartha Corparáideacha agus Contae;
- comhpháirtíochtaí áitiúla agus/nó idirnáisiúnta a chruthú/a bhunú;
- uirlis léarscáilithe a fhorbairt chun gníomhartha a bhaineann le SDG a léarscáiliú i limistéar na Comhairle
- oiliúint a sholáthar, agus:
- imeachtaí eolais a chur ar siúl le grúpaí seachtracha, ollscoileanna, PPNanna, Bailte Slachtmhara agus Éire Ildánach ina measc.

### 5.4.6 Maoirseacht

Cé go gcuirfidh an Chomhairle an Plean i bhfeidhm agus go ndéanfaidh siad monatóireacht air, déanfar maoirseacht ar an gcur i bhfeidhm seo trí roinnt páirtithe trí roinnt meicníochtaí reatha, cosúil le:

- Lorgaíonn an SEAI eolas leanúnach ar fhuinneamh agus astaíochtaí ón gComhairle agus leanfaidh seo tríd an bPlean a chur i bhfeidhm;
- Ar an gcuma chéanna, lorgóidh CARO sonraí agus eolas bliantúil ón gComhairle chun eolas a chur ar fáil don fhardal náisiúnta astaíochtaí; agus
- Déanfaidh an DECC maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Phlean agus is féidir leo treoirlínte a eisiúint maidir leis an bPlean nach mór don Chomhairle cloí leo.

### 5.4.7 Comhoibriú

Faoi mar a tugadh faoi deara sa Phlean, rachaidh an Chomhairle i mbun na ngníomhartha a theastaíonn le hastaíochtaí a laghdú óna gcroí-oibríochtaí agus óna limistéir soláthair seirbhíse. Teastaíonn gníomhú pobail comhoibritheach freisin ó áiteanna laistigh den chontae lena chinntiú go soláthraítear gníomhartha an phlean chun cabhrú le spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

Tacóidh an Chomhairle le gach saoránach chun geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus atá neodrach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Mhuineachán.

# Aguisín A: Gluais

**Bithéagsúlacht**: Tagraíonn seo don éagsúlacht bheatha phlandaí agus ainmhithe i limistéar agus conas a idirghníomhaíonn siad lena chéile laistigh de ghnáthóga agus d'éiceachórais (cosúil le lochanna agus foraois dhúchasach).

**Bithmheatán**: Is é meatán bithghineach meatán a tháirgtear agus a scaoiltear ó orgánaigh bheo, cosúil le plandaí agus ainmhithe. Cuireann meatán go suntasach le téamh domhanda (féach an sainmhíniú ar mheatán).

**Rátáil Fuinnimh Foirgnimh**: Is é BER (Building Energy Rating) an giorrúchán do Rátáil Fuinnimh Foirgnimh: Taispeántar duit ar dheimhniú BER feidhmíocht fuinnimh d'áite cónaithe. Tugann sé le fios cruinn go leor cé mhéid a chaithfidh tú ar fhuinneamh (cosúil le téamh agus solas) agus cé mhéid carbóin a chruthóidh tú le d'áit chónaithe a théamh aníos go leibhéal compordach. Idir A agus G atá an rátáil BER. Is iad áiteanna cónaithe ag a bhfuil rátáil A iad siúd is tíosaí ar fhuinneamh, is compordaí agus is gnách go mbíonn na billí fuinnimh is ísle acu. Is iad áiteanna cónaithe ag a bhfuil rátáil G is iad is lú is tíosaí ar fhuinneamh agus teastaíonn go leor fuinnimh uathu leis an áit chónaithe a théamh.

**Timpeallacht Thógtha**: Tagraíonn seo do struchtúir a thógaimid agus dá dtimpeallacht máguaird, cosúil le droichid, bóithre agus cosáin.

**Buiséid Charbóin**: Déanann roinnt tíortha teorainn a chur i mbeartas nó i ndlí ar an méid gáis cheaptha teasa a astaíonn siad i rith tréimhse sheasta trí bhuiséad carbóin. Socrófar an buiséad carbóin sa dlí in Éirinn. Leagtar amach sa Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) conas a shocrófar buiséid carbóin in Éirinn. Cuirfidh an rialtas an buiséad carbóin i bhfeidhm le comhairle ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Déanfar sraith buiséid carbóin agus bíonn gach ceann i bhfeidhm ar feadh cúig bliana.

**Dé-ocsaíd Charbóin**: Gás ceaptha teasa cumhachtach í dé-ocsaíd charbóin. Tá sí mar chuid nádúrtha den aer a análaimid. Tháinig méadú ar CO2 san aer a chuireann le hathrú aeráide de bharr ghníomhaíochtaí an duine, áfach, cosúil le breoslaí iontaise a dhó agus dífhoraoisiú.

**Astaíochtaí Carbóin**: Cruthaítear astaíochtaí carbóin nuair a scaoiltear gáis ar leith isteach san aer ó ghníomhaíochtaí cosúil le breoslaí iontaise a dhó d'fhuinneamh. Áirítear leis gáis cosúil le dé-ocsaíd charbóin agus meatán. Is amhlaidh seo mar gheall go bhfuil carbón iontu araon. Úsáidtear 'astaíochtaí carbóin', amanna mar leagan níos giorra chun cur síos a dhéanamh ar gach gás ceaptha teasa.

**Lorg Carbóin**: Déanann lorg carbóin na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gníomhaíocht nó le táirge ar leith a thomhas. Áirítear leis astaíochtaí a bhaineann le gach céim de tháirge a dhéanamh agus a úsáid nó le tabhairt faoi ghníomhaíocht.

**Neodrach ó thaobh Carbóin**: Ciallaíonn seo gurb ionann an méid gás ceaptha teasa a scaoiltear isteach san aer agus an méid a bhaintear ón aer.

**Geilleagar Ciorclach**: Úsáideann an saghas seo geilleagair cur chuige níos éifeachtúla agus ísealcharbóin. Cinntíonn sé go laghdaímid agus go n-athúsáidimid táirgí agus ábhair chun go gcruthaítear níos lú dramhaíola.

**An Aeráid**: Ciallaíonn aeráid na meándálaí aimsire i réigiún i rith tréimhse fhada ama — de ghnáth 30 bliain nó níos faide. Is í an difríocht mhór idir aeráid agus aimsir ná an fad ama atá i gceist. Is féidir leis an aimsir athrú ó nóiméad go nóiméad, ó lá go lá, ach is í aeráid an mheánaimsir i rith tréimhse fhada ama i limistéar sonrach.

**An Bille um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú)**: Dlí nua é seo atá á fhorbairt ina leagtar sprioc amach go mbeidh geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá neodrach ó thaobh na haeráide in Éirinn faoin mbliain 2050. Tugaimid 'cuspóir aeráide náisiúnta 2050' air seo. Iarrann sé ar an Rialtas sraith buiséid carbóin a leagan amach agus bronnann sé ról nua ar an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide chun cabhrú leis na buiséid seo a fhorbairt. Leagtar amach ann, chomh maith, na próisis don bhealach a fhorbraímid ár bpleananna agus ár mbeartais aeráide chun cabhrú linn ár gcuspóirí aeráide a bhaint. Mar shampla, caithfear an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú gach bliain.

**Athrú Aeráide**: Athrú é seo ar phatrúin aimsire fhadtéarmacha mar gheall ar fhórsaí nádúrtha, nó ar ghníomhaíocht dhaonna, nó ar an dá rud.

**Teacht Aniar Aeráide**: An cumas dul i ngleic le tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide ar bhealach a laghdaíonn na tionchair seo ar dhaoine agus ar an gcomhshaol agus a thagann i dtír ar aon deiseanna dearfacha.

**Dícharbónú**: Tarlaíonn seo nuair a stadaimid d'úsáid a bhaint as breoslaí iontaise ar fud na tíre iomláine.

**Astaíochtaí Tuartha**: Is iad seo na meastacháin ionchasacha (réamh-mheastacháin) ar an méid gáis cheaptha teasa a scaoiltear gach bliain a fhaide le 2040. Ullmhaíonn an EPA na réamh-mheastacháin oifigiúla ar astaíochtaí d'Éirinn. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar bheartas Rialtais reatha agus pleanáilte, agus cabhraíonn siad linn a thabhairt faoi deara conas atá ag éirí linn i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

**Nochtadh**: Tagraíonn seo do shócmhainní, bonneagar, réadmhaoin, daoine, slite maireachtála, speicis nó éiceachórais, feidhmeanna comhshaoil, seirbhísí agus acmhainní a bheith ann in áiteanna nó i suíomhanna a bhféadfadh teagmhais adhaimsire difear a dhéanamh dóibh.

**Breoslaí Iontaise**: Breoslaí – cosúil le gual, gás, móin agus ola – a chruthaítear sa talamh i gcaitheamh tréimhse na mílte nó na milliún blianta ó phlandaí agus ainmhithe marbha agus a ídítear iad a luaithe a dhóitear iad ar mhaithe le fuinneamh.

**Acmhainneacht Téite Domhanda**: Tomhas ar cé mhéid teasa a ghabhann gás ceaptha teasa san atmaisféar (ar a dtugtar 'fórsáil radantach') i rith tréimhsí ama áirithe. D'aontaigh Rialtais leis an tomhas seo a úsáid le tionchar astaíochtaí gás éagsúil a shuimiú agus leis an mbealach a thomhas a chuireann siad le téamh domhanda.

**Geilleagar Glas**: Tá geilleagar glas ina gheilleagar ísealcharbóin, atá tíosach ar acmhainní agus ionchuimsitheach go sóisialta.

**Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa**: Gáis a ghabhann teas ó dhromchla an domhain is cúis le téamh san atmaisféar níos ísle agus le caillteanas fuinnimh a mhoilliú ón domhan. Is iad na príomhgháis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil.

**Bonneagar Glas**: Líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádurtha é a phleanáiltear go straitéiseach ina bhfuil gnéithe eile comhshaoil a dheartar agus a bhainistítear chun réimse fairsing de sheirbhísí éiceachórais a sholáthar, agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú i gcomhthráth.

**Mheatán**: Tagann an gás ceaptha teasa cumhachtach seo ó fhoinsí cosúil leis an talmhaíocht, breoslaí iontaise agus dramhaíl. Is féidir é a úsáid mar bhreosla. Mar shampla, meatán den chuid is mó atá i gceist le gás nádúrtha. Is é an dara rud is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn.

**Astaíochtaí atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh**: Tagraíonn seo do chothromaíocht, ar an iomlán, a bhaint amach idir astaíochtaí gás ceaptha teasa a chruthaíonn gníomhaíocht dhaonna agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear ón atmaisféar.

**Foirgnimh beagnach Neodrach ó thaobh Fuinnimh**: Foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige. Ciallaíonn seo go dteastaíonn méid an-íseal fuinnimh uathu, agus go gcuirtear breosla ar fáil go príomha dóibh trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, sna tithe seo nó i ngar dóibh. Beidh áiteanna NZEB níos tíosaí ar fhuinneamh agus déanfaidh siad 70% níos lú dé-ocsaíd charbóin a astú ná na háiteanna cónaithe siúd a tógadh faoi iar-rialacha tógála.

**Comhaontú Pháras**: Glacadh leis an gcomhaontú um athrú aeráide seo atá ina cheangal dlí i bPáras, an Fhrainc, i mí na Nollag 2015. Leagtar amach ann creat domhanda le hathrú aeráide tromchúiseach baolach a sheachaint trí theorainn a chur ar théamh domhanda to go mór faoi bhun 2°C agus iarracht a dhéanamh teorainn a chur air go dtí 1.5°C. Tá mar aidhm aige freisin cumas tíortha a neartú déileáil le tionchair an athraithe aeráide agus tacú leo ina n-iarrachtaí.

**Teacht Aniar**: Is é seo an acmhainn atá ag cúrsaí sóisialta, geilleagracha agus ag éiceachórais dul i ngleic le heachtra, treocht nó suaitheadh guaiseach, agus freagairt ar atheagrú a dhéanamh ar bhealaí a chothaíonn a bhfeidhm, a n-aitheantas agus a struchtúr bunriachtanach.

**Iarfheistiú Fuinnimh**: Maidir le foirgnimh, is ionnan iarfheistiú fuinnimh agus aon rud a dhéantar le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh reatha. Is gnách go n-áirítear leis seo uasghrádú ar insliú an dín agus na mballaí chun cabhrú leis an teas a choimeád istigh agus córais fuinnimh in-athnuaite, cosúil le teaschaidéil, a chur isteach.

**Riosca**: Tá trí ghné ghaolmhara ann – Guais, Nochtadh agus Leochaileacht.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**: Spriocanna iad seo (17, ar an iomlán) a d'fhorbair na Náisiúin Aontaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin phráinneacha chomhshaoil, pholaitiúla agus gheilleagracha atá roimh ár ndomhan. Is é a gcuspóir deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus an pláinéad á chosaint agus borradh geilleagrach á fhás.

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**: Is é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann údarás fuinnimh náisiúnta na hÉireann. Oibríonn an SEAI leis an Rialtas, úinéirí tí, gnólachtaí, agus pobail chun cabhrú le todhchaí ghlan fuinnimh a chruthú.

**Bainistíocht Inbhuanaithe**: Úsáid acmhainní a rialú ar an mbealach siúd a dhéanann soláthar don fháil chothrom agus leanúnach atá orthu ní hamháin don ghlúin reatha ach don ghlúin amach anseo gan aon tionchar díobhálach a imirt ar an gcomhshaol.

**UNFCCC**: Seo an giorrúchán do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide. Conradh idirnáisiúnta é chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Cuireadh i bhfeidhm é in 1994 agus tá ballraíocht nach mór uilíoch aige (197 ball). Déantar Comhaontú Pháras faoin gconradh seo.

**Leochaileacht**: Tagraíonn seo don chlaonadh nó don nádúr go n-imrítear drochthionchar ar rud. Is éard atá i gceist le leochaileacht ná íogaireacht (a thagraíonn don mhéid a ndéanfaidh guaiseacha aeráide drochdhifear nó difear tairbhiúil do nochtadh) agus cumas oiriúnaitheach a thagraíonn do chumas córas, institiúidí, daoine, agus orgánach eile dul in oiriúint do dhíobháil fhéideartha, chun leas a bhaint as deiseanna, nó freagairt d'iarmhairtí.

# Appendix B: Abbreviations

**°C**: Céim Celsius

**AA**: Measúnacht Chuí

**BEI**: Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

**BER**: Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

**CAP**: Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

**CARO**: Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide

**CCAO**: Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

**CCMA**: Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach

**CCRA**: Measúnú Riosca Athraithe Aeráide

**CH4**: Meatán

**CO2**: Dé-ocsaíd Charbóin

**CO2e**: Dé-Ocsaíd Charbóin Choibhéiseach

**CFRAMS**: Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantar-Bhunaithe

**CSO**: An Phríomh-Oifig Staidrimh

**DAFM**: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**DECA**: Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar

**DECC**: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**DETE**: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**DoT**: An Roinn Iompair

**DZ**: Crios Dícharbónaithe

**EPA**: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**AE**: An tAontas Eorpach

**EV**: Feithicil Leictreach

**GHG**: Gás Ceaptha Teasa

**GPP**: Soláthar Poiblí Glas

**GWP**: Acmhainneacht Téite Domhanda

**TF**: Teicneolaíocht Faisnéise

**KPI**: Príomhtháscaire Feidhmíochta

**LAWPRO**: Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil

**LED**: Dé-óid Astaithe Solais

**LEO**: Oifig Fiontair Áitiúil

**LULUCF**: Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht

**CCM**: Comhairle Contae Mhuineacháin

**M agus T Monatóireacht agus Tuairisciú**

**CB**: Ceantar Bardasach

**N2O**: Ocsaíd Nítriúil

**NAF**: Creat Oiriúnaithe Náisiúnta

**NPWS**: An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

**NTA**: An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NZEB**: Foirgneamh beagnach Neodrach ó thaobh Fuinnimh

**OPW**: Oifig na nOibreacha Poiblí

**PPN**: Líonra Rannpháirtíochta Pobail

**PV**: Fótavoltach

**T agus F**: Taighde agus Forbairt

**SAC**: Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta

**SDGanna**: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**SEA**: Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

**SEC**: Pobal Fuinnimh Inmharthana

**SEAI**: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**SPA**: Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta

**SuDS**: Draenáil Inbhuanaithe

**NA**: Na Náisiúin Aontaithe

**UNFCCC**: Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide

Gníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin

Dúthracht agus Dícheall